**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**Strasbourg, 13 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**2022/0047(COD)**
**LEX 2283**

**PE-CONS 49/1/23**
**REV 1**

**TELECOM 237**
**COMPET 781**
**MI 650**
**DATAPROTECT 205**
**JAI 1045**
**PI 116**
**CODEC 1418**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE RIALACHA COMHCHUIBHITHE I dTACA LE ROCHTAIN CHOTHROM AR SHONRAÍ AGUS ÚSÁID CHOTHROM SONRAÍ AGUS LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (AE) 2017/2394 AGUS TREOIR (AE) 2020/1828 (AN GNÍOMH UM SHONRAÍ)

**RIALACHÁN (AE) 2023/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Nollaig 2023**

**maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

[1] IO C 402, 19.10.2022, lch. 5.

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C 365, 23.9.2022, lch. 18.

2 IO C 375, 30.9.2022, lch. 112.

3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Samhain 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 27 Samhain 2023.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le blianta beaga anuas, tá tionchar claochlaitheach á imirt ag teicneolaíochtaí sonraíbhunaithe ar gach earnáil den gheilleagar. An leathadh táirgí atá nasctha leis an idirlíon go háirithe, tá sé ag cur le méid agus luach féideartha na sonraí le haghaidh tomhaltóirí, gnólachtaí agus na sochaí. Méadaítear ar an iomaíochas agus ar an nuálaíocht mar thoradh ar shonraí ardcháilíochta agus idir-inoibritheacha ó réimsí éagsúla agus áirithítear leis na sonraí sin fás eacnamaíoch inbhuanaithe. D'fhéadfaí na sonraí céanna a úsáid agus a athúsáid le haghaidh cuspóirí éagsúla agus gan teorainn, gan aon chailleadh maidir lena cháilíocht nó a chainníocht.

(2) Má bhíonn bacainní ar chomhroinnt sonraí, bíonn cosc ar leithdháileadh optamach sonraí chun leas na sochaí. Áirítear leis na bacainní sin easpa dreasachtaí chun sealbhóirí sonraí a chumasú le comhaontuithe maidir le cosaint sonraí a dhéanamh go deonach, neamhchinnteacht faoi chearta agus oibleagáidí i ndáil le sonraí, na costais a bhaineann le comhéadain theicniúla a chur ar conradh agus a chur chun feidhme, an leibhéal ard d'ilroinnt faisnéise i stórais aonraithe sonraí, drochbhainistiú meiteashonraí, easpa caighdeán maidir le hidir-inoibritheacht shéimeantach agus theicniúil, bacainní a chuireann srian leis an rochtain ar shonraí, easpa cleachtais coiteann um chomhroinnt sonraí agus mí-úsáid míchothromaíochtaí conarthacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí.

(3) In earnálacha inar saintréith iad micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[1] (FBManna), is minic a bhíonn easpa acmhainneachtaí agus scileanna digiteacha ann chun sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid, agus is minic a bhíonn srian leis an rochtain i gcás ina bhfuil na sonraí i seilbh aon ghníomhaí amháin sa chóras nó mar gheall ar easpa idir-inoibritheachta idir sonraí, idir seirbhísí sonraí nó thar theorainneacha.

(4) Chun freastal ar riachtanais an gheilleagair dhigitigh agus chun fáil réidh leis na bacainní ar mhargadh inmheánach dea-fheidhmiúil le haghaidh sonraí, is gá creat comhchuibhithe a leagan síos lena sonraítear cén duine atá i dteideal sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhara a úsáid, cé na coinníollacha a bhaineann leis sin agus cén bunús atá leis. Dá réir sin, níor cheart do na Ballstáit ceanglais náisiúnta bhreise a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir leis na hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, mura ndéantar foráil shonrach maidir leis sin sa Rialachán seo, ós rud é go ndéanfadh sé sin difear do chur i bhfeidhm díreach agus aonfhoirmeach an Rialacháin chéanna. Thairis sin, níor cheart gur dhochar an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais d'oibleagáidí ná do ghealltanais sna comhaontuithe trádála idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas.

---

1 Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(5) Áirithítear leis an Rialachán seo gur féidir le húsáideoirí táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire san Aontas na sonraí a ghintear trí úsáid an táirge nasctha sin nó na seirbhíse gaolmhaire sin a rochtain go tráthúil agus gur féidir leis na húsáideoirí sin na sonraí a úsáid, lena n-áirítear na sonraí a chomhroinnt lena rogha tríú páirtithe. Leis sin, déantar oibleagáid a fhorchur ar shealbhóirí sonraí sonraí a chur ar fáil d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe is rogha don úsáideoir in imthosca áirithe. Áirithítear leis freisin go gcuirfidh sealbhóirí sonraí sonraí ar fáil d'fhaighteoirí sonraí san Aontas faoi théarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach agus ar bhealach trédhearcach. Is príomhghné de chreat foriomlán na comhroinnte sonraí é rialacha an dlí phríobháidigh. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo déantar rialacha dhlí na gconarthaí a oiriúnú agus coisctear dúshaothrú na míchothromaíochtaí conarthacha lena gcuirtear bac ar rochtain chothrom ar shonraí agus ar úsáid chothrom sonraí. Áirithítear leis an Rialachán seo freisin go gcuirfidh sealbhóirí sonraí, i gcás ina bhfuil riachtanas eisceachtúil ann, na sonraí a bhfuil gá leo ar fáil do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí de chuid an Aontais, chun cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe leis an leas poiblí a chur i gcrích. Ina theannta sin, féachtar leis an Rialachán seo leis an malartú idir seirbhísí próiseála sonraí a éascú agus idir-inoibritheacht sonraí agus sásraí agus seirbhísí comhroinnte sonraí san Aontas a fheabhsú. Níor cheart a léirmhíniú leis an Rialachán seo go n-aithnítear nó go dtugtar aon cheart nua do shealbhóirí sonraí úsáid a bhaint as sonraí arna nginiúint trí tháirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar a úsáid.

(6) Is ionann giniúint sonraí agus an toradh ar ghníomhaíochtaí dhá ghníomhaí ar a laghad, go háirithe an dearthóir nó an monaróir táirge nasctha, a d'fhéadfadh a bheith ina sholáthraí seirbhísí gaolmhara i gcuid mhór cásanna chomh maith, agus úsáideoir an táirge nasctha nó na seirbhíse gaolmhaire. Bíonn ceisteanna ann de bharr na giniúna sonraí maidir le cothroime sa gheilleagar digiteach, mar gur ionchur tábhachtach atá sna sonraí a bhíonn á dtaifeadadh ag na táirgí nasctha nó na seirbhísí gaolmhara sin le haghaidh seirbhísí iarmhargaidh, seirbhísí coimhdeacha agus seirbhísí eile. Chun tairbhí tábhachtacha eacnamaíocha sonraí a fhíorú, lena n-áirítear trí chomhroinnt sonraí ar bhonn comhaontuithe deonacha agus trí fhorbairt an chruthaithe luacha agus shonraíbhunaithe ag fiontair de chuid an Aontais, is fearr cur chuige ginearálta i leith cearta a bhaineann le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a shannadh ná cearta eisiacha rochtana agus úsáide a dheonú. Foráiltear leis an Rialachán seo do rialacha cothrománacha a d'fhéadfadh dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar chásanna sonracha na n-earnálacha ábhartha a leanúint.

(7) Déantar coimirciú ar an gceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint go háirithe le Rialacháin (AE) 2016/679[1] agus (AE) 2018/1725[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ina theannta sin, le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], cosnaítear an saol príobháideach agus rúndacht na cumarsáide, lena n-áirítear trí choinníollacha maidir le haon stóráil sonraí pearsanta nó neamhphearsanta i dtrealamh teirminéil nó rochtain ar na sonraí pearsanta nó neamhphearsanta sin ó threalamh teirminéil. Tá na gníomhartha reachtacha sin de chuid an Aontais ina mbunús le próiseáil sonraí inbhuanaithe agus fhreagrach, lena n-áirítear cásanna ina gcuimsítear le tacair sonraí teaglaim de shonraí pearsanta agus neamhphearsanta. Leis an Rialachán seo, comhlánaítear dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint, agus ní dochar é don dlí sin, go háirithe Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus Treoir 2002/58/CE. Níor cheart aon fhoráil den Rialachán seo a chur i bhfeidhm nó a léirmhíniú ar chaoi a laghdódh nó a dteorannódh an ceart chun cosaint sonraí pearsanta nó an ceart chun príobháideachais agus rúndacht na cumarsáide.

---

1 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

Le haon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo, ba cheart dlí an Aontais um chosaint sonraí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an ceanglas maidir le bunús dlí bailí le haghaidh próiseála faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, coinníollacha Airteagal 9 den Rialachán sin agus d'Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE. Ní bunús dlí é an Rialachán seo chun go ndéanfadh an sealbhóir sonraí sonraí pearsanta a bhailiú nó a ghiniúint. Leis an Rialachán seo, forchuirtear oibleagáid ar shealbhóirí sonraí, sonraí pearsanta a chur ar fáil d'úsáideoirí nó do thríú páirtithe is rogha d' úsáideoir arna iarraidh sin don úsáideoir sin. Ba cheart rochtain den sórt sin a sholáthar i gcás sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an sealbhóir sonraí ar bhonn aon cheann de na bunúis dlí dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás nach é an t-úsáideoir an t-ábhar sonraí, ní chruthaítear leis an Rialachán seo bunús dlí maidir le rochtain ar shonraí pearsanta a sholáthar nó maidir le sonraí pearsanta a chur ar fáil do thríú páirtí, agus níor cheart a thuiscint as go dtugtar aon cheart nua don sealbhóir sonraí leis chun úsáid a bhaint as sonraí pearsanta a ghintear trí tháirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar a úsáid. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé a bheith chun leas an úsáideora comhlíonadh cheanglais Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 a éascú. Ós rud é nár cheart gur dhochar an Rialachán seo do chearta cosanta sonraí daoine is ábhar do na sonraí, is féidir leis an sealbhóir sonraí iarrataí sna cásanna sin a chomhlíonadh, *inter alia*, trí shonraí pearsanta a anaithnidiú nó, i gcás ina bhfuil sonraí pearsanta ó roinnt ábhar sonraí sna sonraí atá ar fáil go héasca, trí shonraí pearsanta a bhaineann leis an úsáideoir amháin a tharchur.

(8) Tá prionsabail an íoslaghdaithe sonraí agus na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú bunriachtanach i gcás ina mbíonn rioscaí móra do chearta bunúsacha an duine ann mar thoradh ar an bpróiseáil. Agus an úrscothacht á cur san áireamh, ba cheart do gach páirtí sa chomhroinnt sonraí, lena n-áirítear comhroinnt sonraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun na cearta sin a chosaint. Áirítear leis na bearta sin ní hamháin bréagainmniú agus criptiú ach freisin úsáid teicneolaíochta a bhfuil a hinfhaighteacht ag méadú de réir a chéile, lena gcumasaítear algartaim a chur i bhfeidhm i leith na sonraí agus léargais luachmhara a bhaint astu gan aistriú idir páirtithe ná cóipeáil neamhriachtanach na sonraí loma nó struchtúrtha féin.

(9) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, ní dhéantar leis difear do dhlí náisiúnta na gconarthaí, lena n-áirítear rialacha maidir le foirmiú, bailíocht nó éifeacht conarthaí, ná do na hiarmhairtí a bhaineann le conradh a fhoirceannadh. Comhlánaítear leis an Rialachán seo dlí an Aontais arb é is aidhm dó leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, agus a sláinte, a sábháilteacht agus a leasanna eacnamaíocha a chosaint, go háirithe Treoir 93/13/CEE ón gComhairle[1] agus Treoracha 2005/29/CE[2] agus 2011/83/AE[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ní dochar é don dlí sin.

---

1 Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).

2 Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoracha 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma’) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

3 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

(10) Ní dochar an Rialachán seo do ghníomhartha dlí de chuid an Aontais agus do ghníomhartha dlí náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le comhroinnt sonraí, rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, nó chun críoch custaim agus cánachais, gan beann ar an mbunús dlí faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar ar glacadh gníomhartha dlí den sórt sin de chuid an Aontais, chomh maith le comhar idirnáisiúnta sa réimse sin, go háirithe ar bhonn Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht, (ETS Uimh 185), arna dhéanamh i mBúdaipeist an 23 Samhain 2001. Áirítear ar ghníomhartha den sórt sin Rialacháin (AE) 2021/784[1], (AE) 2022/2065[2] agus (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]+, agus Treoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le bailiú nó comhroinnt sonraí faoi Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], maidir le rochtain ar na sonraí sin nó maidir lena n-úsáid. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le réimsí nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais agus i gcás ar bith ní dhéantar leis difear d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le slándáil phoiblí, cosaint, ná slándáil náisiúnta, riarachán custaim agus cánach ná sláinte agus sábháilteacht na saoránach, gan beann ar an gcineál eintitis a gcuireann na Ballstáit de chúram air tascanna a chur i gcrích i ndáil leis na hinniúlachtaí sin.

---

1 Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (IO L 172, 17.5.2021, lch. 79).

2 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus chun pianbhreitheanna coimeádta a fhorghníomhú tar éis imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lch. 118).

4 Treoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le bunaíochtaí ainmnithe a ainmniú agus ionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lch. 181).

5 Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).

6 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

(11) Leis an Rialachán seo níor cheart difear a dhéanamh do dhlí an Aontais lena socraítear na ceanglais um dhearadh fisiceach agus um shonraí maidir le táirgí a bheidh le cur ar mhargadh an Aontais, ach amháin má dhéantar foráil shonrach dó sin.

(12) Comhlánaítear leis an Rialachán seo dlí an Aontais agus ní dochar é don dlí céanna arb é is aidhm dó ceanglais inrochtaineachta a bhunú maidir le táirgí agus seirbhísí áirithe, go háirithe Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(13) Ní dochar an Rialachán seo do ghníomhartha dlí náisiúnta agus gníomhartha dlí de chuid an Aontais lena bhforáiltear do chearta maoine intleachtúla a chosaint, lena n-áirítear Treoracha 2001/29/CE[2], 2004/48/CE[3], agus (AE) 2019/790[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

1 Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

2 Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise. (IO L 167, 22.6.2001, lch. 10).

3 Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú. (IO L 157, 30.4.2004, lch. 45).

4 Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

(14) Maidir le táirgí nasctha a fhaigheann, a ghineann nó a bhailíonn, trí bhíthin a gcomhpháirteanna nó a gcórais oibriúcháin, sonraí a bhaineann lena bhfeidhmíocht, lena n-úsáid nó lena dtimpeallacht agus atá in ann na sonraí sin a chur in iúl trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí nasc fisiceach, nó trí rochtain ar ghaireas, ar minic a thugtar Idirlíon na Rudaí Nithiúla air, ba cheart dóibh teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo cé is moite d’fhréamhshamhlacha. Ar na samplaí de sheirbhísí cumarsáide leictreonaí den sórt sin, áirítear go háirithe líonraí teileafóin ar talamh, líonraí teilifíse cábla, líonraí bunaithe ar shatailítí agus líonraí cumarsáide neasréimse. Bíonn táirgí nasctha le fáil i ngach gné den gheilleagar agus den tsochaí, lena n-áirítear sa bhonneagar príobháideach, sibhialta nó tráchtála, feithiclí, trealamh sláinte agus stíle beatha, longa, aerárthaí, trealamh baile agus earraí tomhaltóra, feistí leighis agus sláinte nó innealra talmhaíochta agus tionsclaíoch. Ba cheart do roghanna dearaidh monaróirí, agus, i gcás inarb ábhartha, dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus cuspóirí earnáilsonracha nó ar chinntí ábhartha na n-údarás inniúil, a chinneadh cé na sonraí atá táirge nasctha in ann a chur ar fáil.

(15) Is éard atá sna sonraí sin digitiú ghníomhaíochtaí agus imeachtaí an úsáideora agus dá réir sin, ba cheart rochtain a bheith ag an úsáideoir orthu. Leis na rialacha maidir le rochtain ar shonraí ó tháirgí nasctha agus ó sheirbhísí gaolmhara faoin Rialachán seo agus maidir le húsáid na sonraí sin faoin Rialachán seo, tugtar aghaidh ar shonraí táirgí agus ar shonraí seirbhíse gaolmhaire araon. Tagraíonn 'sonraí táirge' do shonraí a ghintear trí úsáid a bhaint as táirge nasctha, ar sonraí iad a dhear an monaróir le bheith in-aisghafa ón táirge nasctha ag úsáideoir, ag sealbhóir sonraí nó ag tríú páirtí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an monaróir. Tagraíonn sonraí seirbhíse gaolmhaire do shonraí, arb ionann iad freisin agus digitiú gníomhaíochtaí úsáideoirí nó imeachtaí a bhaineann leis an táirge nasctha a ghintear le linn don soláthraí seirbhís ghaolmhar a sholáthar. Maidir le sonraí a ghintear trí tháirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar a úsáid, ba cheart a thuiscint go gcumhdaíonn siad sonraí arna dtaifeadadh d'aon ghnó nó sonraí a eascraíonn go hindíreach as gníomhaíocht an úsáideora, amhail sonraí faoi thimpeallacht an táirge nasctha nó faoi idirghníomhaíochtaí an táirge. Ba cheart a áireamh leis sin sonraí maidir le húsáid táirge nasctha arna ghiniúint le comhéadan úsáideora nó trí sheirbhís ghaolmhar, agus níor cheart é a bheith teoranta don fhaisnéis gur tharla an úsáid sin, ach ba cheart a áireamh ann na sonraí uile a ghineann an táirge nasctha mar thoradh ar úsáid den sórt sin, amhail sonraí arna nginiúint go huathoibríoch le braiteoirí agus sonraí arna dtaifeadadh le feidhmchláir leabaithe, lena n-áirítear feidhmchláir a léiríonn stádas crua-earraí agus mífheidhmeanna. Ba cheart a áireamh leis sin freisin sonraí arna nginiúint ag an táirge nasctha nó ag an tseirbhís ghaolmhar le linn thréimhsí neamhghníomhaíochta an úsáideora, amhail nuair a roghnaíonn an t-úsáideoir gan táirge nasctha a úsáid ar feadh tréimhse áirithe ama agus, ina ionad sin, é a choinneáil sa mhód cúltaca nó é a mhúchadh fiú, toisc go bhféadfadh stádas táirge nasctha nó a chomhpháirteanna, mar shampla a cheallraí, a bheith éagsúil nuair a bhíonn an táirge nasctha sa mhód cúltaca nó nuair a bhíonn sé múchta. Sonraí nach ndéantar modhnú substaintiúil orthu, arb é atá i gceist leo sonraí i bhfoirm amh, ar a dtugtar freisin sonraí foinse nó príomhshonraí lena dtagraítear do phointí sonraí a ghintear go huathoibríoch gan aon chineál próiseála breise, chomh maith le sonraí a rinneadh a réamhphróiseáil chun iad a dhéanamh intuigthe agus inúsáidte sula ndéanfar próiseáil agus anailís orthu ina dhiaidh sin, tagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Áirítear leis na sonraí sin sonraí a bhailítear ó bhraiteoir aonair nó ó ghrúpa ceangailte braiteoirí chun na sonraí a bhailítear a dhéanamh intuigthe do chásanna úsáide níos leithne trí chainníocht fhisiceach nó cáilíocht fhisiceach a chinneadh nó tríd an athrú ar chainníocht fhisiceach a chinneadh, amhail teocht, brú, ráta sreafa, fuaim, luach pH, leibhéal leachtach, suíomh, luasghéarú nó luas. Níor cheart an téarma 'sonraí réamhphróiseáilte' a léirmhíniú ar bhealach lena bhforchuirtear oibleagáid ar an sealbhóir sonraí infheistíochtaí móra a dhéanamh i nglanadh agus i gclaochlú na sonraí. Ba cheart a áireamh sna sonraí atá le cur ar fáil na meiteashonraí ábhartha, lena n-áirítear a gcomhthéacs bunúsach agus a stampa ama, chun go mbeidh na sonraí inúsáidte, in éineacht le sonraí eile, amhail sonraí a shórtáiltear agus a aicmítear le pointí sonraí eile a bhaineann leo, nó a dhéantar a fhormáidiú arís i bhformáid a úsáidtear go coitianta. D'fhéadfadh sonraí mar sin a bheith luachmhar don úsáideoir agus tacú leis an nuálaíocht agus le forbairt seirbhísí digiteacha agus seirbhísí eile lena gcosnaítear an comhshaol, an tsláinte agus an geilleagar ciorclach, lena n-áirítear trí choinneáil ar bun agus deisiú na dtáirgí nasctha atá i gceist a éascú. Os a choinne sin, níor cheart a mheas, maidir le faisnéis a thugtar le fios le sonraí den sórt sin nó a dhíorthaítear ó shonraí den sórt sin, ar toradh í ar infheistíochtaí breise i sannadh luachanna nó léargas ó na sonraí, go háirithe trí bhíthin algartaim chasta dhílseánaigh, lena n-áirítear na halgartaim sin ar cuid de bhogearraí dílseánaigh iad, níor cheart a mheas go dtagann sí faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus, dá bhrí sin, níor cheart í a bheith faoi réir oibleagáid an tsealbhóra sonraí í a chur ar fáil d'úsáideoir nó d'fhaighteoir sonraí, mura gcomhaontaítear a mhalairt idir an t-úsáideoir agus an sealbhóir sonraí. Ba cheart a chur san áireamh sna sonraí sin go háirithe faisnéis a fuarthas trí bhraiteoirí a chumasc, is é sin go dtuigtear nó go mbaintear sonraí as roinnt braiteoirí atá bailithe sa táirge nasctha, agus algartaim chasta dhílseánaigh á n-úsáid agus a d'fhéadfaidís a bheith faoi réir cearta maoine intleachtúla.

(16) Leis an Rialachán seo, cuirtear ar chumas úsáideoirí táirgí nasctha tairbhe a bhaint as seirbhísí iarmhargaidh, seirbhísí coimhdeacha agus seirbhísí eile bunaithe ar shonraí arna mbailiú ag braiteoirí atá leabaithe i dtáirgí den sórt sin, agus d'fhéadfadh bailiú na sonraí sin a bheith luachmhar chun feidhmíocht na dtáirgí nasctha a fheabhsú. Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir, ar thaobh amháin, margaí chun na táirgí nasctha a bhfuil braiteoirí feistithe orthu agus na seirbhísí gaolmhara sin a sholáthar, agus, ar an taobh eile margaí le haghaidh bogearraí agus inneachar neamhghaolmhar, amhail inneachar téacsúil, fuaime nó closamhairc a chumhdaítear go minic le cearta maoine intleachtúla. Mar thoradh air sin, sonraí a ghineann táirgí nasctha a bhfuil braiteoirí feistithe den sórt sin orthu nuair a dhéanann an t-úsáideoir inneachar a thaifeadadh, a tharchur, a thaispeáint nó a sheinm, mar aon leis an inneachar féin, a chumhdaítear go minic le cearta maoine intleachtúla, *inter alia* lena úsáid ar sheirbhís ar líne, níor cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo. Níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo ach oiread sonraí a fuarthas, a gineadh nó a bhfuarthas rochtain orthu ón táirge nasctha, nó a tarchuireadh chuige, chun críche stórála nó oibríochtaí próiseála eile thar ceann páirtithe eile, nach iad an t-úsáideoir iad, mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh i ndáil le freastalaithe nó néalbhonneagar arna n-oibriú ag a n-úinéirí go hiomlán thar ceann tríú páirtithe, *inter alia*, lena n-úsáid ar sheirbhís ar líne.

(17) Is gá rialacha a leagan síos maidir le táirgí atá nasctha le seirbhís ghaolmhar tráth a gceannaítear, a ligtear ar cíos nó a léasaítear iad ar bhealach a chuirfeadh cosc ar an táirge nasctha ceann amháin nó níos mó dá fheidhmeanna a chomhlíonadh dá n-uireasa, nó atá nasctha leis an táirge ina dhiaidh sin ag an monaróir nó ag tríú páirtí chun cur le feidhmiúlacht an táirge nasctha nó chun í a oiriúnú. Baineann na seirbhísí gaolmhara sin le malartú sonraí idir an táirge nasctha agus an soláthraí seirbhíse agus ba cheart a thuiscint go bhfuil nasc sainráite acu le hoibriú fheidhmeanna an táirge, amhail seirbhísí lena dtarchuirtear orduithe, i gcás inarb infheidhme, chuig an táirge nasctha ar féidir leo tionchar a imirt ar a ghníomhaíocht nó ar a iompraíocht. Níor cheart a mheas gur seirbhísí gaolmhara iad seirbhísí nach bhfuil tionchar acu ar oibriú an táirge nasctha agus nach mbaineann le tarchur sonraí ná orduithe chuig an táirge nasctha a bheith déanta ag an soláthraí seirbhíse. D'fhéadfaí a áireamh ar na seirbhísí sin, mar shampla, comhairliúchán cúnta, anailísíocht nó seirbhísí airgeadais, nó deisiú tráthrialta agus cothabháil tráthrialta. Is féidir seirbhísí gaolmhara a thairiscint mar chuid den chonradh ceannaigh, cíosa nó léasa. D'fhéadfaí seirbhísí gaolmhara a sholáthar le haghaidh táirgí den chineál céanna chomh maith agus d'fhéadfadh na húsáideoirí a bheith ag súil go réasúnach go soláthrófaí iad i bhfianaise chineál an táirge nasctha agus aon ráiteas poiblí á chur san áireamh arna dhéanamh ag an díoltóir, an cíosaí, an léasóir nó aon duine eile i naisc shlabhra na n-idirbheart roimhe seo, lena n-áirítear an monaróir. D'fhéadfadh na seirbhísí gaolmhara sin sonraí a bhfuil luach don úsáideoir ag baint leo a ghiniúint iad féin go neamhspleách ar chumais bailithe sonraí an táirge nasctha a bhfuil siad idirnasctha leis. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le seirbhís ghaolmhar nach soláthraíonn an díoltóir, an cíosaí ná an léasóir féin, ach a bhíonn á soláthar ag tríú páirtí. I gcás ina bhfuil amhras ann faoi cé acu atá nó nach bhfuil an tseirbhís á soláthar mar chuid den chonradh ceannaigh, cíosa nó léasa, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo. Níl an soláthar cumhachta ná soláthar na nascachta le léirmhíniú mar sheirbhísí gaolmhara faoin Rialachán seo.

(18) Ba cheart úsáideoir táirge nasctha a thuiscint mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, amhail gnólacht, tomhaltóir nó comhlacht earnála poiblí is é sin úinéir de tháirge nasctha, a fuair cearta sealadacha áirithe, mar shampla, trí chomhaontú cíosa nó léasa, chun rochtain a fháil ar shonraí a fhaightear ón táirge nasctha nó chun iad a úsáid, nó a fhaigheann seirbhísí gaolmhara don táirge nasctha. Níor cheart, leis na cearta rochtana sin, cearta na n-ábhar sonraí a athrú ná cur isteach orthu ar bhealach ar bith, ar ábhair sonraí iad a d'fhéadfadh a bheith ag idirghníomhú le táirge nasctha nó le seirbhís ghaolmhar maidir le sonraí pearsanta arna nginiúint ag an táirge nasctha nó le linn sholáthar na seirbhíse gaolmhaire. Is ag an úsáideoir atá na rioscaí agus tairbhí a bhaineann le húsáid an táirge nasctha, agus ba cheart é a bheith in ann tairbhe a bhaint freisin as rochtain ar na sonraí a bhíonn á nginiúint ag an táirge. Dá bhrí sin, ba cheart an t-úsáideoir a bheith i dteideal tairbhe a bhaint as sonraí a bhíonn á nginiúint ag an táirge nasctha sin nó aon seirbhís ghaolmhar. Ba cheart a mheas freisin gur úsáideoir é úinéir, cíosaí nó léasaí, lena n-áirítear i gcás inar féidir roinnt eintiteas a mheas a bheith ina n-úsáideoirí. I gcomhthéacs iliomad úsáideoirí, féadfaidh gach úsáideoir rannchuidiú ar bhealach difriúil leis an nginiúint sonraí agus leas a bheith acu i roinnt cineálacha úsáide, amhail bainistiú flít d'fhiontar léasaithe, nó réitigh soghluaisteachta do dhaoine aonair a úsáideann seirbhís comhroinnte carranna.

(19) Tagraíonn litearthacht sonraí do na scileanna, don eolas agus don tuiscint a chuireann ar chumas úsáideoirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí, go háirithe FBManna a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, feasacht a fháil ar luach féideartha na sonraí a ghineann siad, a tháirgeann siad agus a chomhroinneann siad agus a bhfuil siad spreagtha iad a thairiscint agus rochtain a sholáthar orthu i gcomhréir leis na rialacha dlíthiúla ábhartha. Ba cheart, leis an litearthacht sonraí, dul níos faide ná foghlaim faoi uirlisí agus teicneolaíochtaí agus féachaint le cumas a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus iad a chumhachtú chun tairbhe a bhaint as margadh sonraí cothrom cuimsitheach. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist le bearta litearthachta sonraí a scaipeadh agus bearta leantacha iomchuí a thabhairt isteach rannchuidiú le dálaí oibre a fheabhsú agus, ar deireadh, comhdhlúthú agus conair nuálaíochta an gheilleagair sonraí san Aontas a choinneáil ar bun. Ba cheart d'údaráis inniúla uirlisí a chur chun cinn agus bearta a ghlacadh chun litearthacht sonraí a chur chun cinn i measc na n-úsáideoirí agus na n-eintiteas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, chomh maith le feasacht ar a gcearta agus ar a n-oibleagáidí faoin Rialachán céanna.

(20) Níl na sonraí uile a bhíonn á nginiúint ag táirgí nasctha nó seirbhísí gaolmhara inrochtana go héasca ag a n-úsáideoirí, agus is minic a bhíonn teorainn leis na féidearthachtaí maidir le hiniomparthacht sonraí a bhíonn á nginiúint ag táirgí atá nasctha leis an idirlíon. Ní féidir le húsáideoirí na sonraí a bhfuil ga leo a fháil chun úsáid a bhaint as soláthraithe seirbhísí deisiúcháin agus seirbhísí eile, agus ní féidir le gnólachtaí seirbhísí áisiúla nuálacha a sheoladh atá níos éifeachtúla. In go leor earnálacha, is minic a bhíonn monaróirí in ann a chinneadh, trína smacht ar dhearadh teicniúil na dtáirgí nasctha nó na seirbhísí gaolmhara, cé na sonraí a ghintear agus conas is féidir iad a rochtain, d’ainneoin nach bhfuil aon cheart dlíthiúil acu ar na sonraí sin. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go ndéanfar táirgí nasctha a dhearadh agus a mhonarú, agus go soláthrófar seirbhísí gaolmhara agus go ndearfar iad sa chaoi is go mbeidh rochtain éasca shlán ag úsáideoir i gcónaí ar shonraí táirge agus sonraí seirbhíse gaolmhaire lena n-áirítear na meiteashonraí gaolmhara is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, lena n-áirítear chun iad a aisghabháil, a úsáid nó a chomhroinnt, agus sin saor in aisce, i bhformáid chuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá meaisín-inléite. Is iad ‘sonraí atá ar fáil go héasca’ a thugtar ar shonraí táirge agus ar shonraí seirbhíse gaolmhaire a fhaigheann sealbhóir sonraí go dleathach nó is féidir leis an sealbhóir sonraí a fháil go dleathach ón táirge nasctha nó ón tseirbhís ghaolmhar, amhail trí dhearadh na dtáirgí nasctha, conradh an tsealbhóra sonraí leis an úsáideoir chun seirbhísí gaolmhara a sholáthar, agus modhanna teicniúla rochtana ar shonraí, gan iarracht dhíréireach, mar ‘sonraí atá ar fáil go héasca’. Ní áirítear ar na sonraí atá ar fáil go héasca sonraí arna nginiúint trí úsáid táirge nasctha i gcás nach bhforáiltear i ndearadh an táirge nasctha go ndéanfar na sonraí sin a stóráil nó a tharchur lasmuigh den chomhpháirt ina ngintear iad nó den táirge nasctha ina iomláine.

Dá bhrí sin, níor cheart a thuiscint go bhforchuirtear leis an Rialachán seo oibleagáid chun sonraí a stóráil ar láraonad ríomhaireachta táirge nasctha. In éagmais na hoibleagáide sin, níor cheart go gcuirfí cosc ar an monaróir nó ar an sealbhóir sonraí comhaontú dá dheoin féin leis an úsáideoir maidir leis na hoiriúnuithe sin a dhéanamh. Ní dochar na hoibleagáidí dearaidh sa Rialachán seo do phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 agus níor cheart a thuiscint go bhforchuirtear leis oibleagáid orthu táirgí nasctha agus seirbhísí gaolmhara a dhearadh ar bhealach ina stórálann siad nó ina bpróiseálann siad ar aon bhealach eile aon sonraí pearsanta eile seachas na sonraí pearsanta is gá chun na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil. D'fhéadfaí dlí an Aontais nó dlí náisiúnta a thabhairt isteach chun tuilleadh sainiúlachtaí a leagan amach, amhail na sonraí táirge ar cheart rochtain a bheith orthu ó tháirgí nasctha nó ó sheirbhísí gaolmhara, ós rud é go bhféadfadh na sonraí sin a bheith bunriachtanach le haghaidh oibriú, dheisiú nó chothabháil éifeachtúil na dtáirgí nasctha nó na seirbhísí gaolmhara sin. I gcás ina ndéanfaidh an monaróir nó páirtí eile nuashonruithe nó athruithe ina dhiaidh sin ar tháirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar agus é mar thoradh air sin sonraí breise a bheith inrochtana nó srian a bheith ar shonraí a bhí inrochtana ar dtús, ba cheart na hathruithe sin a chur in iúl don úsáideoir i gcomhthéacs an nuashonraithe nó an athraithe.

(21) I gcás ina meastar gur úsáideoirí iad roinnt daoine nó eintiteas, mar shampla i gcás comhúinéireachta nó i gcás ina gcomhroinneann úinéir, cíosaí nó léasaí cearta rochtana nó úsáide sonraí, le dearadh an táirge nasctha nó na seirbhíse gaolmhaire, nó an comhéadan ábhartha, ba cheart a chur ar chumas gach úsáideora rochtain a bheith aige ar na sonraí a ghineann siad. Chun táirgí nasctha lena ngintear sonraí a úsáid, éilítear leo go hiondúil cuntas úsáideora a chur ar bun. Le cuntas den sórt sin is féidir leis an sealbhóir sonraí an t-úsáideoir a shainaithint, agus d'fhéadfadh sé gurb é an monaróir a bheadh i gceist. Is féidir é a úsáid freisin mar mhodh cumarsáide agus chun iarrataí ar rochtain ar shonraí a thíolacadh agus a phróiseáil. I gcás ina ndearna roinnt monaróirí nó soláthraithe seirbhísí gaolmhara táirgí a dhíol, a ligean ar cíos nó a léasú nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar, atá comhtháite le chéile, don úsáideoir céanna, ba cheart don úsáideoir teagmháil a dhéanamh le gach ceann de na páirtithe a bhfuil conradh aige leo. Monaróirí nó dearthóirí táirge nasctha a bhíonn á úsáid ag roinnt daoine go hiondúil, ba cheart dóibh na sásraí riachtanacha a chur i bhfeidhm lena gceadófar cuntais úsáideora ar leith do dhaoine aonair, i gcás inarb ábhartha, nó lena gcuirfear ar a gcumas do roinnt daoine an cuntas úsáideora céanna a úsáid. Le réitigh chuntais, ba cheart ligean d'úsáideoirí a gcuntais agus na sonraí a bhaineann leo a scriosadh agus d'fhéadfaí deis a thabhairt d'úsáideoirí rochtain, úsáid nó comhroinnt sonraí a fhoirceannadh, nó iarrataí a thíolacadh chun foirceannadh a dhéanamh amhlaidh, agus aird á tabhairt go háirithe ar chásanna ina n-athraíonn úinéireacht nó úsáid an táirge nasctha. Ba cheart rochtain a dheonú don úsáideoir ar bhonn sásra shimplí iarrata lena gcumasaítear forghníomhú uathoibríoch agus nach n-éilíonn imscrúdú nó imréiteach ón monaróir ná ón sealbhóir sonraí. Ciallaíonn sin nár cheart na sonraí a chur ar fáil ach amháin i gcás ina dteastaíonn ón úsáideoir rochtain a fháil ar na sonraí. I gcás nach féidir an iarraidh ar rochtain ar shonraí a fhorghníomhú go huathoibríoch, mar shampla, trí chuntas úsáideora nó trí fheidhmchlár móibíleach a sholáthraítear in éineacht leis an táirge nasctha nó leis an tseirbhís ghaolmhar, ba cheart don mhonaróir an t-úsáideoir a chur ar an eolas faoi conas is féidir rochtain a fháil ar na sonraí.

(22) Féadfar táirgí nasctha a dhearadh sa chaoi go mbeidh sonraí áirithe inrochtana go díreach ó stóráil sonraí sa ghaireas nó ó fhreastalaí cianda a ndéantar na sonraí a tharchur chuige. Féadfar rochtain ar stóráil sonraí sa ghaireas a chumasú trí líonraí achair logánta, bídís cáblabhunaithe nó gan sreang, atá nasctha le seirbhís cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí nó le líonra móibíleach. Féadfaidh acmhainneacht freastalaí áitiúil an mhonaróra féin a úsáid mar fhreastalaí, nó acmhainneacht freastalaí tríú páirtí nó soláthraí néalseirbhíse. Ní mheastar go ngníomhaíonn próiseálaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (8), de Rialachán (AE) 2016/679 iad mar shealbhóirí sonraí. Mar sin féin, is féidir leis an rialaitheoir cúram sonrach a chur orthu sonraí a dhéanamh inrochtana mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679. Is féidir táirgí nasctha a bheith deartha sa chaoi go gcuirfidh siad ar a chumas don úsáideoir nó do thríú páirtí na sonraí atá ar an táirge nasctha, ar ásc ríomhaireachta de chuid an mhonaróra nó laistigh de thimpeallacht teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a roghnaíonn an t-úsáideoir nó tríú páirtí, a phróiseáil.

(23) Tá méadú ag teacht ar ról na gcúntóirí fíorúla maidir le timpeallachtaí tomhaltóirí agus gairmiúla a dhigitiú agus feidhmíonn siad mar chomhéadan atá éasca le húsáid chun inneachar a sheinm, faisnéis a fháil, nó táirgí atá nasctha leis an idirlíon a ghníomhachtú. Is féidir le cúntóirí fíorúla feidhmiú mar thairseach aonair, mar shampla, i dtimpeallacht baile chliste, agus méideanna móra sonraí ábhartha a thaifeadadh faoin gcaoi a mbíonn úsáideoirí ag idirghníomhú le táirgí atá nasctha leis an idirlíon, lena n-áirítear táirgí a bhíonn á monarú ag páirtithe eile, agus is féidir cúntóirí fíorúla a chur in ionad úsáid comhéadan arna soláthar ag monaróirí, amhail scáileáin tadhaill nó aipeanna fóin chliste. D’fhéadfadh sé gur mhian leis an úsáideoir na sonraí sin a chur ar fáil do mhonaróirí tríú páirtí agus seirbhísí cliste núíosacha a chumasú. Ba cheart cúntóirí fíorúla a chumhdach leis na cearta rochtana sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart sonraí a ghintear nuair a idirghníomhaíonn úsáideoir le táirge nasctha trí chúntóir fíorúil arna sholáthar ag eintiteas seachas monaróir an táirge nasctha a chumhdach freisin leis na cearta rochtana sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Mar sin féin, níor cheart ach na sonraí a eascraíonn as an idirghníomhaíocht idir an t-úsáideoir agus táirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar tríd an gcúntóir fíorúil a chumhdach leis an Rialachán seo. Ní chumhdaítear leis an Rialachán seo sonraí arna dtáirgeadh ag an gcúntóir fíorúil nach mbaineann le húsáid táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire.

(24) Sula dtabharfar conradh i gcrích chun táirge nasctha a cheannach, a fháil ar cíos nó a léasú, ba cheart don díoltóir, don chíosaí nó don léasóir, arbh fhéidir gurb é an monaróir é, faisnéis a chur ar fáil don úsáideoir maidir le sonraí an táirge nasctha a d'fhéadfadh an táirge nasctha a ghiniúint, lena n-áirítear cineál, formáid agus méid measta na sonraí sin, ar bhealach soiléir sothuigthe. Is féidir a áireamh leis sin faisnéis faoi struchtúir sonraí, formáidí sonraí, stóir focal, scéimeanna um aicmiú, tacsanomaíochtaí agus liostaí cód, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, chomh maith le faisnéis leordhóthanach shoiléir a bhaineann le cearta an úsáideora a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a bhféadfar na sonraí a stóráil, a aisghabháil nó a rochtain, lena n-áirítear téarmaí úsáide agus cáilíocht seirbhíse comhéadan ríomhchláraithe feidhmchlár, nó i gcás inarb infheidhme, fearais forbartha bogearraí a sholáthar. Leis an oibleagáid sin soláthraítear trédhearcacht maidir leis na sonraí táirge a bhíonn á nginiúint agus cuirtear feabhas ar rochtain éasca don úsáideoir. D'fhéadfaí an oibleagáid faisnéise a chomhlíonadh, mar shampla, trí aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne (URL) cobhsaí a choinneáil ar an ngréasán, ar féidir é a dháileadh mar nasc gréasáin nó cód QR, ag díriú ar an bhfaisnéis ábhartha, a d'fhéadfadh an díoltóir, an cíosaí nó an léasóir, a d'fhéadfadh a bheith ina mhonaróir, a sholáthar don úsáideoir sula dtabharfaidh sé an conradh i gcrích chun táirge nasctha a cheannach, a fháil ar cíos nó ar léas. I gcás ar bith, is gá gur féidir leis an úsáideoir an fhaisnéis a stóráil ar bhealach a bheidh inrochtana le haghaidh tagartha amach anseo agus a fhágann gur féidir an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú. Ní féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh an sealbhóir sonraí na sonraí a stóráil ar feadh tréimhse éiginnte i bhfianaise riachtanais úsáideoir an táirge nasctha, ach ba cheart dó beartas réasúnta coinneála sonraí a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le teorannú stórála de bhun Airteagal 5(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2016/679, lena bhféadfar na cearta rochtana sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach. An oibleagáid chun faisnéis a sholáthar, ní dhéanann sé difear don oibleagáid atá ar an rialaitheoir faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí de bhun Airteagail 12, 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart gur ar an sealbhóir ionchasach sonraí a bheadh an oibleagáid faisnéis a sholáthar sula dtabharfar conradh i gcrích chun seirbhís ghaolmhar a sholáthar, gan beann ar chonradh a bheith tugtha i gcrích ag an sealbhóir sonraí chun táirge nasctha a cheannach, a fháil ar cíos nó a léasú. I gcás ina dtiocfaidh athrú ar an bhfaisnéis le linn shaolré an táirge nasctha nó le linn thréimhse an chonartha don tseirbhís ghaolmhar, lena n-áirítear i gcás ina n-athraíonn an chríoch a bhfuil na sonraí sin le húsáid chuici ón gcríoch a sonraíodh ar dtús, ba cheart í a sholáthar don úsáideoir freisin.

(25) Níor cheart a thuiscint leis an Rialachán seo go dtugtar aon cheart nua do shealbhóirí sonraí, chun sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire a úsáid. I gcás inar sealbhóirsonraí monaróir táirge nasctha, ba cheart conradh idir an monaróir agus an t-úsáideoir a bheith ina bhunús don mhonaróir chun sonraí neamhphearsanta a úsáid. D'fhéadfaí comhaontú den sórt sin a bheith mar chuid de chomhaontú chun an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar, ar comhaontú é a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích in éineacht leis an gcomhaontú ceannaigh, cíosa nó léasa a bhaineann leis an táirge nasctha. Aon téarma conarthach lena sonraítear go bhféadfaidh an sealbhóir sonraí, sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire a úsáid, is gá an téarma sin a bheith trédhearcach don úsáideoir, agus áirítear leis sin a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí atá beartaithe ag an sealbhóir sonraí na sonraí a úsáid lena n-aghaidh. D'fhéadfaí a áireamh ar na cuspóirí sin feidhmiú an táirge nasctha nó na seirbhísí gaolmhara a fheabhsú, táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt, nó sonraí a chomhiomlánú d'fhonn na sonraí díorthaithe a thagann as sin a chur ar fáil do thríú páirtithe, ar choinníoll nach féidir sonraí sonracha arna dtarchur chuig an sealbhóir sonraí a shainaithint ón táirge nasctha, ná cead a thabhairt do thríú páirtí na sonraí sin a dhíorthú ón tacar sonraí. Ba cheart aon athrú ar an gconradh a bheith ag brath ar chomhaontú eolas ach an úsáideora. Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar pháirtithe téarmaí conarthacha a chomhaontú arb é an éifeacht a bhaineann leo úsáid na sonraí neamhphearsanta, nó catagóirí áirithe de shonraí neamhphearsanta, a eisiamh nó a theorannú do shealbhóir sonraí. Ní chuirtear cosc ach an oiread ar pháirtithe teacht ar chomhaontú maidir le sonraí táirgí nó sonraí seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do thríú páirtithe, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, trí shealbhóir sonraí eile. Thairis sin, leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar cheanglais rialála earnáilsonracha faoi dhlí an Aontais, nó faoi dhlí náisiúnta atá comhoiriúnach le dlí an Aontais, lena n-eisiafaí nó lena dteorannófaí úsáid sonraí áirithe mar sin don sealbhóir sonraí ar fhorais dhea-shainithe um beartas poiblí. Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar úsáideoirí, i gcás caidreamh gnólacht le gnólacht, sonraí a chur ar fáil do thríú páirtithe nó do shealbhóirí sonraí faoi aon téarma conarthach dleathach, lena n-áirítear trí chomhaontú a dhéanamh comhroinnt bhreise na sonraí sin a theorannú nó a shrianadh, nó trína gcúiteamh go comhréireach, mar shampla mar mhalairt ar a gceart chun na sonraí sin a úsáid nó a chomhroinnt. Cé nach n-áirítear comhlachtaí earnála poiblí go ginearálta leis an gcoincheap 'sealbhóir sonraí', d'fhéadfadh gnóthais phoiblí a bheith san áireamh ann.

(26) Chun teacht chun cinn margaí leachtacha, cothroma agus éifeachtúla le haghaidh sonraí neamhphearsanta a chothú, ba cheart úsáideoirí táirgí nasctha a bheith in ann sonraí a chomhroinnt le daoine eile, lena n-áirítear chun críoch tráchtála, gan mórán dua dhlíthiúil agus theicniúil a chur orthu féin. Is minic a bhíonn sé deacair ar ghnólachtaí faoi láthair údar a thabhairt leis na costais phearsanra nó ríomhaireachta is gá a bhaineann le tacair sonraí neamhphearsanta nó táirgí sonraí a ullmhú agus iad a thairiscint do chontrapháirtithe féideartha trí sheirbhísí idirghabhála sonraí, lena n-áirítear margaí sonraí. Dá bhrí sin, cuirtear bac mór ar chomhroinnt sonraí neamhphearsanta ag gnólachtaí mar gheall ar an easpa intuarthachta a bhaineann leis an toradh eacnamaíoch atá ar an infheistíocht i dtacair sonraí nó táirgí sonraí a choimeád agus a chur ar fáil. Chun gur féidir le margaí leachtacha, cothroma agus éifeachtúla a theacht chun cinn le haghaidh sonraí neamhphearsanta san Aontas, ní mór an páirtí a bhfuil sé de cheart aige sonraí den sórt sin a thairiscint ar mhargadh a shoiléiriú. Dá bhrí sin, ba cheart an ceart a bheith ag úsáideoirí sonraí neamhphearsanta a chomhroinnt le faighteoirí sonraí chun críoch tráchtála agus neamhthráchtála. D'fhéadfadh an t-úsáideoir na sonraí sin a chomhroinnt go díreach, arna iarraidh sin ag an úsáideoir trí shealbhóir sonraí nó trí sheirbhísí idirghabhála sonraí. D'fhéadfadh seirbhísí idirghabhála sonraí, mar a rialaítear i Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] iad, geilleagar sonraí a éascú trí chaidreamh tráchtála a bhunú idir úsáideoirí, faighteoirí sonraí agus tríú páirtithe agus d'fhéadfaidís tacú le húsáideoirí a gceart a fheidhmiú i dtaobh sonraí a úsáid, amhail trína áirithiú go bhfuil na sonraí pearsanta anaithnid nó go bhfuil an rochtain ar shonraí ó roinnt úsáideoirí aonair comhiomlánaithe. I gcás nach bhfuil sonraí mar chuid den oibleagáid atá ar shealbhóir sonraí iad a chur ar fáil d'úsáideoirí nó do thríú páirtithe, d'fhéadfaí raon feidhme na sonraí sin a shonrú sa chonradh idir an t-úsáideoir agus an sealbhóir sonraí le haghaidh seirbhís ghaolmhar a sholáthar chun gur féidir le húsáideoirí a chinneadh go héasca cé na sonraí atá ar fáil dóibh lena gcomhroinnt le faighteoirí sonraí nó tríú páirtithe. Níor cheart do shealbhóirí sonraí sonraí táirge neamhphearsanta a chur ar fáil do thríú páirtithe chun críocha tráchtála nó neamhthráchtála seachas chun a gconradh leis an úsáideoir a chomhlíonadh, gan dochar do cheanglais dhlíthiúla de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta go gcuirfeadh sealbhóir sonraí a chuid sonraí ar fáil. I gcás inarb ábhartha, ba cheart do shealbhóirí sonraí ceangal conarthach a chur ar thríú páirtithe gan tuilleadh sonraí a fhaightear uathu a chomhroinnt.

---

[1] Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1).

(27) In earnálacha arb iad is príomhthréith dóibh comhchruinniú líon beag monaróirí a sholáthraíonn táirgí nasctha d'úsáideoirí deiridh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach roghanna teoranta ar fáil d'úsáideoirí chun sonraí a rochtain, a úsáid agus a chomhroinnt. In imthosca mar sin, d'fhéadfadh nár leormhaith conarthaí chun cuspóir an chumhachtaithe úsáideoirí a bhaint amach, rud a dhéanann deacair d'úsáideoirí é luach a fháil ó na sonraí a bhíonn á nginiúint ag an táirge nasctha a cheannaíonn siad, a fhaigheann siad ar cíos nó a thógann siad ar léas. Dá bhrí sin, is teoranta an acmhainneacht atá ann le haghaidh gnólachtaí beaga nuálacha chun réitigh shonraíbhunaithe a chur ar fáil ar bhealach iomaíoch agus le haghaidh geilleagar ilghnéitheach sonraí san Aontas. Leis an Rialachán seo, mar sin, ba cheart cur leis na forbairtí le déanaí in earnálacha sonracha, amhail an Cód Iompair maidir le comhroinnt sonraí talmhaíochta trí chonradh. Féadfar dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na cuspóirí earnáilsonracha. Thairis sin, níor cheart do shealbhóirí sonraí aon sonraí atá ar fáil go héasca agus ar sonraí neamhphearsanta iad a úsáid chun léargas a fháil ar staid eacnamaíoch an úsáideora nó a shócmhainní nó a mhodhanna táirgthe nó ar an úsáid sin ag an úsáideoir ar aon bhealach eile a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de sheasamh tráchtála an úsáideora sin ar na margaí a bhfuil sé gníomhach ina leith. D'fhéadfaí a áireamh ansin úsáid a bhaint as eolas faoi fheidhmíocht fhoriomlán gnólachta nó feirme i gcaibidlíocht chonarthach leis an úsáideoir faoi éadáil fhéideartha tháirgí nó tháirgí talmhaíochta an úsáideora chun dochair an úsáideora, nó an t-eolas sin a úsáid lena fhothú i mbunachair sonraí mhóra a phléann le margaí áirithe go comhiomlán, mar shampla bunachair sonraí a bhaineann le táirgeacht barr don séasúr buainte atá le teacht, mar d'fhéadfadh an úsáid sin difear diúltach a dhéanamh don úsáideoir go hindíreach. Ba cheart an comhéadan teicniúil a thabhairt don úsáideoir ar gá leis chun ceadanna a bhainistiú, comhéadan le roghanna ceada gráinneacha más féidir, amhail 'ceadaigh uair amháin' nó 'ceadaigh le linn úsáid na haipe nó seirbhíse seo', lena n-áirítear an rogha chun na ceadanna sin a tharraingt siar.

(28) I gconarthaí idir sealbhóir sonraí agus tomhaltóir mar úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire lena ngintear sonraí, tá feidhm ag dlí tomhaltóra an Aontais, go háirithe Treoracha 93/13/CEE agus 2005/29/CE, maidir le téarmaí an chonartha chun a áirithiú nach bhfuil an tomhaltóir faoi réir téarmaí éagóracha conartha. Chun críocha an Rialacháin seo, níor cheart téarmaí éagóracha conarthacha a fhorchuirtear go haontaobhach ar fhiontar a bheith ina gceangal ar an bhfiontar sin.

(29) Féadfaidh sealbhóirí sonraí aitheantas úsáideora iomchuí a éileamh chun teidlíocht úsáideora chun na sonraí a rochtain a fhíorú. I gcás sonraí pearsanta a phróiseálann próiseálaí thar ceann an rialaitheora, ba cheart do shealbhóirí sonraí a áirithiú gurb é an próiseálaí a fhaigheann agus a láimhseálann an t-iarraidh rochtana.

(30) Ba cheart an tsaoirse a bheith ag an úsáideoir na sonraí a úsáid le haghaidh aon chuspóir dleathach. Áirítear leis sin na sonraí atá faighte ag an úsáideoir le linn dó nó di a chearta faoin Rialachán seo a fheidhmiú a sholáthar do thríú páirtí a bhfuil seirbhís iarmhargaidh á cur ar fáil aige a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le seirbhís atá á soláthar ag sealbhóir sonraí, nó iarraidh ar shealbhóir sonraí dhéanamh amhlaidh. Ba cheart don úsáideoir, nó tríú páirtí údaraithe atá ag gníomhú thar ceann an úsáideora, lena n-áirítear soláthraí seirbhíse idirghabhála sonraí, an iarraidh a thíolacadh Ba cheart do shealbhóirí sonraí a áirithiú go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil don tríú páirtí díreach chomh cruinn, iomlán, iontaofa agus cothrom le dáta céanna leis na sonraí a fhéadfaidh an sealbhóir sonraí féin a bheith in ann nó i dteideal a rochtain mar thoradh ar úsáid an táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire. Ba cheart aon chearta maoine intleachtúla a urramú agus na sonraí á láimhseáil. Is tábhachtach dreasachtaí a choinneáil chun infheistiú i dtáirgí ag a bhfuil feidhmiúlachtaí atá bunaithe ar úsáid sonraí ó bhraiteoirí atá leabaithe sna táirgí sin.

(31) Foráiltear le Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] go measfar éadáil, úsáid nó nochtadh rúin trádála a bheith dleathach, *inter alia*, i gcás ina gceanglaítear nó ina gceadaítear an éadáil, an úsáid nó an nochtadh sin faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Cé go gceanglaítear ar shealbhóirí sonraí leis an Rialachán seo sonraí áirithe a nochtadh d'úsáideoirí, nó do thríú páirtithe de rogha úsáideora, fiú nuair atá na sonraí sin incháilithe do chosaint mar rúin trádála, ba cheart é a léirmhíniú ar bhealach lena gcaomhnófar an chosaint a thugtar do rúin trádála faoi Threoir (AE) 2016/943. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do shealbhóirí sonraí a bheith in ann a cheangal ar úsáideoirí nó ar thríú páirtithe de rogha an úsáideora caomhnú a dhéanamh ar rúndacht na sonraí a mheastar a bheith ina rúin trádála. Chun na críche sin, ba cheart do shealbhóirí sonraí rúin trádála a shainaithint roimh an nochtadh, agus ba cheart an deis a bheith acu teacht ar chomhaontú le húsáideoirí, nó le tríú páirtithe de rogha an úsáideora, maidir le bearta riachtanacha chun a rúndacht a chaomhnú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as téarmaí conarthacha eiseamláireacha, comhaontuithe rúndachta, prótacail dhiana rochtana, caighdeáin theicniúla agus cóid iompair a chur i bhfeidhm. Sa bhreis ar úsáid téarmaí conarthacha eiseamláireacha arna bhforbairt agus arna moladh ag an gCoimisiún, d’fhéadfadh bunú cód iompair agus caighdeán teicniúil a bhaineann le cosaint rún trádála agus na sonraí á láimhseáil cuidiú le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach agus ba cheart iad a spreagadh. I gcás nach bhfuil aon chomhaontú maidir leis na bearta is gá ann nó i gcás ina mainníonn úsáideoir, nó tríú páirtithe de rogha an úsáideora, bearta comhaontaithe a chur chun feidhme ina mbaineann sé nó siad an bonn de rúndacht na rún trádála, ba cheart don sealbhóir sonraí a bheith in ann comhroinnt sonraí a aithnítear mar rúin trádála a choinneáil siar nó a chur ar fionraí.

---

1 Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch.1).

Sna cásanna sin, ba cheart don sealbhóir sonraí an cinneadh i scríbhinn a thabhairt don úsáideoir nó don tríú páirtí gan moill mhíchuí agus fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe go bhfuil comhroinnt sonraí coimeádta siar aige nó curtha ar fionraí aige agus na bearta nár comhaontaíodh nó nár cuireadh chun feidhme agus, i gcás inarb ábhartha, cé na rúin trádála ar baineadh an bonn dá rúndacht a shainaithint. Ní féidir le sealbhóirí sonraí, i bprionsabal, diúltú d'iarraidh ar rochtain ar shonraí faoin Rialachán seo ar an mbonn amháin go meastar gur rún trádála iad sonraí áirithe, toisc go bhfágfadh sé sin smál ar éifeachtaí beartaithe an Rialacháin seo. Mar sin féin, in imthosca eisceachtúla, ba cheart sealbhóir sonraí ar sealbhóir rúin trádála é a bheith in ann iarraidh ar na sonraí sonracha atá i gceist a dhiúltú, ar bhonn cás ar chás, má tá sé in ann a léiriú don úsáideoir nó don tríú páirtí, d'ainneoin na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil arna ndéanamh ag an úsáideoir nó ag an tríú páirtí, gur rídhócha go mbeidh damáiste tromchúiseach eacnamaíoch mar thoradh ar an rún trádála sin a nochtadh. Is éard a thugtar le fios le Damáiste tromchúiseach eacnamaíoch caillteanas eacnamaíoch tromchúiseach doleasaithe. Ba cheart don sealbhóir sonraí bunús cuí a thabhairt i scríbhinn leis an diúltú sin gan moill mhíchuí don úsáideoir nó don tríú páirtí agus fógra a thabhairt don údarás inniúil náisiúnta. Ba cheart bunús den sórt sin a bheith bunaithe ar ghnéithe oibiachtúla, lena léirítear an riosca nithiúil go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch a mheastar a bheith ann mar thoradh ar nochtadh sonrach sonraí agus na cúiseanna a meastar nach leor na bearta a rinneadh chun na sonraí a iarradh a choimirciú. Is féidir tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar an gcibearshlándáil a chur san áireamh sa chomhthéacs sin. Gan dochar don cheart sásamh a lorg os comhair cúirt nó binse de chuid Ballstáit, i gcás inar mian leis an úsáideoir, nó le tríú páirtí, agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an tsealbhóra sonraí comhroinnt diúltú do chomhroinnt sonraí a, ní í a choinneáil siar nó a chur ar fionraí, féadfaidh an t-úsáideoir nó an tríú páirtí gearán a dhéanamh leis an údarás inniúil náisiúnta, agus ar cheart dó cinneadh a dhéanamh, gan moill mhíchuí, ar cheart tús a chur le comhroinnt sonraí nó athchromadh uirthi, agus ar na coinníollacha faoinar cheart déanamh amhlaidh, nó ar féidir leis comhaontú sé leis an sealbhóir sonraí an t-ábhar a tharchur chuig comhlacht um réiteach díospóidí. Níor cheart go gcuirfeadh na heisceachtaí ar chearta rochtana sonraí sa Rialachán seo teorainn i gcás ar bith le ceart rochtana agus le ceart chun iniomparthachta sonraí na n-ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679.

(32) Is é is aidhm leis an Rialacháin seo ní hamháin forbairt táirgí nasctha nua nuálacha nó na seirbhísí gaolmhara a chothú, nuálaíocht a spreagadh in iarmhargaí, ach ina theannta sin, forbairt seirbhísí atá núíosach go hiomlán a spreagadh agus leas á bhaint as na sonraí lena mbaineann, lena n-áirítear leas bunaithe ar shonraí ó tháirgí nasctha nó seirbhísí gaolmhara éagsúla. An tráth céanna, is é is aidhm don Rialachán seo gan an bonn a bhaint de na dreasachtaí infheistíochta don chineál táirge nasctha as a bhfaightear na sonraí, mar shampla, trí shonraí a úsáid chun táirge nasctha atá in iomaíocht leis a fhorbairt a mheasann úsáideoirí a bheith inmhalartaithe nó in-ionadaithe, go háirithe ar bhonn shaintréithe an táirge nasctha, ar a phraghas agus ar a úsáid bheartaithe. Ní dhéantar foráil sa Rialachán seo maidir le haon toirmeasc ar sheirbhís ghaolmhar a fhorbairt trí úsáid a bhaint as sonraí a fhaightear faoin Rialachán seo toisc go mbeadh tionchar díspreagthach neamh-inmhianaithe aige sin ar an nuálaíocht. Trí chosc a chur ar úsáid sonraí a bhfuarthas rochtain orthu faoin Rialachán seo chun táirge nasctha atá in iomaíocht leis a fhorbairt, cosnaítear iarrachtaí nuálaíochta sealbhóirí sonraí. Chun a chinneadh cibé atá nó nach bhfuil an táirge nasctha san iomaíocht leis an táirge nasctha as a dtagann na sonraí, braitheann sé ar cé acu atá nó nach bhfuil an dá tháirge nasctha in iomaíocht ar an margadh táirgí céanna. Tá sé sin le cinneadh ar bhonn phrionsabail sheanbhunaithe dhlí iomaíochta an Aontais chun an margadh ábhartha táirgí a shainiú. D’fhéadfaí ais-innealtóireacht a áireamh ar chríocha dleathacha eile chun na sonraí a úsáid, áfach, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta. D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh chun críocha saolré táirge nasctha a dheisiú nó fad a chur léi nó chun seirbhísí iar-mhargaidh a sholáthar do tháirgí nasctha.

(33) Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach, amhail tomhaltóir, fiontar, eagraíocht taighde, eagraíocht neamhbhrabúis nó eintiteas atá ag gníomhú i gcáil ghairmiúil, a bheith i dtríú páirtí a gcuirtear sonraí ar fáil dó. Agus na sonraí á gcur ar fáil don tríú páirtí, níor cheart do shealbhóir sonraí mí-úsáid a bhaint as a staid chun féachaint le buntáiste iomaíoch a fháil i margaí ina bhféadfaidh an sealbhóir sonraí agus an tríú páirtí a bheith in iomaíocht dhíreach le chéile. Dá bhrí sin níor cheart don sealbhóir sonraí aon sonraí atá ar fáil go héasca a úsáid chun léargas a fháil ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní nó ar mhodhanna táirgthe an tríú páirtí, nó ar úsáid an tríú páirtí ar aon bhealach eile a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de staid tráchtála an tríú páirtí sna margaí ina bhfuil an tríú páirtí gníomhach. Ba cheart don úsáideoir a bheith in ann sonraí neamhphearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe chun críocha tráchtála. Le comhaontú an úsáideora, agus faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, ba cheart tríú páirtithe a bheith in ann na cearta rochtana sonraí arna ndeonú ag an úsáideoir a aistriú chuig tríú páirtithe eile, lena n-áirítear mar mhalairt ar chúiteamh. Féadfaidh idirghabhálaithe sonraí gnólacht le gnólacht agus córais bhainistíochta faisnéise pearsanta (PIMS), dá ngairtear seirbhísí idirghabhála sonraí i Rialachán (AE) 2022/868, tacú le húsáideoirí nó le tríú páirtithe caidreamh tráchtála a bhunú le líon neamhchinntithe contrapháirtithe ionchasacha chun aon chríche dleathaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. D'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith acu ó thaobh an rochtain ar shonraí a chomhiomlánú ionas gur féidir anailísí mórshonraí nó an mheaisínfhoghlaim a éascú, ar choinníoll go mbeidh smacht iomlán ag úsáideoirí i dtaobh na ceiste ar cheart dóibh a gcuid sonraí a chur ar fáil le haghaidh an chomhiomlánaithe sin agus i dtaobh na dtéarmaí tráchtála faoina mbeidh a gcuid sonraí le húsáid.

(34) Féadfaidh úsáid táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire sonraí a ghiniúint a bhaineann leis an t-ábhar sonraí, go háirithe i gcás inar duine nádúrtha an t-úsáideoir. Tá próiseáil na sonraí sin faoi réir na rialacha a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil dlúthbhaint ag sonraí pearsanta agus neamhphearsanta i dtacar sonraí le chéile. Féadfaidh an t-úsáideoir nó duine nádúrtha eile a bheith mar an t-ábhar sonraí. Ní fhéadfaidh ach amháin ábhar sonraí nó rialaitheoir sonraí pearsanta a bhailiú. I gcúinsí áirithe, tá an ceart ag úsáideoir arb é an t-ábhar sonraí é faoi Rialachán (AE) 2016/679 sonraí pearsanta a bhaineann leis an úsáideoir sin a rochtain, agus ní dhéanann an Rialachán seo aon difear do na cearta sin. Faoin Rialachán seo, tá an ceart ag an úsáideoir atá ina dhuine nádúrtha na sonraí uile a bhíonn á nginiúint trí úsáid táirge nasctha a rochtain, bíodh sonraí pearsanta nó neamhphearsanta i gceist. I gcás nach é an t-úsáideoir é an t-ábhar sonraí ach fiontar, lena n-áirítear trádálaí aonair, ach ní i gcás úsáid tí chomhroinnte an táirge nasctha, meastar gur rialaitheoir é an t-úsáideoir. Dá réir sin, tá ceanglas ar úsáideoir den sórt sin mar rialaitheoir a bhfuil beartaithe aige sonraí pearsanta a bhíonn á nginiúint ag úsáid táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire bunús dlí a bheith aige maidir le sonraí a phróiseáil mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/679, amhail toiliú an ábhair sonraí nó feidhmíocht conartha a bhfuil an t-ábhar sonraí ina pháirtí ann. Ba cheart don úsáideoir sin a áirithiú go gcuirtear an t-ábhar sonraí ar an eolas go hiomchuí faoi na cuspóirí sonracha, sainráite agus dlisteanacha lena mbaineann próiseáil na sonraí sin, agus faoin gcaoi ar féidir leis an ábhar sonraí a chearta a fheidhmiú go héifeachtach. I gcás ina bhfuil an sealbhóir sonraí agus an t-úsáideoir ina gcomhrialaitheoirí de réir bhrí Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2016/679, tá ceanglas orthu, ar bhealach trédhearcach trí bhíthin socrú eatarthu, a bhfreagrachtaí faoi seach a chinneadh maidir le comhlíonadh an Rialacháin sin. Ba cheart a thuiscint go bhféadfaidh an t-úsáideoir sin, a luaithe a chuirtear na sonraí ar fáil, a bheith ina shealbhóir sonraí dá réir, má chomhlíonann an t-úsáideoir sin na critéir faoin Rialachán seo agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé faoi réir na n-oibleagáidí chun an sonraí a chur ar fáil faoin Rialachán seo.

(35) Níor cheart sonraí táirgí nó sonraí seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil do thríú páirtí ach amháin arna iarraidh sin don úsáideoir. Leis an Rialachán seo, comhlánaítear dá réir sin an ceart, dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2016/679, atá ag ábhair sonraí chun sonraí pearsanta a bhaineann leo a fháil i bhformáid atá struchtúrtha, a úsáidtear go coiteann agus atá meaisín-inléite, agus na sonraí sin a phortáil chuig rialaitheoir eile, i gcás ina ndéantar na sonraí sin a phróiseáil trí mhodhanna uathoibrithe ar bhonn Airteagal 6(1), pointe (a), nó Airteagal 9(2), pointe (a), nó ar bhonn conartha de bhun Airteagal 6(1), pointe (b), den Rialachán sin. I gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, ba cheart an ceart a bheith ag an ábhar sonraí go ndéanfaí na sonraí pearsanta a tharchur go díreach ó rialaitheoir amháin go rialaitheoir eile, ach i gcás inarb infheidhme go teicniúil amháin. Sonraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2016/679 go mbaineann sé le sonraí a sholáthraíonn an t-ábhar sonraí ach ní shonraítear ann cé acu a éilítear leis sin iompraíocht ghníomhach ar thaobh an ábhair sonraí nó a bhaineann sé freisin le cúinsí ina mbíonn táirge nasctha nó an tseirbhís ghaolmhar, de réir dearaidh, ag faire ar bhealach éighníomhach ar iompraíocht ábhair sonraí nó ar fhaisnéis eile i ndáil le hábhar sonraí. Na cearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, comhlánaíonn siad an ceart chun sonraí pearsanta a fháil agus a phortáil faoi Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2016/679 ar roinnt bealaí. Leis an Airteagal sin, tugtar an ceart d'úsáideoirí rochtain a fháil ar aon sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhairea agus iad a chur ar fáil do thríú páirtí, gan beann ar chineál na sonraí mar shonraí pearsanta, ar an idirdhealú idir sonraí a sholáthraítear go gníomhach nó sonraí a breathnaíodh go héighníomhach, agus gan beann ar bhunús dlí na próiseála. Murab ionann agus Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2016/679, sainordaítear leis an Rialachán seo agus áirithítear leis indéantacht theicniúil rochtana tríú páirtí do gach cineál sonraí a thagann faoina raon feidhme, bídís pearsanta nó neamhphearsanta, agus ar an gcaoi sin áirithítear nach gcuirfidh bacainní teicniúla bac ná cosc a thuilleadh ar rochtain ar na sonraí sin. Cuireann sé ar a chumas na sealbhóirí sonraí freisin cúiteamh réasúnta a shocrú a bheidh le comhlíonadh ag tríú páirtithe, ach ní ag an úsáideoir, as costais a thabhaítear agus rochtain dhíreach á cur ar fáil ar na sonraí a bhíonn á nginiúint ag táirge nasctha an úsáideora. Mura bhfuil sealbhóir sonraí agus tríú páirtí in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an rochtain dhíreach sin, níor cheart aon chosc a chur ar an ábhar sonraí na cearta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 a fheidhmiú, lena n-áirítear an ceart chun iniomparthachta sonraí, trí bhearta ceartaitheacha a lorg i gcomhréir leis an Rialachán sin. Tá sé le tuiscint sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, nach ndéantar foráil le conradh go mbeidh an sealbhóir sonraí nó an tríú páirtí in ann catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil.

(36) Rochtain ar aon sonraí a stóráiltear i dtrealamh teirminéil agus a bhfuil rochtain orthu ón trealamh sin, tá sí faoi réir Threoir 2002/58/CE agus éilítear léi cead ón rannpháirtí nó úsáideoir de réir bhrí na Treorach sin ach amháin má tá géarghá leis an rochtain sin chun seirbhís sochaí faisnéise a sholáthar arna héileamh ag an úsáideoir nó ag an rannpháirtí go sainráite nó chun teachtaireacht a tharchur agus é sin amháin. Cosnaíonn Treoir 2002/58/CE sláine threalamh teirminéil an úsáideora maidir le cumais phróiseála agus stórála a úsáid agus faisnéis a bhailiú. Meastar gur trealamh teirminéil atá i dtrealamh a bhaineann le hIdirlíon na Rudaí Nithiúla má tá sé nasctha go díreach nó go hindíreach le líonra cumarsáide poiblí.

(37) Chun dúshaothrú úsáideoirí a chosc, níor cheart do thríú páirtithe ar cuireadh sonraí ar fáil dóibh arna iarraidh sin don úsáideoir na sonraí sin a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch a comhaontaíodh leis an úsáideoir agus níor cheart dóibh iad a chomhroinnt le tríú páirtí eile ach amháin le comhaontú an úsáideora maidir le comhroinnt sonraí de sórt sin.

(38) I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, níor cheart do thríú páirtithe faisnéis a rochtain ach amháin má tá gá léi chun an tseirbhís arna hiarraidh ag an úsáideoir a sholáthar. Agus rochtain faighte ag an tríú páirtí ar na sonraí, ba cheart dó iad a phróiseáil chun na gcríoch a comhaontaíodh leis an úsáideoir, gan chur isteach ón sealbhóir sonraí. Ba cheart é a bheith chomh héasca céanna ar an úsáideoir rochtain an tríú páirtí ar na sonraí a dhiúltú nó deireadh a chur léi is atá sé ar an úsáideoir an rochtain a údarú. Níor cheart do thríú páirtithe ná do shealbhóirí sonraí feidhmiú roghanna ná chearta an úsáideora a dhéanamh ródheacair trí roghanna a thairiscint don úsáideoir ar bhealach neamhneodrach, nó tríd an úsáideoir a chomhéigniú, a mheabhlú nó a chúbláil, ná trí neamhspleáchas, cinnteoireacht nó roghanna an úsáideora a threascairt nó a lagú, lena n-áirítear trí bhíthin comhéadain dhigitigh úsáideora nó cuid de. Sa chomhthéacs sin, níor cheart do thríú páirtithe ná sealbhóirí sonraí brath ar 'phátrúin dhorcha', mar a thugtar orthu, agus a gcomhéadain dhigiteacha á ndearadh acu. Is teicnící dearthóireachta iad pátrúin dhorcha a bhrúnn nó a mheabhlaíonn tomhaltóirí chun cinntí a dhéanamh a mbeidh iarmhairtí diúltacha ann dóibh mar thoradh orthu. Is féidir na teicnící cúblála sin a úsáid chun áitiú ar úsáideoirí, go háirithe tomhaltóirí leochaileacha, dul i mbun iompraíocht neamh-inmhianaithe, chun úsáideoirí a mheabhlú trí thathant orthu cinntí a dhéanamh faoi idirbhearta nochta sonraí nó chun cinnteoireacht úsáideoirí na seirbhíse a laobhadh go míréasúnach, ar bhealach a threascraíonn nó a chuireann isteach ar a neamhspleáchas, a gcinnteoireacht agus a rogha. Cleachtais tráchtála chomónta agus dhlisteanacha a chomhlíonann dlí an Aontais, níor chóir iad a mheas iontu féin mar phátrúin dhorcha. Ba cheart do thríú páirtithe agus do shealbhóirí sonraí a n-oibleagáidí faoi dhlí ábhartha an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe na ceanglais a leagtar síos i dTreoracha 98/6/CE[1] agus 2000/31/CE[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i dTreoracha 2005/29/CE agus 2011/83/AE.

---

[1] Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl (IO L 80, 18.3.1998, lch. 27).

[2] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

(39) Ina theannta sin, níor cheart do thríú páirtithe na sonraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a úsáid chun daoine a phróifíliú ach amháin má tá géarghá le gníomhaíochtaí próiseála den sórt sin chun an tseirbhís atá iarrtha ag an úsáideoir a sholáthar, lena n-áirítear i gcomhthéacs na cinnteoireachta uathoibrithe. An ceanglas maidir le sonraí a scriosadh nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh le haghaidh an chuspóra a comhaontaíodh leis an úsáideoir, murar thángthas ar chomhaontú ar bhealach eile maidir le sonraí neamhphearsanta, comhlánaíonn sé ceart an t-ábhar sonraí go ndéanfaí scriosadh de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás inar soláthraí seirbhíse idirghabhála sonraí é tríú páirtí, beidh feidhm ag na coimircí don ábhar sonraí dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2022/868. Féadfaidh an tríú páirtí na sonraí a úsáid chun táirge nasctha nua nuálach nó seirbhís ghaolmhar a fhorbairt ach ní chun táirge nasctha atá in iomaíocht leis a fhorbairt.

(40) Bíonn deacrachtaí ag gnólachtaí nuathionscanta, fiontair bheaga a cháilíonn mar fhiontair mheánmhéide faoi Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE agus fiontair ó earnálacha traidisiúnta nach bhfuil a gcumais dhigiteacha chomh forbartha sin rochtain a fháil ar shonraí ábhartha. Is é aidhm don Rialachán seo rochtain ar shonraí a éascú le haghaidh na n-eintiteas sin, agus san am céanna a áirithiú go ndéanfar na hoibleagáidí comhfhreagracha a mheas go comhréireach a mhéad is féidir chun a áirithiú nach bhfuil siad iomarcach. An tráth céanna, tá líon beag fiontair an-mhór tar éis teacht chun cinn agus cumhacht mhór eacnamaíoch sa gheilleagar digiteach acu trí mhéideanna ollmhóra sonraí a charnadh agus a chomhiomlánú, agus an bonneagar teicneolaíochta acu freisin chun luach airgid a chur ar na sonraí sin. Áirítear leis na fiontair an-mhóra sin gnóthais a sholáthraíonn croísheirbhísí ardáin lena rialaítear éiceachórais ardáin iomláin sa gheilleagar digiteach, gnóthais nach bhfuil oibreoirí atá sa mhargadh faoi láthair nó oibreoirí nua in ann a ndúshlán a thabhairt dóibh ná dul san iomaíocht leo. Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] na neamhéifeachtúlachtaí agus míchothromaíochtaí sin a leigheas trí chead a thabhairt don Choimisiún gnóthas a ainmniú mar 'gheatóir', agus déanann sé roinnt oibleagáidí a fhorchur ar gheatóirí den sórt sin, lena n-áirítear toirmeasc ar shonraí áirithe a chomhcheangal gan chead, agus oibleagáid chun cearta éifeachtacha ar iniomparthacht sonraí a áirithiú faoi Airteagal 20 de Rialacháin (AE) 2016/679. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1925 agus i bhfianaise chumas dosháraithe na ngnóthas sin sonraí a ghnóthú, níl sé riachtanach chun cuspóir an Rialacháin a bhaint amach agus, dá bhrí sin, bheadh sé díréireach i ndáil le sealbhóirí sonraí a bheadh faoi réir na n-oibleagáidí sin, chun na geatóirí a áireamh mar thairbhithe an chirt chun sonraí a rochtain.

---

1 Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).

Is dócha go gcuirfeadh cuimsiú den sórt sin teorainn le tairbhí an Rialacháin seo do FBManna, atá nasctha le cothroime dháileadh an luacha sonraí ar fud gníomhaithe margaidh. Ciallaíonn sin, i gcás gnóthas a mbíonn croísheirbhísí ardáin á soláthar aige agus é ainmnithe mar gheatóir, nach féidir leis an ngnóthas sin sonraí úsáideoirí a bhíonn á nginiúint ag úsáid táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire nó ag cúntóir IS a iarraidh ná ní féidir rochtain ar shonraí den chineál sin a thabhairt dó, de bhun an Rialacháin seo. Thairis sin, tríú páirtithe a gcuirtear sonraí ar fáil dóibh arna iarraidh sin don úsáideoir, ní fhéadfaidh siad na sonraí a chur ar fáil do gheatóir. Mar shampla, ní fhéadfaidh an tríú páirtí an soláthar seirbhísí a ligean ar fochonradh do gheatóir. Mar sin féin, ní chuireann sin cosc ar thríú páirtithe úsáid a bhaint as seirbhísí próiseála sonraí atá á gcur ar fáil ag geatóir. Leis sin, ní chuirtear cosc ach oiread ar na gnóthais sin na sonraí céanna a fháil agus a úsáid trí mhodhanna dleathacha eile. Cuireann na cearta rochtana dá bhforáiltear sa Rialachán seo le rogha níos leithne seirbhísí do thomhaltóirí. Ós rud é nach ndéantar difear do chomhaontuithe deonacha idir geatóirí agus sealbhóirí sonraí, ní dhéanfadh an teorannú ar rochtain a dheonú do gheatóirí iad a eisiamh ón margadh ná cosc a chur orthu a gcuid seirbhísí a thairiscint.

(41) I bhfianaise staid reatha na teicneolaíochta, bheadh ualach rómhór ag baint le tuilleadh oibleagáidí dearthóireachta a fhorchur i ndáil le táirgí nasctha a bhíonn á monarú nó á ndearadh ag micrifhiontair agus fiontair bheaga, nó na seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn siad. Ní hamhlaidh atá, áfach, i gcás ina bhfuil fiontar comhpháirtíochta nó fiontar nasctha de réir bhrí Airteagal 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, ag micrifhiontar nó ag fiontar beag, nach gcáilíonn mar mhicrifhiontar nó fiontar beag agus i gcás ina bhfuil sé ar fochonradh chun táirge nasctha a mhonarú nó a dhearadh nó seirbhís ghaolmhar a sholáthar. I gcásanna mar sin, tá an fiontar a lig an monarú nó an dearadh ar fochonradh do mhicrifhiontar nó d'fhiontar beag in ann an fochonraitheoir a chúiteamh go hiomchuí. Mar sin féin, d'fhéadfadh micrifhiontar nó fiontar beag a bheith faoi réir na gceanglas a leagtar síos leis an Rialachán seo mar shealbhóir sonraí, i gcás nach é an micrifhiontar nó fiontar beag sin monaróir an táirge nasctha nó soláthraí na seirbhísí gaolmhara. Ba cheart feidhm a bheith ag idirthréimhse maidir le fiontar a cháiligh mar fhiontar meánmhéide ar feadh tréimhse is lú ná bliain amháin agus maidir le táirgí nasctha ar feadh bliain amháin tar éis an dáta ar chuir fiontar meánmhéide ar an margadh iad. Le tréimhse bliana den sórt sin, is féidir le fiontar meánmhéide den sórt sin coigeartú agus ullmhú a dhéanamh sula dtabharfar aghaidh ar iomaíocht sa mhargadh le haghaidh seirbhísí do na táirgí nasctha a mhonaraíonn siad, ar bhonn na gceart rochtana dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Ní bheidh feidhm ag idirthréimhse den sórt sin i gcás ina bhfuil fiontar comhpháirtíochta nó fiontar nasctha ag fiontar meánmhéide den sórt sin nach gcáilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontar beag nó i gcás inar cuireadh fiontar meánmhéide den sórt sin ar fochonradh chun an táirge nasctha a mhonarú nó a dhearadh nó chun an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar.

(42) Agus éagsúlacht na dtáirgí nasctha á gcur san áireamh, ar táirgí iad lena ndéantar sonraí de chineál, de mhéid agus de mhinicíocht éagsúil a tháirgeadh, lena mbaineann leibhéil éagsúla sonraí agus rioscaí cibearshlándála, agus lena ndéantar deiseanna eacnamaíocha a bhfuil luach éagsúil acu a chur ar fáil agus chun comhsheasmhacht na gcleachtas comhroinnte sonraí sa mhargadh inmheánach a áirithiú, lena n-áirítear ar fud earnálacha, agus chun cleachtais chothroma comhroinnte sonraí a spreagadh agus a chur chun cinn fiú i réimsí nach bhfuil aon cheart den sórt sin ar rochtain ar shonraí curtha ar fáil iontu, foráiltear leis an Rialachán seo do rialacha cothrománacha maidir leis na socruithe le haghaidh rochtain ar shonraí, aon uair a cheanglaítear ar shealbhóir sonraí, faoi dhlí an Aontais nó faoin reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí. Ba cheart rochtain mar sin a bheith bunaithe ar théarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnta, neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha. Níl feidhm ag na rialacha rochtana ginearálta sin maidir le hoibleagáidí chun sonraí a chur ar fáil faoi Rialachán (AE) 2016/679. Ní imríonn na rialacha sin aon tionchar ar chomhroinnt dheonach sonraí. Féadfaidh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha neamhcheangailteacha maidir le comhroinnt sonraí gnólacht le gnólacht atá le forbairt agus le moladh ag an gCoimisiún cabhrú le páirtithe conradh a thabhairt i gcrích lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus ar comhaontuithe iad a chuirtear chun feidhme ar bhealach trédhearcach. Níor cheart go gciallódh tabhairt i gcrích conartha a bhféadfadh na téarmaí conarthacha eiseamláireacha neamhcheangailteacha a bheith san áireamh ann, go mbeadh an ceart chun sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe coinníollach ar aon bhealach ar an gconradh sin a bheith ann. I gcás nach mbeidh páirtithe in ann conradh a thabhairt i gcrích maidir le comhroinnt sonraí, lena n-áirítear le tacaíocht ó chomhlachtaí um réiteach díospóidí, beidh an ceart chun sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe in-fhorfheidhmithe i gcúirteanna nó i mbinsí náisiúnta.

(43) Ar bhonn phrionsabal na saoirse conarthaí, ba cheart saoirse a bheith ag páirtithe fós chun caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an coinníollacha beachta a bhaineann le sonraí a chur ar fáil ina gconarthaí, faoi chuimsiú na rialacha rochtana ginearálta i dtaca le sonraí a chur ar fáil. D'fhéadfaí bearta teicniúla agus eagraíochtúla a áireamh i dtéarmaí na gconarthaí sin, lena n-áirítear bearta a bhaineann le slándáil sonraí.

(44) Chun a áirithiú go bhfuil cothroime ann don dá chomhpháirtí i gconradh sna coinníollacha i ndáil le rochtain éigeantach ar shonraí, ba cheart, leis na rialacha ginearálta maidir le cearta rochtain ar shonraí, tagairt a dhéanamh don riail faoi théarmaí éagóracha conarthacha a sheachaint.

(45) Maidir le haon chomhaontú a thabharfar i gcrích, i gcaidreamh gnólacht le gnólacht, le haghaidh sonraí a chur ar fáil, ba cheart dó a bheith neamh-idirdhealaitheach idir catagóirí inchomparáide faighteoirí sonraí, is cuma más fiontair mhóra nó FBManna iad na páirtithe. Chun an easpa faisnéise faoi na coinníollacha atá i gconarthaí éagsúla a chúiteamh, rud a dhéanann deacair don fhaighteoir sonraí é a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil na téarmaí a bhaineann leis na sonraí a chur ar fáil neamh-idirdhealaitheach, ba cheart do na sealbhóirí sonraí a bheith freagrach as a léiriú nach bhfuil téarma conartha idirdhealaitheach. I gcás ina n-úsáideann sealbhóir sonraí téarmaí conartha difriúla chun sonraí a chur ar fáil, ní idirdhealú neamhdhleathach é má tá cúiseanna oibiachtúla ina n-údar leis na difríochtaí sin. Ní dochar na hoibleagáidí sin do Rialachán (AE) 2016/679.

(46) Chun infheistíocht leanúnach i nginiúint agus i gcur ar fáil sonraí luachmhara a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíochtaí in uirlisí teicniúla ábhartha, agus ag an am céanna ualaí iomarcacha a sheachaint maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a fhágann nach mbeidh comhroinnt sonraí inmharthana a thuilleadh ó thaobh na tráchtála de, tá an prionsabal sa Rialachán seo go bhféadfaidh sealbhóirí sonraí i gcaidreamh gnólacht le gnólacht cúiteamh réasúnta a iarraidh nuair a cheanglaítear de bhun dhlí an Aontais nó de bhun reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí. Níor cheart an cúiteamh sin a thuiscint mar íocaíocht as na sonraí féin. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir leis an gcaoi a ndéantar cúiteamh réasúnach sa gheilleagar sonraí a ríomh.

(47) Ar an gcéad dul síos, féadfar cúiteamh as na costais a tabhaíodh agus na sonraí á gcur ar fáil a áireamh i gcúiteamh réasúnta as an oibleagáid de bhun dhlí an Aontais nó de bhun reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais a chomhlíonadh maidir le hiarraidh ar shonraí a chur ar fáil a chomhlíonadh. Féadfaidh sé gur costais theicniúla iad na costais sin, amhail na costais is gá chun sonraí a atáirgeadh, a scaipeadh trí mhodhanna leictreonacha agus a stóráil, ach ní chun sonraí a bhailiú nó a tháirgeadh. Féadfaidh a áireamh ar na costais theicniúla sin freisin na costais a bhaineann le próiseáil, ar costais iad atá riachtanach chun sonraí a chur ar fáil, lena n-áirítear costais a bhaineann le formáidiú na sonraí. Féadfaidh a áireamh sna costais a bhaineann leis na sonraí a chur ar fáil freisin na costais a bhaineann le hiarrataí nithiúla ar chomhroinnt sonraí a éascú. Féadfaidh siad a bheith éagsúil freisin ag brath ar mhéid na sonraí chomh maith leis na socruithe a rinneadh chun na sonraí a chur ar fáil. D'fhéadfaí laghdú a dhéanamh ar na costais in idirbhearta tráthrialta nó atriallacha i gcaidreamh gnó trí shocruithe fadtéarmacha idir sealbhóirí sonraí agus faighteoirí sonraí, mar shampla trí shamhail na suibscríbhinne nó trí úsáid a bhaint as conarthaí cliste. Maidir leis na costais a bhaineann le sonraí a chur ar fáil, baineann siad go sonrach le hiarraidh ar leith nó cumhdaíonn siad roinnt iarrataí. I gcás ina gcumhdaíonn siad roinnt iarrataí, níor cheart go mbeadh ar fhaighteoir sonraí amháin na costais iomlána a bhaineann leis na sonraí a chur ar fáil a íoc. Ar an dara dul síos, féadfar corrlach a áireamh i gcúiteamh réasúnta, cé is moite de FBManna agus eagraíochtaí taighde neamhbhrabúis. D'fhéadfadh corrlach a bheith éagsúil ag brath ar fhachtóirí a bhaineann leis na sonraí féin, amhail méid, formáid nó cineál na sonraí. Féadfar na costais a bhaineann leis na sonraí a bhailiú a chur san áireamh sa chorrlach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh laghdú teacht ar an gcorrlach i gcás inar bhailigh an sealbhóir sonraí na sonraí dá ghnólacht féin gan infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh nó d'fhéadfadh méadú teacht air i gcás ina bhfuil na hinfheistíochtaí i mbailiú sonraí ar mhaithe le gnólacht an tsealbhóra sonraí fairsing. D'fhéadfadh teorainn a bheith leis nó d'fhéadfaí é a chur as an áireamh fiú i gcásanna nach ndéanann an úsáid a bhaineann an faighteoir sonraí as na sonraí difear do ghníomhaíochtaí an tsealbhóra sonraí féin. Ós rud é go ndéanann táirge nasctha ar leis an úinéir é, atá ar cíos nó ar léas aige nó aici, na sonraí a chomhghiniúint, d'fhéadfadh sé sin méid an chúitimh a laghdú freisin i gcomparáid le cásanna eile ina ngineann an sealbhóir sonraí na sonraí, mar shampla le linn do sheirbhís ghaolmhar a bheith á soláthar.

(48) Ní gá idirghabháil a dhéanamh i gcás ina bhfuil sonraí á gcomhroinnt idir fiontair mhóra, nó i gcás inar fiontar beag nó fiontar meánmhéide é an sealbhóir sonraí agus inar fiontar mór é an faighteoir sonraí. Sna cásanna sin, meastar go bhfuil na fiontair in ann an cúiteamh a chaibidliú laistigh de theorainneacha an mhéid atá réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.

(49) Chun FBManna a chosaint ar ualaigh eacnamaíocha iomarcacha a dhéanfadh ródheacair orthu samhlacha gnó nuálacha a fhorbairt agus a rith, níor cheart go sáródh an cúiteamh réasúnach atá le híoc acu chun sonraí a chur ar fáil na costais a bhaineann go díreach leis na sonraí a chur ar fáil. Is ionann na costais a bhaineann go díreach leis na costais sin atá inchurtha i leith iarrataí aonair, ag cur san áireamh go bhfuil na comhéadain theicniúla riachtanacha nó na bogearraí agus an nascacht ghaolmhar le bunú ar bhonn buan ag an sealbhóir sonraí. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras céanna maidir leis na heagraíochtaí taighde neamhbhrabúis.

(50) I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear nuair a bhíonn gá le coimirce a thabhairt do rannpháirtíocht tomhaltóirí agus don iomaíochas nó chun an nuálaíocht a chur chun cinn i margaí áirithe, féadfar foráil a dhéanamh maidir le cúiteamh rialaithe as cineálacha sonracha sonraí a chur ar fáil i ndlí an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais.

(51) Is prionsabal tábhachtach é an trédhearcacht chun a áirithiú go bhfuil an cúiteamh atá á iarraidh ag sealbhóir sonraí réasúnta, nó, más FBM é an faighteoir sonraí nó eagraíocht taighde neamhbhrabúis, nach sáraíonn an cúiteamh na costais a bhaineann go díreach leis na sonraí a chur ar fáil don fhaighteoir sonraí agus go bhfuil siad inchurtha i leith na hiarrata aonair lena mbaineann. Chun cur ar a gcumas d'fhaighteoirí sonraí a mheasúnú agus a fhíorú go gcomhlíonann an cúiteamh ceanglais an Rialacháin seo, ba cheart don sealbhóir sonraí an fhaisnéis, mionsonraithe go leor, a sholáthar don fhaighteoir sonraí lenar féidir an cúiteamh a ríomh.

(52) Má áirithítear rochtain ar bhealaí malartacha chun díospóidí intíre agus trasteorann a réiteach a thagann aníos i dtaca le sonraí a chur ar fáil, ba cheart é sin a bheith chun tairbhe sealbhóirí sonraí agus faighteoirí sonraí agus ba cheart an iontaoibh sa chomhroinnt sonraí a neartú dá bharr. Nuair nach féidir le comhpháirtithe teacht ar chomhaontú faoi théarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha maidir le sonraí a chur ar fáil, ba cheart do chomhlachtaí um réiteach díospóidí réiteach simplí, mear agus ísealchostais a chur ar fáil do na comhpháirtithe. Cé nach leagtar síos leis an Rialachán seo ach na coinníollacha nach mór do chomhlachtaí um réiteach díospóidí a chomhlíonadh chun deimhniú a fháil, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit aon rialacha sonracha a ghlacadh maidir leis an nós imeachta deimhniúcháin, lena n-áirítear dul in éag nó cúlghairm deimhniúcháin. Níor cheart d'fhorálacha an Rialacháin seo maidir le réiteach díospóide a chur de cheangal ar na Ballstáit comhlachtaí um réiteach díospóide a bhunú.

(53) Is nós imeachta deonach é an nós imeachta um réiteach díospóidí faoin Rialachán seo lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí, sealbhóirí sonraí agus faighteoirí sonraí teacht ar chomhaontú maidir lena ndíospóidí a thabhairt os comhair comhlachtaí um réiteach díospóidí. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith de shaoirse ag na páirtithe dul i dteagmháil le comhlacht um réiteach díospóidí dá rogha féin, bíodh sin laistigh nó lasmuigh de na Ballstáit ina bhfuil na páirtithe sin bunaithe.

(54) Chun cásanna a sheachaint ina ngabhfaí dhá chomhlacht um réiteach díospóidí le haghaidh na díospóide céanna, go háirithe i staid trasteorann, ba cheart comhlacht um réiteach díospóidí a bheith in ann diúltú do dhéileáil le hiarraidh chun díospóid a réiteach i gcás inar cuireadh an díospóid sin faoi bhráid comhlacht um réiteach díospóidí eile cheana nó faoi bhráid cúirt nó binse Ballstáit.

(55) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na comhlachtaí um réiteach díospóidí na téarmaí conarthacha eiseamláireacha neamhcheangailteacha atá le forbairt agus le moladh ag an gCoimisiún a chur san áireamh chomh maith le dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena sonraítear oibleagáidí comhroinnte sonraí nó treoirlínte arna n-eisiúint ag údaráis earnála chun dlí den sórt sin a chur i bhfeidhm.

(56) Níor cheart cosc a chur ar chomhpháirtithe in imeachtaí um réiteach díospóidí a gcearta bunúsacha chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cóyra a fheidhmiú. Dá bhrí sin, níor cheart, leis an gcinneadh a dhéanann na páirtithe sin chun díospóid a chur faoi bhráid comhlacht um réiteach díospóidí, an ceart a bhaint díobh sásamh a lorg os comhair cúirt nó binse Ballstáit. Ba cheart do chomhlachtaí um réiteach díospóidí tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a chur ar fáil go poiblí.

(57) Féadfaidh sealbhóirí sonraí bearta iomchuí cosanta teicniúla a chur i bhfeidhm chun nochtadh neamhdhleathach sonraí nó rochtain neamhdhleathach ar shonraí a chosc. Leis na bearta sin, áfach, níor cheart idirdhealú a dhéanamh idir faighteoirí sonraí, ná níor cheart dóibh bac a chur ar rochtain nó úsáid sonraí d'úsáideoirí nó d'fhaighteoirí sonraí. I gcás ina ndéanann faighteoir sonraí cleachtais mhí-úsáideacha, amhail an sealbhóir sonraí a chur ar míthreoir trí fhaisnéis bhréagach a sholáthar agus é ar intinn aige na sonraí a úsáid chun críocha neamhdhleathacha, lena n-áirítear táirge nasctha atá in iomaíocht a fhorbairt ar bhonn na sonraí, féadfaidh an sealbhóir sonraí agus, i gcás inarb infheidhme agus i gcás nach iad an duine céanna iad, sealbhóir an rúin trádála nó an t-úsáideoir iarraidh ar an triú páirtí nó ar an bhfaighteoir sonraí bearta ceartaitheacha nó feabhais a chur chun feidhme gan moill mhíchuí. Maidir le haon iarrataí den sórt sin, agus go háirithe iarrataí chun deireadh a chur le táirgeadh, tairiscint nó cur ar an margadh earraí, sonraí díorthacha nó seirbhísí, chomh maith le deireadh a chur le hallmhairiú, onnmhairiú, stóráil earraí sáraitheacha nó scriosadh na n-earraí sin, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu i bhfianaise a gcomhréireachta i ndáil le leasanna shealbhóir na sonraí, shealbhóir an rúin trádála, nó an úsáideora.

(58) I gcás ina bhfuil páirtí amháin i suíomh margála níos láidre, tá an baol ann go bhféadfadh an páirtí sin tairbhe a bhaint as an suíomh sin ar bhealach a dhéanfadh dochar don pháirtí conartha eile le linn do chaibidlíocht a bheith á déanamh maidir le rochtain ar shonraí, agus de thoradh air sin go ndéanfaí difear d'inmharthanacht na sonraí ó thaobh na tráchtála de agus go gcuirfí toirmeasc orthu go heacnamaíoch uaireanta. Déanann na míchothromaíochtaí conarthacha sin dochar do gach fiontair nach bhfuil cumas fóinteach acu caibidlíocht a dhéanamh faoi na coinníollacha a bhaineann le rochtain ar shonraí, fiontair a bhféadfadh nach bhfuil an dara rogha acu ach glacadh le téarmaí conartha nach bhfuil rogha mhalartach orthu. Dá bhrí sin, téarmaí éagóracha conarthacha lena rialaítear rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí, nó an dliteanas agus na leigheasanna maidir le sárú nó foirceannadh na n-oibleagáidí a bhaineann leis na sonraí, níor cheart do na téarmaí sin a bheith ina gceangal ar fhiontair nuair a fhorchuirtear na téarmaí sin ar na fiontair sin go haontaobhach.

(59) Leis na rialacha maidir le téarmaí conartha, ba cheart prionsabal na saoirse conarthaí a chur san áireamh mar choincheap bunriachtanach den chaidreamh gnólacht le gnólacht. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh gach téarma conartha faoi réir measúnú éagóra, ach díreach na téarmaí sin a fhorchuirtear go haontaobhach ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Baineann sin le cásanna nach bhfuil rogha mhalartach ann i gcás ina soláthraíonn páirtí amháin téarma conarthach áirithe agus nach bhfuil ar chumas an fhiontair eile tionchar a imirt ar ábhar an téarma sin d'ainneoin iarracht caibidlíocht a dhéanamh ina leith. I gcás téarma conarthach a dhéanann páirtí amháin a sholáthar agus a nglacann an fiontar eile leis, nó i gcás téarma a ndéantar caibidlíocht ina leith agus a chomhaontaítear ina dhiaidh sin ar bhealach leasaithe idir na páirtithe conarthacha, níor cheart an téarma sin a mheas mar théarma a forchuireadh go haontaobhach.

(60) Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le téarmaí éagóracha conartha ach amháin i ndáil leis na heilimintí de chonradh a bhaineann le sonraí a chur ar fáil, is é sin, téarmaí conartha a bhaineann le rochtain ar shonraí agus úsáid na sonraí, chomh maith le dliteanas nó leigheasanna i leith sárú agus foirceannadh oibleagáidí a bhaineann le sonraí. Níor cheart codanna eile den chonradh céanna, nach mbaineann le sonraí a chur ar fáil, a bheith faoi réir an mheasúnaithe éagóra a leagtar síos sa Rialachán seo.

(61) Níor cheart feidhm a bheith ag na critéir chun téarmaí éagóracha conartha a shainaithint ach amháin maidir le téarmaí conartha iomarcacha, i gcás inar mí-úsáideadh seasamh margála níos láidre. Tromlach mór na dtéarmaí conartha atá níos fabhraí do pháirtí amháin ó thaobh na tráchtála de ná do pháirtí eile, lena n-áirítear téarmaí ar gnách iad a bheith i gconarthaí gnólacht le gnólacht, is gnáthléiriú iad ar phrionsabal na saoirse conarthaí agus leanann siad d’feidhm a bheith acu. Chun críocha an Rialacháin seo, d’áireofaí leis an diall mór ón dea-chleachtas tráchtála, *inter alia*, dochar oibiachtúil a dhéanamh do chumas an pháirtí ar ar forchuireadh an téarma go haontaobhach a leas tráchtála dlisteanach a chosaint sna sonraí atá i gceist.

(62) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, bunaítear leis an Rialachán seo liosta clásal a mheastar a bheith éagórach i gcónaí agus liosta clásal a thoimhdítear a bheith éagórach. Sa chás deireanach sin, ba cheart don fhiontar a fhorchuireann an téarma conarthach a bheith in ann toimhde na héagóra a bhréagnú trína léiriú nach bhfuil an téarma conarthach a liostaítear sa Rialachán seo éagórach sa chás sonrach atá i gceist. Mura bhfuil téarma conartha san áireamh sa liosta téarmaí a mheastar i gcónaí iad a bheith éagórach nó a nglactar leis ina leith go bhfuil siad éagórach, tá feidhm ag an bhforáil éagóra ginearálta. Maidir leis sin, ba cheart na téarmaí atá liostaithe mar théarmaí éagóracha conarthacha sa Rialachán seo a bheith ina slat tomhais chun an fhoráil éagóra ginearálta a léirmhíniú. Ar deireadh, d’fhéadfadh téarmaí conartha samhlacha neamhcheangailteacha le haghaidh conarthaí comhroinnte sonraí gnólacht le gnólacht a bheith cabhrach do chomhpháirtithe tráchtála freisin agus caibidlíocht á déanamh acu faoi chonarthaí, téarmaí a bheadh le forbairt agus le moladh ag an gCoimisiún. Má dhearbhaítear téarma conarthach a bheith éagórach, ba cheart go leanfadh an conradh lena mbaineann d’fheidhm a bheith aige gan an téarma sin, mura rud é nach féidir an téarma conarthach éagórach a scaradh ó théarmaí eile an chonartha.

(63) I gcásanna ina bhfuil gá eisceachtúil leis, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chomhlachtaí earnála poiblí, ar an gCoimisiún, ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar chomhlachtaí de chuid an Aontais sonraí atá ann cheana a úsáid i bhfeidhmiú a ndualgas ar mhaithe le leas an phobail, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, meiteashonraí a ghabhann leo, chun freagairt ar éigeandálaí poiblí nó i gcásanna eisceachtúla eile. Is éard atá i gceist le riachtanais eisceachtúla imthosca nach féidir a thuar agus a bhfuil teorainn ama leo, i gcodarsnacht le himthosca eile a d'fhéadfaí a phleanáil, a sceidealú, bídís ann go tréimhsiúil nó go minic. Cé nach n-áirítear comhlachtaí earnála poiblí go ginearálta leis an gcoincheap 'sealbhóir sonraí', d'fhéadfadh gnóthais phoiblí a bheith san áireamh ann. Is ceart na heagraíochtaí déanta taighde agus na heagraíochtaí cistithe taighde a eagrú freisin mar chomhlachtaí earnála poiblí nó mar chomhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí. Chun an t-ualach ar ghnólachtaí a theorannú, níor cheart oibleagáid a bheith ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga sonraí a sholáthar ach amháin do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí de chuid an Aontais i gcásanna ina bhfuil gá eisceachtúil le sonraí den sórt sin chun freagairt ar éigeandáil phoiblí agus nach bhfuil comhlacht na hearnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach ná comhlacht an Aontais in ann sonraí den sórt sin a fháil ar mhodh malartach ar bhealach tráthúil éifeachtach faoi choinníollacha coibhéiseacha.

(64) I gcás éigeandálaí poiblí, amhail éigeandálaí sláinte poiblí, éigeandálaí mar thoradh ar mhórthubaistí nádúrtha, lena n-áirítear tubaistí atá níos measa de dheasca an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil, chomh maith le mórthubaistí mar gheall ar iompraíocht an duine, amhail mórtheagmhais chibearshlándála, is mó an leas poiblí a eascraíonn as úsáid na sonraí ná leasanna na sealbhóirí sonraí chun na sonraí atá ina seilbh a dhiúscairt gan srian. I gcás mar sin, ba cheart sealbhóirí sonraí a chur faoi oibleagáid na sonraí a chur ar fáil do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí de chuid an Aontais arna iarraidh sin dóibh. Ba cheart éigeandáil phoiblí a chinneadh nó a dhearbhú i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta ar bhonn na nósanna imeachta ábhartha, lena n-áirítear nósanna imeachta na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha. Sna cásanna sin, ba cheart don chomhlacht earnála poiblí a léiriú nach bhféadfaí na sonraí atá faoi raon feidhme na hiarrata a fháil seachas sin ar bhealach tráthúil agus éifeachtach agus faoi choinníollacha coibhéiseacha, mar shampla trí shonraí a sholáthar go deonach ag fiontar eile nó trí bhunachar sonraí poiblí a cheadú.

(65) D’fhéadfadh gá eisceachtúil a bheith ann freisin mar gheall ar chásanna neamhéigeandála. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag comhlacht earnála poiblí, ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlacht de chuid an Aontais gan ach sonraí neamhphearsanta a iarraidh. Ba cheart don chomhlacht earnála poiblí a léiriú go bhfuil na sonraí riachtanach chun cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh, ar cúram é dá bhforáiltear go sainráite sa dlí, amhail staidreamh oifigiúil a dhéanamh nó an maolú nó téarnamh ó éigeandáil phoiblí. Ina theannta sin, ní féidir an iarraidh sin a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh sonraí sonracha sainaitheanta ag an gcomhlacht earnála poiblí, ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag an gcomhlacht de chuid an Aontais nach bhféadfaí a fháil ar shlí eile ar bhealach tráthúil, éifeachtach agus faoi choinníollacha coibhéiseacha agus ní dhéanfar an iarraidh ach amháin má tá gach modh eile atá ar fáil dó ídithe aige chun na sonraí sin a fháil, amhail na sonraí a fháil trí chomhaontuithe deonacha, lena n-áirítear sonraí neamhphearsanta a cheannach ar an margadh trí rátaí margaidh a thairiscint, nó trí bhrath ar oibleagáidí atá ann cheana chun sonraí a chur ar fáil nó trí bhearta reachtacha nua a ghlacadh lena bhféadfaí infhaighteacht thráthúil sonraí a ráthú. Ba cheart feidhm a bheith freisin ag na coinníollacha agus na prionsabail a rialaíonn hiarrataí, amhail iad siúd a bhaineann le teorannú de réir cuspóra, le comhréireacht, le trédhearcacht agus le teorainn ama. I gcás iarrataí ar shonraí is gá chun staidreamh oifigiúil a tháirgeadh, ba cheart don chomhlacht earnála poiblí iarrthach a léiriú freisin cibé an gceadaítear leis an dlí náisiúnta dó sonraí neamhphearsanta a cheannach ar an margadh.

(66) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le socruithe deonacha chun sonraí a mhalartú idir eintitis phríobháideacha agus phoiblí, lena n-áirítear soláthar sonraí ag FBManna, ná níor cheart go mbeadh feidhm aige roimh ré, agus ní dochar é do ghníomhartha dlí de chuid an Aontais lena bhforáiltear d'iarrataí éigeantacha ar fhaisnéis ó eintitis phoiblí chuig eintitis phríobháideacha. Leis an Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh d'oibleagáidí a fhorchuirtear ar shealbhóirí sonraí chun sonraí a sholáthar, agus na hoibleagáidí sin á spreagadh ag riachtanais de chineál neamh-eisceachtúil, go háirithe i gcás inarb eol raon na sonraí agus na sealbhóirí sonraí nó i gcás ina mbíonn an úsáid sonraí ag tarlú go tráthrialta, mar a tharlaíonn i gcás oibleagáidí tuairiscithe agus oibleagáidí margaidh inmheánaigh. Leis an Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh ach oiread do na ceanglais chun sonraí a rochtain chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na rialacha is infheidhme, lena n-áirítear cásanna ina sannann comhlachtaí earnála poiblí an cúram chun comhlíontacht a fhíorú d'eintitis nach comhlachtaí earnála poiblí iad.

(67) Comhlánaíonn an Rialachán seo dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta lena bhforáiltear do rochtain ar shonraí chun críocha staidrimh agus do na sonraí sin a úsáid chun críocha staidrimh, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] chomh maith le gníomhartha dlí náisiúnta a bhaineann le staidreamh oifigiúil agus ní dochar é dóibh.

(68) Ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí an Aontais brath ar a gcumhachtaí faoi dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. chun a gcúraimí a fheidhmiú sna réimsí cionta coiriúla nó riaracháin a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla nó riaracháin a fhorghníomhú, chomh maith le sonraí a bhailiú chun críoch cánachais nó custaim. Dá réir sin, ní dhéanann an Rialachán seo difear do ghníomhartha reachtacha maidir le sonraí a chomhroinnt, a rochtain agus a úsáid sna réimsí sin.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach. (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

(69) I gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679, tá gá le creat comhréireach, teoranta agus intuartha ar leibhéal an Aontais agus foráil á déanamh maidir leis an mbunús dlí chun cur ar a gcumas do shealbhóirí sonraí, i gcás riachtanais eisceachtúla, sonraí a chur ar fáil do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí de chuid an Aontais, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus freisin chun na hualaigh riaracháin a bhíonn ar ghnólachtaí a laghdú. Chuige sin, ba cheart iarrataí ar shonraí ó chomhlachtaí earnála poiblí, ón gCoimisiún, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ó chomhlachtaí de chuid an Aontais a bheith sonrach, trédhearcach agus comhréireach i raon feidhme a n-ábhair agus a ngráinneachta. Ba cheart cuspóir na hiarrata agus úsáid bheartaithe na sonraí arna n-iarraidh a bheith sonrach agus a bheith sainmhínithe go soiléir, ach ba cheart an tsolúbthacht iomchuí a bheith ann don eintiteas a d'iarr na sonraí chun a chúraimí sonracha a dhéanamh ar mhaithe leis an leas poiblí. Leis an iarraidh, ba cheart freisin leasanna dlisteanacha an tsealbhóirí sonraí ar cuireadh an iarraidh faoina mbráid a urramú. Ba cheart an t-ualach ar na sealbhóirí sonraí a laghdú trí cheanglas a chur ar na heintitis a d'iarr na sonraí prionsabal na haonuaire a urramú, lena gcuirtear cosc ar níos mó ná comhlacht earnála poiblí amháin nó níos mó ná an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach agus comhlachtaí de chuid an Aontais na sonraí céanna a iarraidh níos mó uair amháin. Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart don eintiteas a iarrann na sonraí iarrataí ar shonraí arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlachtaí de chuid an Aontais a chur ar fáil go poiblí gan moill mhíchuí. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do chomhlachtaí de chuid an Aontais fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena n-iarrataí. Más comhlacht earnála poiblí a rinne an iarraidh ar shonraí, ba cheart don chomhlacht sin fógra a thabhairt freisin do chomhordaitheoir sonraí an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht earnála poiblí bunaithe.. Ba cheart a áirithiú go gcuirfear ar fáil go poiblí ar líne na hiarrataí uile. Ar fhógra a fháil maidir le hiarraidh ar shonraí, is féidir leis an údarás inniúil cinneadh a dhéanamh dlíthiúlacht na hiarrata a mheas agus a fheidhmeanna a fheidhmiú i ndáil le forfheidhmiú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart don chomhordaitheoir sonraí a áirithiú go gcuirfear ar fáil go poiblí ar líne na hiarrataí uile arna ndéanamh ag comhlachtaí earnála poiblí.

(70) Is é is cuspóir don oibleagáid chun na sonraí a sholáthar a áirithiú go bhfuil an t-eolas is gá ag comhlachtaí earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlachtaí de chuid an Aontais chun freagairt ar éigeandálaí poiblí, iad a chosc nó téarnamh uathu nó chun an acmhainneacht a choinneáil ar bun chun cúraimí sonracha a chomhlíonadh dá bhforáiltear go sainráite sa dlí. D’fhéadfadh na sonraí a fhaigheann na heintitis sin a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2022/868 ná Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] maidir le sonraí a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo agus níor cheart iad a mheas mar shonraí oscailte atá ar fáil do thríú páirtithe le haghaidh a n-athúsáide. Mar sin féin, níor cheart dó sin difear a dhéanamh d’infheidhmeacht Threoir (AE) 2019/1024 maidir le hathúsáid staitisticí oifigiúla ar úsáideadh sonraí a fuarthas de bhun an Rialacháin seo chun iad a tháirgeadh, ar choinníoll nach n-áirítear na bunsonraí leis an athúsáid. Ina theannta sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don fhéidearthacht sonraí a chomhroinnt chun taighde a dhéanamh nó chun staidreamh oifigiúil a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Ba cheart cead a bheith ag comhlachtaí earnála poiblí freisin sonraí a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a mhalartú le comhlachtaí earnála poiblí eile, leis an gCoimisiún, leis an mBanc Ceannais Eorpach nó le comhlachtaí de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais eisceachtúla dár iarradh na sonraí.

---

1 Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

(71) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag sealbhóirí sonraí diúltú don iarratas ó chomhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais a iarraidh nó modhnú a lorg gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná laistigh de thréimhse 5 nó 30 lá oibre, ag brath ar chineál an riachtanais eisceachtúil a agraíodh san iarraidh. I gcás inarb ábhartha, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith ag sealbhóir na sonraí i gcás nach bhfuil smacht aige ar na sonraí arna n-iarraidh, eadhon i gcás nach bhfuil rochtain láithreach aige ar na sonraí agus nach féidir leis a chinneadh go bhfuil siad ar fáil. Ba cheart cúis bhailí a bheith ann gan na sonraí a chur ar fáil más féidir a thaispeáint go bhfuil an iarraidh cosúil le hiarraidh a cuireadh isteach ag comhlacht earnála poiblí eile, ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlacht de chuid an Aontais roimhe sin le haghaidh an chuspóra chéanna, agus nár tugadh fógra don sealbhóir sonraí gur scriosadh na sonraí de bhun an Rialacháin seo. Má tá sealbhóir sonraí ag diúltú don iarraidh nó ag féachaint lena modhnú, ba cheart dó an bunúdar a chur in iúl don chomhlacht earnála poiblí don Coimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais a d’iarr na sonraí. I gcás ina bhfuil feidhm ag na cearta *sui generis* ar bhunachar sonraí faoi Threoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] i ndáil leis na tacair sonraí arna n-iarraidh, ba cheart do na sealbhóirí sonraí a gcearta a fheidhmiú ar bhealach nach gcuireann cosc ar an gcomhlacht earnála poiblí an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach ná comhlacht de chuid an Aontais na sonraí a fháil nó iad a chomhroinnt, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

---

[1] Treoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí (IO L 77, 27.3.1996, lch. 20).

(72) I gcás ina bhfuil gá eisceachtúil ann a bhaineann le práinnfhreagairt phoiblí, ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí sonraí neamhphearsanta a úsáid nuair is féidir. I gcás iarrataí ar bhonn riachtanais eisceachtúil nach mbaineann le héigeandáil phoiblí, ní féidir sonraí pearsanta a iarraidh. I gcás ina dtagann sonraí pearsanta faoi raon feidhme na hiarrata, ba cheart don sealbhóir sonraí na sonraí a anaithnidiú. I gcás ina bhfuil géarghá ann sonraí pearsanta a áireamh sna sonraí atá le cur ar fáil do chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais nó i gcás nach féidir anaithnidiú a dhéanamh, ba cheart don eintiteas a iarrann na sonraí an géarghá atá leis an bpróiseáil mar aon leis an gcuspóir sonrach teoranta atá leis a léiriú. Ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh. Ba cheart coimircí do chearta agus do leasanna daoine aonair lena mbaineann na sonraí sin a bheith ag gabháil le cur ar fáil na sonraí agus lena n-úsáid ina dhiaidh sin.

(73) Na sonraí a chuirtear ar fáil do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí de chuid an Aontais ar bhonn riachtanas eisceachtúil, níor cheart iad a úsáid ach amháin chun na gcuspóir dár iarradh iad, mura bhfuil sé comhaontaithe go sainráite ag an sealbhóir sonraí a chuir na sonraí ar fáil gur féidir iad a úsáid chun críoch eile. Ba cheart na sonraí a léirscriosadh a luaithe nach gá leo a thuilleadh chun na críche a luadh san iarraidh, murar comhaontaíodh a mhalairt, agus ba cheart an sealbhóir sonraí a chur ar an eolas faoi sin. Cuireann an Rialachán seo leis na córais rochtana atá ann cheana san Aontas agus sna Ballstáit agus ní athraítear an dlí náisiúnta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid i gcomhthéacs oibleagáidí trédhearcachta. Ba cheart sonraí a léirscriosadh a luaithe nach mbeidh gá leo a thuilleadh chun oibleagáidí trédhearcachta den sórt sin a chomhlíonadh.

(74) Nuair atá sonraí arna soláthar ag sealbhóirí sonraí á n-athúsáid, ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí de chuid an Aontais dlí an Aontais nó dlí náisiúnta is infheidhme atá ann cheana a urramú, chomh maith leis na hoibleagáidí conarthacha a bhfuil an sealbhóir sonraí faoina réir. Ba cheart dóibh staonadh ó tháirge nasctha nó seirbhís gaolmhar atá in iomaíocht le táirge nasctha nó seirbhís gaolmhar an tsealbhóra sonraí a fhorbairt nó a fheabhsú agus gan na sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí chun na gcríoch sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart dóibh aitheantas poiblí a thabhairt do na sealbhóirí sonraí arna iarraidh sin dóibh agus ba cheart dóibh a bheith freagrach as slándáil na sonraí a fhaightear a chothabháil. I gcás ina bhfuil géarghá le rúin cheirde a bhaineann leis an sealbhóir sonraí a nochtadh do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlachtaí de chuid an Aontais chun an cuspóir a chomhlíonadh dár iarradh na sonraí, ba cheart rúndacht an nochta sin a ráthú sula nochtfar na sonraí.

(75) I gcás inarb é atá i gceist coimirce a thabhairt do leas poiblí nach beag, amhail freagairt ar éigeandálaí poiblí, níor cheart a bheith ag súil go gcúiteoidh an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó an comhlacht de chuid an Aontais lena mbaineann fiontair as na sonraí arna bhfáil. Is annamh a tharlaíonn éigeandálaí poiblí agus ní éilítear i gcás gach éigeandála mar sin úsáid sonraí atá i seilbh fiontar. Ag an am céanna, d'fhéadfadh an oibleagáid sonraí a sholáthar a bheith ina hualach suntasach ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith acu cúiteamh a éileamh fiú i gcomhthéacs práinnfhreagairt phoiblí. Dá bhrí sin, ní móide go ndéanfaí difear diúltach do ghníomhaíochtaí gnó na sealbhóirí sonraí mar thoradh ar chomhlachtaí earnála poiblí, ar an gCoimisiún, ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar chomhlachtaí de chuid an Aontais a bheith in ann dul i muinín an Rialacháin seo. Mar sin féin, ós rud é gur minice a d'fhéadfadh cásanna riachtanais eisceachtúil tarlú, cé is moite de chásanna maidir le freagairt ar éigeandáil phoiblí, ba cheart na sealbhóirí sonraí i gcásanna mar sin a bheith i dteideal cúiteamh réasúnta nár cheart go sáródh sé na costais theicniúla agus eagraíochtúla a tabhaíodh agus an iarraidh á comhlíonadh agus an corrlach réasúnta ar gá leis chun na sonraí a chur ar fáil don chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais. Níor cheart an cúiteamh a thuiscint mar íocaíocht as na sonraí féin nó mar íocaíocht éigeantach. Níor cheart go mbeadh sealbhóirí sonraí in ann cúiteamh a éileamh i gcás ina gcuireann dlí náisiúnta cosc ar institiúidí náisiúnta staidrimh nó ar údaráis náisiúnta eile atá freagrach as staidreamh a tháirgeadh cúiteamh a thabhairt do shealbhóirí sonraí as sonraí a chur ar fáil. Ba cheart don chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais lena mbaineann agóid a dhéanamh in aghaidh leibhéal cúitimh arna iarraidh ag an sealbhóir sonraí tríd an ábhar a thabhairt os comhair údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe.

(76) Ba cheart comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais a bheith i dteideal na sonraí atá faighte aige de bhun na hiarrata a chomhroinnt le heintitis nó le daoine eile nuair atá gá leis sin chun gníomhaíochtaí taighde eolaíoch nó gníomhaíochtaí anailíseacha a dhéanamh nach bhfuil ar a gcumas féin ar choinníoll go bhfuil na gníomhaíochtaí sin comhoiriúnach leis an gcuspóir dár iarradh na sonraí. Ba cheart dó sealbhóir na sonraí a chur ar an eolas go tráthúil faoin gcomhroinnt sin. Féadfar na sonraí sin a chomhroinnt freisin faoi na coinníollacha céanna leis na hoifigí staidrimh náisiúnta agus le Eurostat chun staitisticí oifigiúla a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Ba cheart, áfach, na gníomhaíochtaí taighde sin a bheith comhoiriúnach leis an gcuspóir dár iarradh na sonraí agus ba cheart an sealbhóir sonraí a chur ar an eolas faoi chomhroinnt bhreise na sonraí a sholáthair sé. Daoine a bhfuil taighde á dhéanamh acu nó eagraíochtaí taighde lena bhféadfar na sonraí sin a chomhroinnt, ba cheart dóibh gníomhú ar bhonn neamhbhrabúis nó i gcomhthéacs misean leasa phoiblí atá aitheanta ag an Stát. Níor cheart eagraíochtaí a mheas mar eagraíochtaí taighde chun críocha an Rialacháin seo más eagraíochtaí iad a bhfuil tionchar suntasach ag gnóthais tráchtála orthu a fhágann gur féidir leis na gnóthais sin rialú a fheidhmiú mar gheall ar chúinsí struchtúrtha, rud a bhféadfadh rochtain fhabhrach ar thorthaí an taighde a bheith ann mar thoradh air.

(77) Chun déileáil le héigeandáil phoiblí trasteorann nó le riachtanas eisceachtúil eile, féadfar iarrataí ar shonraí a sheoladh chuig sealbhóirí sonraí i mBallstáit nach Ballstáit de chuid an chomhlachta earnála poiblí iarrthaigh iad. I gcás mar sin, ba cheart don chomhlacht earnála poiblí iarrthach fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe ionas go mbeidh sé in ann an iarraidh a scrúdú de réir na gcritéar a bhunaítear sa Rialachán seo. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin maidir le hiarrataí arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlacht de chuid an Aontais. I gcás ina n-iarrtar sonraí pearsanta, ba cheart don chomhlacht earnála poiblí fógra a thabhairt don údarás maoirseachta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht earnála poiblí bunaithe. Ba cheart an t-údarás inniúil lena mbaineann a bheith i dteideal comhairle a chur ar an gcomhlacht earnála poiblí, ar an gCoimisiún, ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar chomhlacht de chuid an Aontais comhoibriú le comhlachtaí earnála poiblí an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe maidir leis an ngá le hualach riaracháin íoslaghdaithe ar an sealbhóir sonraí a áirithiú. I gcás ina mbeidh agóidí cuí-réasúnaithe ag an údarás inniúil a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na hiarrata leis an Rialachán seo, ba cheart dó diúltú don iarraidh ón gcomhlacht earnála poiblí, ón gCoimisiún, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ó chomhlacht de chuid an Aontais, ar cheart dó na hagóidí sin a chur san áireamh sula ndéanfaidh sé aon ghníomhaíocht eile, lena n-áirítear an iarraidh a thíolacadh an athuair.

(78) Príomhchoinníoll le haghaidh margadh níos iomaíche ag a bhfuil bacainní iontrála níos ísle do sholáthraithe nua seirbhísí próiseála sonraí agus chun athléimneacht bhreise a áirithiú d'úsáideoirí na seirbhísí sin is ea custaiméirí na seirbhísí próiseála sonraí, lena n-áirítear néalseirbhísí agus imeallseirbhísí, a bheith in ann malartú ó sheirbhísí próiseála sonraí amháin go ceann eile, agus feidhmiúlacht íosta seirbhíse a choinneáil ar bun ag an am céanna, gan aga neamhfhónaimh seirbhísí, nó seirbhísí roinnt soláthraithe a úsáid go comhuaineach gan bacainní míchuí agus costais mhíchuí aistrithe sonraí. Ba cheart do chustaiméirí a bhaineann tairbhe as tairiscintí saorchisil tairbhe a bhaint as na forálacha maidir le malartú a leagtar síos sa Rialachán seo, ionas nach mbeidh gaibhniú do chustaiméirí mar thoradh ar na tairiscintí sin.

(79) Le Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], spreagtar soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí chun cóid iompair fhéinrialála a fhorbairt agus a chur chun feidhme go héifeachtach, lena gcumhdófar dea-chleachtais maidir le, *inter alia*, malartú idir soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí agus portáil sonraí a éascú. I bhfianaise ghlacadh teoranta na gcreataí féinrialála a forbraíodh mar fhreagairt air sin, agus i bhfianaise nach bhfuil fáil go ginearálta ar chaighdeáin agus comhéadain oscailte, is gá tacar oibleagáidí rialála íosta a ghlacadh le haghaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí chun fáil réidh le bacainní réamhchonarthacha, tráchtála, teicniúla, conarthacha agus eagraíochtúla, ar bacainní iad nach bhfuil teoranta do luas laghdaithe an aistrithe sonraí ag imeacht an chustaiméara, rud a chuireann bac ar mhalartú éifeachtach idir seirbhísí próiseála sonraí.

---

1 Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach. (IO L 303, 28.11.2018, lch. 59).

(80) Le seirbhísí próiseála sonraí, ba cheart seirbhísí a chumhdach lena gcumasaítear rochtain uileláithreach agus rochtain líonra ar éileamh ar chomhthiomsú comhroinnte atá inchumraithe, inscálaithe agus leaisteach d' acmhainní ríomhaireachta dáilte. Áirítear leis na hacmhainní ríomhaireachta sin acmhainní amhail líonraí, freastalaithe nó bonneagar fíorúil nó fisiceach eile, bogearraí, lena n-áirítear uirlisí forbartha bogearraí, stóras, feidhmchláir agus seirbhísí. An cumas atá ag custaiméir na seirbhíse próiseála sonraí chun cumais ríomhaireachta a fhéinsoláthar go haontaobhach, amhail am freastalaí nó stóras líonra, gan aon idirghníomhaíocht dhaonna ón soláthraí seirbhísí próiseála sonraí a bhféadfaí a rá ina leith go n-éilítear iarracht bainistíochta íosta léi agus go mbaineann idirghníomhaíocht íosta léi idir an soláthraí agus an custaiméir. Úsáidtear an téarma 'uileláithreach' chun tuairisc a thabhairt ar na cumais ríomhaireachta a sholáthraítear thar an líonra agus a bhfuil rochtain orthu trí shásraí lena gcuirtear úsáid ardán caolchliaint nó méithchliaint ilchineálach chun cinn (lena n-áirítear brabhsálaithe gréasáin, gairis mhóibíleacha agus stáisiúin oibre). Tagraíonn an téarma 'inscálaithe' d'acmhainní ríomhaireachta atá leithdháilte go solúbtha ag an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí, gan beann ar shuíomh geografach na n-acmhainní, chun luaineachtaí san éileamh a láimhseáil. Úsáidtear an téarma 'leaisteach ' chun tuairisc a thabhairt ar na hacmhainní ríomhaireachta sin a sholáthraítear agus a scaoiltear de réir an éilimh chun na hacmhainní atá ar fáil a mhéadú nó a laghdú go mear ag brath ar an ualach oibre. Úsáidtear an téarma 'linn roinnte' chun tuairisc a thabhairt ar na hacmhainní ríomhaireachta sin a sholáthraítear d'úsáideoirí iomadúla a chomhroinneann rochtain choiteann ar an tseirbhís, ach go ndéantar an phróiseáil le haghaidh gach úsáideora ar leithligh, bíodh is go bhfuil an tseirbhís á soláthar tríd an trealamh leictreonach céanna. Úsáidtear an téarma 'dáilte' chun tuairisc a thabhairt ar na hacmhainní ríomhaireachta sin atá lonnaithe ar ríomhairí nó gairis líonraithe éagsúla agus a dhéanann cumarsáid agus a chomhordaíonn eatarthu féin trí theachtaireachtaí a sheachadadh. Úsáidtear an téarma 'ard-dáilte' chun tuairisc a thabhairt ar sheirbhísí próiseála sonraí lena ndéantar sonraí a phróiseáil níos gaire don áit ina ngintear nó ina mbailítear iad, mar shampla, i ngaireas próiseála sonraí atá nasctha. Le himeall-ríomhaireacht, ar foirm próiseála sonraí ard-dáilte den chineál sin í, meastar go nginfear samhlacha gnó nua agus samhlacha nua soláthair néalsheirbhísí, ar cheart iad a bheith oscailte agus idir-inoibritheach ón tús.

(81) Cumhdaítear leis an gcoincheap cineálach ‘seirbhísí próiseála sonraí’ líon suntasach seirbhísí lena ngabhann raon an-leathan de chríocha, feidhmiúlachtaí agus socruithe teicniúla éagsúla. Mar a thuigtear go coitianta i measc soláthraithe agus úsáideoirí agus i gcomhréir le caighdeáin a úsáidtear go forleathan, tagann seirbhísí próiseála sonraí faoi cheann amháin nó níos mó de na trí shamhail seachadta seirbhísí próiseála sonraí seo a leanas, eadhon Bonneagar mar Sheirbhís (IaaS), Ardán mar Sheirbhís (PaaS) agus Bogearraí mar Sheirbhís (SaaS). Is meascán sonrach, réamhphacáistithe d’acmhainní TF a thairgeann soláthraí seirbhíse próiseála sonraí iad na samhlacha seachadta seirbhíse sin. Déantar na trí bhunshamhail seachadta próiseála sonraí sin a chomhlánú a thuilleadh trí athruithe atá ag teacht chun cinn, agus gach ceann acu comhdhéanta de mheascán ar leith d’acmhainní TF, amhail Stóráil-mar-Seirbhís agus Bunachar Sonraí-mar-Seirbhís. Is féidir seirbhísí próiseála sonraí a chatagóiriú ar bhealach níos mionsonraithe agus iad a chomhroinnt i liosta neamh-uileghabhálach de thacair seirbhísí próiseála sonraí a bhfuil an príomhchuspóir agus na príomhfheidhmiúlachtaí céanna acu chomh maith leis an gcineál céanna samhlacha próiseála sonraí, nach mbaineann le saintréithe oibríochtúla na seirbhíse (cineál céanna seirbhíse). Féadfaidh seirbhísí a thagann faoin gcineál céanna seirbhíse an tsamhail seirbhíse próiseála sonraí chéanna a chomhroinnt; d’fhéadfadh sé, áfach go mbeadh an príomhchuspóir céanna ag baint le dhá bhunachar sonraí, ach tar éis breithniú a dhéanamh ar a samhail próiseála sonraí, a samhail dáileacháin agus na cásanna úsáide a bhfuil siad dírithe orthu, d’fhéadfadh na bunachair sonraí sin a bheith i bhfochatagóir níos mionsonraithe de sheirbhísí comhchosúla. D’fhéadfadh saintréithe éagsúla iomaíocha a bheith ag seirbhísí den chineál céanna seirbhíse, amhail feidhmíocht, slándáil, athléimneacht, agus cáilíocht seirbhíse.

(82) Má bhaintear an bonn d’asbhaint na sonraí in-onnmhairithe ar leis an gcustaiméir iad ó sholáthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí, is féidir leis sin bac a chur ar athbhunú fheidhmiúlachtaí na seirbhíse i mbonneagar soláthraí seirbhísí próiseála sonraí cinn scríbe. Chun an straitéis scoir an custaiméir a éascú, chun cúraimí nach bhfuil gá leo agus a bhfuil ualach trom ag baint leo a sheachaint agus chun a áirithiú nach gcaillfidh an custaiméir aon cheann dá chuid sonraí mar thoradh ar an bpróiseas malartaithe, ba cheart don soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí an custaiméir a chur ar an eolas roimh ré faoi raon feidhme na sonraí is féidir a onnmhairiú a luaithe a chinnfidh an custaiméir malartú chuig seirbhís eile arna soláthar ag soláthraí eile seirbhísí próiseála sonraí nó athrú chuig bonneagar TFC san áitreabh. Le raon feidhme sonraí in-onnmhairithe, ba cheart a áirithiú, ar a laghad, sonraí ionchuir agus aschuir, lena n-áirítear meiteashonraí, a ghintear go díreach nó go hindíreach, nó a chomhghineann an custaiméir, tríd an úsáid a bhaineann sé as an tseirbhís próiseála sonraí, cé is moite gan aon sócmhainní nó sonraí de chuid na soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí nó tríú páirtí a áireamh. Leis na sonraí in-onnmhairithe, ba cheart a eisiamh aon sócmhainní nó sonraí de chuid soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí nó de chuid an tríú páirtí atá cosanta ag cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála de chuid an tsoláthraí nó an tríú páirtí sin iad, nó sonraí a bhaineann le sláine agus slándáil na seirbhíse, a nochtfaidh a n-onnmhairiú na soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí do leochaileachtaí cibearshlándála. Níor cheart go gcuirfeadh na díolúintí sin bac ná moill ar an bpróiseas malartaithe.

(83) Tagraíonn sócmhainní digiteacha d’eilimintí i bhfoirm dhigiteach a bhfuil ceart úsáide ag an gcustaiméir ina leith, lena n-áirítear feidhmchláir agus meiteashonraí a bhaineann le cumraíocht na socruithe, an tslándáil, agus bainistiú ceart rochtana agus rialaithe, agus gnéithe eile, amhail, léirithe ar theicneolaíochtaí fíorúlaithe, lena n-áirítear meaisíní fíorúla agus coimeádáin fhíorúla. Is féidir ‘sócmhainní digiteacha’ a aistriú i gcás ina bhfuil an ceart úsáide ag an gcustaiméir, go neamhspleách ar an gcaidreamh conarthach leis an tseirbhís próiseála sonraí a bhfuil sé beartaithe aige malartú uaithi. Tá na heilimintí eile sin bunriachtanach chun sonraí agus feidhmchláir an chustaiméara a úsáid go héifeachtach i dtimpeallacht an tsoláthraí seirbhísí próiseála sonraí cinn scríbe.

(84) Is é aidhm don Rialachán seo an malartú idir seirbhísí próiseála sonraí a éascú, rud a chuimsíonn na coinníollacha agus na gníomhaíochtaí uile atá riachtanach chun go mbeidh custaiméir in ann conradh le haghaidh seirbhís próiseála sonraí a fhoirceannadh, chun conradh nua amháin nó níos mó le soláthraithe éagsúla seirbhísí próiseála sonraí a thabhairt i gcrích, chun a shonraí in-onnmhairithe agus a shócmhainní digiteacha uile a phortáil, agus i gcás inarb iomchuí, tairbhe a bhaint as coibhéis fheidhmiúil.

(85) Is oibríocht faoi thionchar custaiméirí é an malartú agus tá roinnt céimeanna i gceist leis, lena n-áirítear asbhaint sonraí, a thagraíonn do shonraí a íoslódáil ó éiceachóras seirbhísí próiseála sonraí ó sholáthraí foinseach; claochlú, nuair atá na sonraí struchtúrtha ar bhealach nach bhfuil ag teacht le scéimre an tsuímh cinn scríbe; agus uaslódáil na sonraí i suíomh cinn scríbe nua. I gcás sonrach a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart a mheas gur malartú é freisin seirbhís ar leith a dhíchuachadh ón gconradh agus í a aistriú chuig soláthraí eile. Uaireanta déanann eintiteas tríú páirtí an próiseas malartaithe a bhainistiú thar ceann an chustaiméara. Dá réir sin, ba cheart a thuiscint go bhfuil feidhm ag ceart agus oibleagáidí uile an chustaiméara a bhunaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear an oibleagáid comhoibriú de mheon macánta, maidir leis an eintiteas sin de chuid an tríú páirtí sna himthosca sin. Tá leibhéil éagsúla freagrachtaí ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí agus ag custaiméirí, ag brath ar chéimeanna an phróisis dá ndéantar tagairt. Mar shampla, tá soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí freagrach as na sonraí a asbhaint i bhformáid mheaisín-inléite, ach is é an custaiméir agus soláthraí seirbhísí próiseála sonraí cinn scríbe a dhéanfaidh na sonraí a uaslódáil chuig an timpeallacht nua, mura bhfuarthas seirbhís ghairmiúil aistrithe ar leith. Ba cheart do chustaiméir a bhfuil sé ar intinn aige cearta a fheidhmiú a bhaineann le malartú, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí a chur ar an eolas faoin gcinneadh malartú chuig soláthraí eile seirbhísí próiseála sonraí, malartú chuig bonneagar TFC san áitreabh nó sócmhainní agus sonraí in-onnmhairithe an chustaiméara sin a scriosadh.

(86) Ciallaíonn coibhéis fheidhmiúil íosleibhéal feidhmiúlachta seirbhíse a athbhunú, ar bhonn shonraí in-onnmhairithe agus sócmhainní digiteacha an chustaiméara, i dtimpeallacht seirbhíse nua próiseála sonraí den chineál céanna seirbhíse tar éis malartú, i gcás ina soláthraíonn an tseirbhís próiseála sonraí cinn scríbe toradh atá inchomparáide ó thaobh ábhair de mar fhreagairt ar an ionchur céanna le haghaidh gnéithe comhroinnte arna soláthar don chustaiméir faoin gconradh. Ní féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí coibhéis fheidhmiúil a éascú ach i gcás na ngnéithe a thairgeann na seirbhísí próiseála sonraí foinse agus cinn scríbe araon go neamhspleách. Ní hionann an Rialachán seo agus oibleagáid chun coibhéis fheidhmiúil a éascú do sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí seachas iad siúd a thairgeann seirbhísí faoi shamhail seachadta IaaS.

(87) Úsáidtear seirbhísí próiseála sonraí thar earnálacha éagsúla agus bíonn siad éagsúil ó thaobh castachta agus cineáil seirbhíse de. Is gné thábhachtach é seo maidir leis an bpróiseas aistrithe agus na hachair ama. Mar sin féin, níor cheart síneadh a chur leis an idirthréimhse ar bhonn neamh-indéantacht theicniúil chun gur féidir bailchríoch a chur ar an bpróiseas malartaithe laistigh den tréimhse ama ar leith ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Ba cheart an dualgas cruthúnais ina leith sin a bheith ar sholáthraí na seirbhíse próiseála sonraí lena mbaineann go hiomlán. Ní dochar an méid do cheart an chustaiméara síneadh a chur leis an idirthréimhse uair amháin ar feadh tréimhse a mheasann an custaiméir a bheith níos oiriúnaí dá chríocha féin. Is féidir leis an gcustaiméir an ceart sin maidir le síneadh a agairt roimh an idirthréimhse nó lena linn, agus é á chur san áireamh go leanfaidh an conradh de bheith infheidhme le linn na hidirthréimhse.

(88) Is muirir iad muirir mhalartaithe a ghearrann soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí ar na custaiméirí as an bpróiseas malartaithe. De ghnáth, is é atá i gceist leis na muirir sin costais a chur ar aghaidh, a d'fhéadfadh soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí a thabhú mar gheall ar an bpróiseas malartaithe, chuig an gcustaiméir ar mian leis malartú. Samplaí coiteanna de mhuirir mhalartaithe is ea costais a bhaineann le trasdul sonraí ó sholáthraí amháin seirbhísí próiseála sonraí go soláthraí eile nó chuig bonneagar TFC san áitreabh (muirir imeachta sonraí) nó na costais arna dtabhú i leith gníomhaíochtaí tacaíochta sonracha le linn an phróisis malartaithe. Má ghearrtar muirir imeachta sonraí is airde ná mar is gá agus muirir eile nach bhfuil údar maith leo nach mbaineann le costais malartaithe iarbhír, cuirtear bac ar chustaiméirí malartú a dhéanamh, cuirtear srian ar shaorshreabhadh sonraí, d'fhéadfaí iomaíocht a theorannú agus cruthaítear éifeachtaí gaibhnithe ar chustaiméirí trí dhreasachtaí a laghdú chun soláthraí seirbhíse difriúil nó breise a roghnú. Ba cheart, dá bhrí sin, deireadh a chur le muirir mhalartaithe 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí a bheith in ann muirir mhalartaithe laghdaithe a fhorchur suas go dtí an dáta sin.

(89) Ba cheart soláthraí foinseach seirbhísí próiseála sonraí a bheith in ann cúraimí áirithe a sheachfhoinsiú agus cúiteamh a thabhairt d'eintitis tríú páirtí chun na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Níor cheart do chustaiméir na costais a eascraíonn as seachfhoinsiú seirbhísí arna dtabhairt i gcrích ag soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí le linn an phróisis malartaithe a sheasamh agus ba cheart a mheas go bhfuil na costais sin gan údar ach amháin má chumhdaítear leo obair a dhéanann soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí arna hiarraidh sin don chustaiméir le haghaidh tacaíocht bhreise sa phróiseas malartaithe atá lasmuigh d'oibleagáidí malartaithe an tsoláthraí dá bhforáiltear go sainráite sa Rialachán seo. Ní chuireann aon ní sa Rialachán seo cosc ar chustaiméir cúiteamh a thabhairt d'eintitis tríú páirtí as tacaíocht a thabhairt don phróiseas ascnaimh ná do pháirtithe teacht ar chomhaontú maidir le conarthaí le haghaidh seirbhísí próiseála sonraí ar feadh tréimhse seasta, lena n-áirítear pionóis chomhréireacha luathfhoirceanta chun foirceannadh luath conarthaí den sórt sin a chumhdach, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Chun iomaíocht a chothú, le tarraingt siar de réir a chéile, ba cheart a áireamh go sonrach ar na muirear a bhaineann le malartú idir soláthraithe éagsúla seirbhísí próiseála sonraí na muirir imeachta sonraí a fhorchuireann soláthraí seirbhíse próiseála sonraí ar chustaiméir. Ní hionann táillí seirbhíse caighdeánacha chun na seirbhísí próiseála sonraí féin a sholáthar agus muirir mhalartaithe. Níl na táillí seirbhíse caighdeánacha sin faoi réir tarraingt siar agus leanfaidh siad de bheith infheidhme go dtí go scoirfidh an conradh chun na seirbhísí faoi seach a sholáthar d'fheidhm a bheith aige. Leis an Rialachán seo ceadaítear don chustaiméir a iarraidh go soláthrófaí seirbhísí breise a théann thar oibleagáidí malartaithe an tsoláthraí faoin Rialachán seo. Is féidir leis an soláthraí na seirbhísí breise seo a dhéanamh agus gearradh astu nuair a dhéantar iad arna iarraidh sin don chustaiméir agus go n-aontaíonn an custaiméir le praghas na seirbhísí sin roimh ré.

(90) Tá gá le cur chuige rialála atá uaillmhianach agus lena spreagtar an nuálaíocht maidir le hidir-inoibritheacht, chun gaibhniú díoltóirí a shárú, gaibhniú díoltóirí a bhaineann an bonn den iomaíocht agus d'fhorbairt seirbhísí nua. Bíonn comhéadain iomadúla agus sraitheanna bonneagair agus bogearraí i gceist le hidir-inoibritheacht idir seirbhísí próiseála sonraí agus is annamh a bhíonn sí teoranta do thástáil dhénártha i dtaobh an féidir nó nach féidir í a bhaint amach. Ina ionad sin, tá tógáil na hidir-inoibritheachta sin faoi réir anailís costais is tairbhe is gá chun a fháil amach an fiú torthaí measartha intuartha a shaothrú. Is caighdeán tábhachtach idirnáisiúnta é ISO/IEC 19941:2017 maidir le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, toisc go bhfuil gnéithe teicniúla ann lena soiléirítear castacht an phróisis sin.

(91) I gcás ina bhfuil soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí ina gcustaiméirí a úsáideann seirbhísí próiseála sonraí a sholáthraíonn soláthraí tríú páirtí, tairbheoidh siad féin de mhalartú níos éifeachtaí, agus ag an am céanna, beidh oibleagáidí an Rialacháin seo maidir lena seirbhísí féin ina gceangal orthu i gcónaí.

(92) Ba cheart ceangal a bheith ar sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí an cúnamh agus an tacaíocht uile laistigh dá n-acmhainneacht a thairiscint, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi seach, atá riachtanach chun an próiseas malartaithe chuig seirbhís de chuid soláthraí éagsúil seirbhísí próiseála sonraí a dhéanamh rathúil, éifeachtach agus slán. Ní cheanglaítear leis an Rialachán seo ar sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí catagóirí nua seirbhísí próiseála sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear laistigh de bhonneagar TFC soláthraithe éagsúla seirbhísí próiseála sonraí, nó ar bhonn an bhonneagair sin, chun coibhéis fheidhmiúil a ráthú i dtimpeallacht lasmuigh dá gcórais féin. Níl rochtain ná léargas ag soláthraí foinseach seirbhísí próiseála sonraí ar thimpeallacht sholáthraí seirbhísí próiseála sonraí cinn scríbe. Níor cheart a thuiscint go gcuireann coibhéis fheidhmiúil oibleagáid ar an soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála an tseirbhís atá i gceist a atógáil laistigh de bhonneagar sholáthraí seirbhísí próiseála sonraí cinn scríbe. Ina ionad sin, ba cheart do sholáthraí seirbhísí próiseála sonraí gach beart réasúnta a dhéanamh laistigh dá chumhacht chun an próiseas a éascú le haghaidh coibhéis fheidhmiúil a bhaint amach trí chumais, faisnéis, doiciméadacht, tacaíocht theicniúil leormhaith agus, i gcás inarb iomchuí, na huirlisí is gá, a sholáthar.

(93) Ba cheart ceangal a bheith ar sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí freisin deireadh a chur le bacainní atá ann cheana agus gan bacainní nua a fhorchur, lena n-áirítear i gcás custaiméirí ar mian leo malartú chuig bonneagar TFC san áitreabh. D'fhéadfadh bacainní, *inter alia*, a bheith de chineál réamhthráchtála, tráchtála, teicniúil, conarthach nó eagraíochtúil. Ba cheart a cheangal ar sholáthraí seirbhísí próiseála sonraí freisin deireadh a chur le bacainní ar sheirbhís shonrach aonair a dhíchuachadh ó sheirbhísí próiseála sonraí eile arna soláthar faoi chonradh agus an tseirbhís ábhartha a chur ar fáil lena malartú, in éagmais mórbhacainní cruthaithe teicniúla a chuireann cosc ar dhíchuachadh mar sin.

(94) Le linn an phróisis malartaithe, ba cheart ardleibhéal slándála a choinneáil ar bun. Ciallaíonn sé sin gur cheart do sholáthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí an leibhéal slándála ar thug sé gealltanas ina leith don tseirbhís a leathnú chuig na socruithe teicniúla uile a bhfuil an soláthraí sin freagrach astu le linn an phróisis mhalartaithe, ar nós naisc líonra nó gairis fhisiceacha. Na cearta atá ann cheana a bhaineann le foirceannadh conarthaí, lena n-áirítear iad siúd a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Treoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], níor cheart difear a dhéanamh do na cearta sin. Níor cheart a thuiscint leis an Rialachán seo go gcuirtear cosc ar sholáthraí seirbhísí próiseála sonraí seirbhísí, gnéithe agus feidhmiúlachtaí nua agus feabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí nó dul in iomaíocht le soláthraithe eile seirbhísí próiseála sonraí ar an mbonn sin.

---

1 Treoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar (IO L 136, 22.5.2019, lch. 1).

(95) D’fhéadfadh, leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí don chustaiméir, tacú le straitéis scoir an chustaiméara. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin nósanna imeachta chun malartú ón tseirbhís próiseála sonraí a thionscnamh; na formáidí sonraí meaisín-inléite ar féidir sonraí an úsáideora a onnmhairiú chucu, na huirlisí atá beartaithe chun sonraí a onnmhairiú, lena n-áirítear comhéadain oscailte, chomh maith le faisnéis maidir le comhoiriúnacht le caighdeáin chomhchuibhithe nó le sonraíochtaí coiteanna atá bunaithe ar idir-inoibritheachta oscailte á háirithiú;, faisnéis faoi shrianta teicniúla aitheanta agus teorainneacha a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar an bpróiseas malartaithe; agus an t-am a mheastar is gá chun an próiseas malartaithe a chur i gcrích.

(96) Chun idir-inoibritheacht agus an malartú idir seirbhísí próiseála sonraí a éascú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí úsáid uirlisí cur chun feidhme agus comhlíontachta a mheas, go háirithe iad siúd a fhoilsíonn an Coimisiún i bhfoirm leabhar rialacha i ndáil le néalseirbhísí. Is tairbheach go háirithe iad clásail chonarthacha chaighdeánacha maidir le muinín i seirbhísí próiseála sonraí a mhéadú, caidreamh níos cothroime idir úsáideoirí agus soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a chruthú, agus chun an deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú maidir leis na coinníollacha is infheidhme chun malartú chuig seirbhísí próiseála sonraí eile. Sa chomhthéacs sin, ba cheart d’úsáideoirí agus do sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí breithniú a dhéanamh ar chlásail chonarthacha chaighdeánacha nó uirlisí comhlíonta féinrialála eile a úsáid ar choinníoll go léiríonn siad ceanglais Chaibidil VI agus forálacha ábhartha Chaibidil VIII den Rialachán seo go hiomlán, arna bhforbairt ag comhlachtaí ábhartha nó grúpaí saineolaithe arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

(97) Chun malartú idir seirbhísí próiseála sonraí a éascú, ba cheart do na páirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí foinseacha agus cinn scríbe araon, comhoibriú de mheon macánta d'fhonn próiseas malartaithe éifeachtach a chumasú agus sonraí riachtanacha a aistriú ar bhealach slán agus tráthúil i bhformáid a úsáidtear go coitianta agus atá meaisín-inléite, agus trí chomhéadain oscailte, agus cur isteach ar sheirbhís á sheachaint agus leanúnachas na seirbhíse á choinneáil ag an am céanna.

(98) Ba cheart seirbhísí próiseála sonraí a bhaineann le seirbhísí ar tógadh formhór na bpríomhghnéithe díobh go saincheaptha chun freagairt d'éilimh shonracha custaiméara aonair nó i gcás inar forbraíodh na comhpháirteanna uile chun críocha custaiméara aonair a dhíolmhú ó chuid de na hoibleagáidí is infheidhme maidir le malartú seirbhísí próiseála sonraí. Níor cheart go n-áireofaí leis sin seirbhísí a thairgeann an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí ar scála leathan tráchtála trína chatalóg seirbhísí. Tá sé ar cheann d'oibleagáidí an tsoláthraí custaiméirí ionchasacha na seirbhísí sin a chur ar an eolas go cuí, sula dtabharfar conradh i gcrích, faoi na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo nach bhfuil feidhm acu maidir leis na seirbhísí ábhartha. Ní chuireann aon ní cosc ar an soláthraí seirbhíse na seirbhísí sin a imscaradh ar scála ar deireadh, agus sa chás sin bheadh ar an soláthraí sin na hoibleagáidí uile maidir le malartú a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

(99) I gcomhréir leis an íoscheanglas maidir le malartú idir soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a cheadú, tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo freisin idir-inoibritheacht a fheabhsú le haghaidh úsáid chomhthreomhar seirbhísí próiseála sonraí iomadúla ag a bhfuil feidhmiúlachtaí comhlántacha. Baineann sé sin le cásanna nach ndéanann custaiméirí conradh chun malartú chuig soláthraí éagsúil seirbhísí próiseála sonraí a fhoirceannadh, ach ina n-úsáidtear seirbhísí iomadúla de chuid soláthraithe éagsúla ag an am céanna, ar bhealach idir-inoibritheach, chun tairbhe a bhaint as feidhmiúlachtaí comhlántacha na seirbhísí éagsúla i mbunú chóras an chustaiméara. Aithnítear, áfach, gur féidir le himeacht sonraí ó sholáthraí seirbhíse próiseála sonraí amháin go soláthraí eile chun úsáid chomhthreomhar seirbhísí a éascú a bheith ina ghníomhaíocht leanúnach, murab ionann agus an t-imeacht aonuaire a theastaíonn mar chuid den phróiseas malartaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí leanúint de bheith in ann muirir imeachta sonraí a fhorchur, ar muirir iad nach mó ná na costais arna dtabhú, chun críocha úsáide comhthreomhaire tar éis 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tá an méid sin tábhachtach, *inter alia*, chun straitéisí ilnéil a imscaradh go rathúil, lena gcuirtear ar chumas custaiméirí straitéisí TF a sheasfaidh an aimsir a chur chun feidhme agus lena laghdaítear an spleáchas ar sholáthraithe aonair seirbhísí próiseála sonraí. Trí chur chuige ilnéil a éascú do chustaiméirí seirbhísí próiseála sonraí, is féidir rannchuidiú freisin lena n-athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a mhéadú, mar a aithnítear maidir le hinstitiúidí seirbhísí airgeadais i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1.)

(100) Le sonraíochtaí agus caighdeáin idir-inoibritheachta oscailte arna bhforbairt i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] i réimse na hidir-inoibritheachta agus na hiniomparthachta, táthar ag súil go gcumasófar timpeallacht néalríomhaireachta ildíoltóra, ar príomhcheanglas é maidir le nuálaíocht oscailte i ngeilleagar sonraí na hEorpa. Ós rud é go bhfuil teorainn le glacadh margaidh na gcaighdeán sainaitheanta faoin tionscnamh maidir le comhordú i dtaca le caighdeánú néalríomhaireachta a tugadh i gcrích in 2016, is gá freisin don Choimisiún brath ar pháirtithe sa mhargadh chun sonraíochtaí ábhartha idir-inoibritheachta oscailte a fhorbairt chun coinneáil suas leis an luas mear atá faoin bhforbairt theicneolaíoch sa tionscal sin. Féadfaidh an Coimisiún na sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte sin a ghlacadh ansin i bhfoirm sonraíochtaí coiteanna. Ina theannta sin, i gcás nár léiríodh le próisis atá faoi thionchar an mhargaidh acmhainneacht fós chun sonraíochtaí coiteanna nó caighdeáin theicniúla a chur ar bun lena n-éascaítear néal-idir-inoibritheacht éifeachtach ar na leibhéil PaaS agus SaaS, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, ar bhonn an Rialacháin seo agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, iarraidh ar chomhlachtaí caighdeánaithe Eorpacha caighdeáin mar sin a fhorbairt le haghaidh cineálacha sonracha seirbhíse nach bhfuil caighdeáin ann fós ina leith. Ina theannta sin, spreagfaidh an Coimisiún rannpháirtithe sa mhargadh chun sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte ábhartha a fhorbairt.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

Tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sainordú a thabhairt maidir le húsáid caighdeán comhchuibhithe idir-inoibritheachta nó sonraíochtaí coiteanna le haghaidh cineálacha seirbhísí sonracha trí thagairt i lárstóras um chaighdeáin de chuid an Aontais maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí comhoiriúnacht leis na caighdeáin comhchuibhithe sin agus leis na sonraíochtaí coiteanna atá bunaithe ar shonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte sin a áirithiú, ar caighdeáin agus sonraíochtaí iad nár cheart tionchar díobhálach a bheith acu ar shlándáil ná ar shláine sonraí. Ní thagrófar do chaighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh idir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí agus sonraíochtaí coiteanna atá bunaithe ar shonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte ach amháin má chomhlíonann siad na critéir a shonraítear sa Rialachán seo, a bhfuil an chiall chéanna acu is atá ag na ceanglais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 agus na gnéithe idir-inoibritheachta a shainítear faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 19941:2017. Sa bhreis air sin, ba cheart riachtanais FBManna a chur san áireamh sa chaighdeánú.

(101) Féadfaidh tríú tíortha dlíthe, rialacháin agus gníomhartha dlí eile a ghlacadh darb aidhm rochtain rialtais a aistriú nó a sholáthar go díreach ar shonraí neamhphearsanta atá suite lasmuigh dá dteorainneacha, san Aontas san áireamh. I ndáil le breithiúnais ó chúirteanna nó ó bhinsí nó cinntí ó údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin eile, lena n-áirítear údaráis forghníomhaithe dlí i dtríú tíortha lena gceanglaítear an t-aistriú sin de shonraí neamhphearsanta nó an rochtain sin orthu, ba cheart na breithiúnais nó na cinntí sin a bheith in-fhorfheidhmithe i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, amhail conradh ar chúnamh frithpháirteach dlí, atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas nó an Ballstát. I gcásanna eile, d'fhéadfadh cúinsí teacht chun cinn ina ndéantar iarraidh rochtain ar shonraí neamhphearsanta a eascraíonn as dlí tríú tír a aistriú nó a sholáthar, agus ina bhfuil an iarraidh sin ag teacht salach ar oibleagáid chun sonraí mar sin a chosaint faoi dhlí an Aontais nó faoi dlí náisiúnta an Bhallstáit ábhartha, go háirithe maidir le cosaint chearta bunúsacha an duine, amhail an ceart chun slándála agus an ceart chun leighis éifeachtaigh, nó leasanna bunúsacha Ballstáit i ndáil le slándáil nó cosaint náisiúnta, chomh maith le cosaint sonraí atá leochaileach ó thaobh na tráchtála de, lena n-áirítear cosaint rún ceirde, agus cosaint ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear a ghealltanais chonarthacha maidir le rúndacht i gcomhréir leis an dlí sin.
In éagmais comhaontuithe idirnáisiúnta lena rialáiltear ábhair mar sin, níor cheart aistriú ná rochtain ar shonraí neamhphearsanta a cheadú ach amháin má fíoraíodh go gceanglaítear le córas dlí an tríú tír go leagfar amach na cúiseanna agus an chomhréireacht a bhaineann leis an gcinneadh, gur de chineál sonrach é an t-ordú cúirte nó an cinneadh, agus go bhfuil agóid réasúnaithe an tseolaí faoi réir athbhreithniú arna dhéanamh ag cúirt inniúil sa tríú tír nó ag binse inniúil tríú tír, a bhfuil sé de chumhacht aici aird chuí a thabhairt ar leasanna ábhartha dlí sholáthraí na sonraí sin. I gcás inar féidir faoi théarmaí na hiarrata rochtana sonraí a rinne údarás an tríú tír, ba cheart do sholáthraí na seirbhísí próiseála sonraí a bheith in ann an custaiméir a bhfuil a shonraí á n-iarraidh a chur ar an eolas sula ndeonófar rochtain ar na sonraí sin, chun a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an rochtain sin ag teacht salach ar dhlí an Aontais nó ar dhlí náisiúnta, amhail maidir le cosaint sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, lena n-áirítear cosaint rún ceirde agus ceart maoine intleachtúla agus na gealltanais chonarthacha maidir le rúndacht.

(102) Chun tuilleadh iontaoibhe sna sonraí a chothú, is tábhachtach coimircí i ndáil le saoránaigh an Aontais, an earnáil phoiblí agus gnólachtaí a chur chun feidhme a mhéid is féidir chun rialú a sonraí a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart cloí le dlí, luachanna agus caighdeáin an Aontais i dtéarmaí slándála, *inter alia*, cosaint sonraí agus príobháideachais, agus cosaint tomhaltóirí. Chun rochtain rialtais neamhdhleathach ar shonraí neamhphearsanta ag údaráis tríú tír a chosc, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí atá faoi réir an Rialacháin seo, ar nós néalseirbhísí agus imeallseirbhísí, gach beart réasúnta a dhéanamh chun rochtain ar na córais ina stóráiltear sonraí neamhphearsanta a chosc, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, é sin a dhéanamh trí shonraí a chriptiú, iniúchtaí a dhéanamh go minic, cloí – agus é sin fíoraithe - le scéimeanna deimhniúcháin ábhartha um dhearbhú slándála, agus beartais chorparáideacha a mhodhnú.

(103) Ba cheart ról lárnach a bheith ag an gcaighdeánú agus an idir-inoibritheacht shéimeantach maidir le réitigh theicniúla a sholáthar chun idir-inoibritheacht a áirithiú laistigh de spásanna coiteanna Eorpacha sonraí ar creataí idir-inoibritheacha cuspóir-shonracha nó earnáilsonracha nó trasearnála do chaighdeáin agus de chleachtais chomhchoiteanna iad, agus idir na spásanna sin, chun sonraí a chomhroinnt nó a phróiseáil go comhpháirteach, *inter alia*, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt, taighde eolaíoch nó tionscnaimh na sochaí sibhialta. Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais bhunriachtanacha áirithe maidir le hidir-inoibritheacht a leagan síos. Na rannpháirtithe i spásanna sonraí a thairgeann sonraí nó seirbhísí sonraíbhunaithe do rannpháirtithe eile, ar eintitis iad a éascaíonn nó a dhéanann comhroinnt sonraí laistigh de spásanna coiteanna Eorpacha sonraí, lena n-áirítear sealbhóirí sonraí, ba cheart dóibh na ceanglais sin a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann leis na gnéithe atá faoina rialú. Is féidir comhlíonadh na rialacha sin a áirithiú ach cloí leis na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos sa Rialachán seo, nó a thoimhdiú ach na caighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna a chomhlíonadh trí thoimhde comhréireachta. Chun comhréireacht leis na ceanglais maidir le hidir-inoibritheacht a éascú, is gá foráil a dhéanamh do thoimhde comhréireachta i gcás réitigh idir-inoibritheachta lena gcomhlíontar caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna de na caighdeáin sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, arb é atá ann, mar réamhshocrú, an creat chun caighdeáin a mhionsaothrú lena bhforáiltear do na toimhdí sin. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar bhacainní ar idir-inoibritheacht agus tús áite a thabhairt do riachtanais um chaighdeánú, ar ar a mbonn a fhéadfaidh sé iarraidh ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú lena gcomhlíontar na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

I gcás nach dtiocfaidh caighdeáin chomhchuibhithe as na hiarrataí sin nó inar neamhleordhóthanach na caighdeáin chomhchuibhithe sin chun comhréireacht leis na ceanglais bhunriachtanacha an Rialacháin seo a áirithiú mar thoradh ar iarrataí mar sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh sna réimsí sin ar choinníoll go n-urramóidh sé go cuí, agus an méid sin á dhéanamh aige, ról agus feidhmeanna na n-eagraíochtaí um chaighdeánú. Níor cheart sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh ach amháin mar réiteach cúltaca eisceachtúil chun comhlíonadh cheanglais bhunriachtanacha an Rialacháin seo a éascú, nó nuair a chuirtear bac ar an bpróiseas um chaighdeánú nó nuair a bhíonn moill ar bhunú caighdeán comhchuibhithe iomchuí. Más é castacht theicniúil an chaighdeáin atá i gceist is cúis leis an moill sin, ba cheart don Choimisiún é sin a mheas sula mbeartaíonn sé sonraíochtaí coiteanna a bhunú. Ba cheart sonraíochtaí coiteanna a fhorbairt ar bhealach oscailte cuimsitheach agus ba cheart, i gcás inarb ábhartha, an chomhairle an Bhoird Eorpaigh um Nuálaíocht Sonraí (EDIB) arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/868 a chur san áireamh. Ina theannta sin, d’fhéadfaí sonraíochtaí coiteanna in earnálacha éagsúla a ghlacadh fós, i gcomhréir le dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta, ar bhonn riachtanais shonracha na n-earnálacha sin. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a chumasú chun sainordú a thabhairt maidir le caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh idir-inoibritheacht na seirbhísí próiseála sonraí.

(104) Chun idir-inoibritheacht uirlisí le haghaidh comhaontuithe comhroinnte sonraí a fhorghníomhú go huathoibríoch a chur chun cinn, is gá ceanglais bhunriachtanacha a leagan síos maidir leis na conarthaí cliste a chruthaíonn gairmithe i gcomhair daoine eile nó a chomhtháthaíonn siad i bhfeidhmchláir a thacaíonn le cur chun feidhme comhaontuithe maidir le comhroinnt sonraí. Chun comhréireacht na gconarthaí cliste sin leis na ceanglais bhunriachtanacha sin a éascú, is gá foráil a dhéanamh do thoimhde comhréireachta i gcás conarthaí cliste lena gcomhlíontar caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna de na caighdeáin sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. Is neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de an coincheap 'conradh cliste' sa Rialachán seo. Is féidir, mar shampla, conarthaí cliste a nascadh le mórleabhar leictreonach. Níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais bhunriachtanacha ach maidir le díoltóirí conarthaí cliste, ach níor cheart feidhm a bheith acu i gcás ina bhforbraíonn siad conarthaí cliste intí lena n-úsáid ar bhonn inmheánach amháin. Tugtar le tuiscint, leis an gceanglas bunriachtanach a áirithiú gur féidir conarthaí cliste a bhriseadh agus a fhoirceannadh, go bhfuil comhthoiliú ó na páirtithe don chomhaontú comhroinnte sonraí ann. Ní dhéanfaidh úsáid conarthaí cliste chun comhaontuithe den sórt sin a fhorghníomhú go huathoibríoch difear d'infheidhmeacht rialacha ábhartha an dlí shibhialta, chonarthaigh agus cosanta tomhaltóirí maidir le comhaontuithe comhroinnte sonraí, nó níor cheart d'úsáid conarthaí cliste difear a dhéanamh d'infheidhmeacht na rialacha sin.

(105) Chun comhlíonadh cheanglais bhunriachtanacha an Rialacháin seo a léiriú, ba cheart do dhíoltóir conartha chliste, nó ina éagmais sin, an duine a mbaineann a thrádáil, a ghnó nó a ghairm le conarthaí cliste a imscaradh do dhaoine eile i gcomhthéacs comhaontuithe maidir le sonraí a chur ar fáil, nó cuid den chonradh sin, a fhorghníomhú i gcomhthéacs an Rialacháin seo, measúnú comhréireachta a dhéanamh agus dearbhú comhréireachta AE a eisiúint. Ba cheart measúnú comhréireachta den sórt sin a bheith faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus i gCinneadh (CE) Uimh. 768/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(106) Diomaite den oibleagáid atá ar fhorbróirí gairmiúla conarthaí cliste ceanglais bhunriachtanacha a chomhlíonadh, tá sé tábhachtach freisin spreagadh a thabhairt do na rannpháirtithe sin laistigh de spásanna sonraí a thairgeann sonraí nó seirbhísí sonraíbhunaithe do rannpháirtithe eile laistigh de spásanna coiteanna Eorpacha sonraí agus eatarthu tacú le hidir-oibritheacht uirlisí le haghaidh comhroinnt sonraí, lena n-áirítear conarthaí cliste.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

[2] Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

(107) Chun cur i bhfeidhm agus forghníomhú an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú. Má ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin, ba cheart dó comhordaitheoir sonraí a ainmniú as a measc freisin. Ba cheart do na húdaráis inniúla oibriú i gcomhar le chéile. Trína gcumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme, ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann faisnéis a chuardach agus a fháil, go háirithe i ndáil le gníomhaíochtaí eintitis atá faoina inniúlacht agus, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe comhpháirteacha, agus aird chuí air gur cheart, i gcás inarb ábhartha, bearta formhaoirseachta agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le heintiteas faoi inniúlacht Ballstáit eile a bheith glactha ag údarás inniúil an Bhallstáit eile sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhaineann le comhar trasteorann. Ba cheart d’údaráis inniúla cúnamh a thabhairt dá chéile ar bhealach tráthúil, go háirithe nuair atá faisnéis ábhartha ag údarás inniúil i mBallstát le haghaidh imscrúdú arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla i mBallstáit eile, nó nuair atá sé in ann faisnéis mar sin a bhailiú nach bhfuil rochtain ag na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe uirthi. Ba cheart údaráis inniúla agus comhordaitheoirí sonraí ainmnithe a shainaithint sa chlár poiblí arna choinneáil ag an gCoimisiún. D’fhéadfadh gur mhodh breise chun comhar i gcásanna trasteorann a éascú a bheadh sa chomhordaitheoir sonraí, cuir i gcás nuair nach eol d’údarás inniúil ó Bhallstát ar leith cén t-údarás i mBallstát an chomhordaitheora sonraí ar cheart dó dul i dteagmháil leis, mar shampla i gcásanna a bhaineann le níos mó ná údarás nó earnáil inniúil amháin. Ba cheart don chomhordaitheoir sonraí gníomhú, *inter alia*, mar phointe teagmhála aonair le haghaidh gach saincheist a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcás nár ainmníodh comhordaitheoir sonraí, ba cheart don údarás inniúil na cúraimí a shanntar don chomhordaitheoir sonraí faoin Rialachán seo a dhéanamh. Na húdaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí um chosaint sonraí, agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, is iad siúd ba cheart a bheith freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ina réimsí inniúlachta. Chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, níor cheart do na húdaráis inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo sa réimse a bhaineann le sonraí a chur ar fáil tar éis iarraidh a fháil ar bhonn riachtanas eisceachtúil tairbhe a bhaint as an gceart iarraidh den sórt sin a thíolacadh.

(108) Chun a gcearta faoin Rialachán seo a fhorfheidhmiú, ba cheart daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bheith i dteideal sásamh a lorg as sáruithe a gceart faoin Rialachán seo trí ghearáin a dhéanamh. Ba cheart don chomhordaitheoir sonraí, arna iarraidh sin, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha chun a ngearáin a dhéanamh leis an údarás inniúil iomchuí. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na húdaráis sin comhoibriú le chéile lena áirithiú go láimhseálfar gearán go hiomchuí agus go réiteofar é go héifeachtach agus go tráthúil. Chun úsáid a bhaint as sásra an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí agus chun gníomhartha ionadaíocha a chumasú, leasaítear leis an Rialachán seo na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

1 Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

2 Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO L 409, 4.12.2020, lch. 1).

(109) Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú go mbeidh sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir pionós. D'fhéadfadh, *inter alia*, gur phionóis airgeadais, rabhaidh, iomarduithe nó orduithe chun cleachtais ghnó a thabhairt i gcomhréir leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an Rialachán seo a áirítear sna pionóis sin. Ba cheart na pionóis a bhunóidh na Ballstáit a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus ba cheart moltaí EDIB a chur san áireamh leo, agus ar an gcaoi sin rannchuideofaí chun an leibhéal comhsheasmhachta is mó is féidir a bhaint amach maidir le pionóis a bhunú agus a chur i bhfeidhm. I gcás inarb iomchuí, ba cheart d'údaráis inniúla, agus imscrúdú á dhéanamh ar an sárú sin, úsáid a bhaint as bearta eatramhacha chun éifeachtaí sáraithe líomhnaithe a theorannú. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh aird a thabhairt, *inter alia*, ar chineál, tromchúis, scála agus fad an tsáraithe, i bhfianaise leas an phobail atá i gceist, raon feidhme agus chineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, mar aon le hacmhainn eacnamaíoch an pháirtí sáraithigh. Ba cheart dóibh aon neamhchomhlíonadh córasach nó athfhillteach a chur san áireamh atá déanta ag an bpáirtí sáraitheach i dtaca lena oibleagáidí faoin Rialachán seo. Chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal *ne bis in idem*, agus go háirithe chun nach ngearrfar pionós níos mó ná uair amháin ar an sárú céanna ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart do Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige a inniúlacht a fheidhmiú maidir le páirtí sáraitheach nach bhfuil bunaithe sa Aontas agus nár ainmnigh ionadaí dlíthiúil san Aontas, gach údarás eile, lena n-áirítear an Coimisiún, a chur ar an eolas faoi gan moill mhíchuí.

(110) Ba cheart do EDIB comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún i dtaca le comhordú a dhéanamh ar chleachtais agus beartais náisiúnta maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus i dtaca lena chuspóirí a bhaint amach i ndáil le caighdeánú teicniúil chun idir-inoibritheacht a fheabhsú. Ba cheart ról lárnach a bheith aige freisin maidir le plé cuimsitheach idir údaráis inniúla ar chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo a éascú. Tá an malartú faisnéise sin ceaptha chun rochtain éifeachtach ar cheartas a mhéadú chomh maith le forfheidhmiú agus comhar breithiúnach ar fud an Aontais. I measc feidhmeanna eile, ba cheart do na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as EDIB mar ardán chun meastóireacht agus comhordú a dhéanamh ar mholtaí maidir le socrú pionós i gcás sáruithe ar an Rialachán seo agus chun na moltaí sin a ghlacadh. Ar an dóigh sin, ba cheart na húdaráis inniúla, le cúnamh ón gCoimisiún, a bheith in ann comhordú a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr is féidir i leith na bpionós sin a chinneadh agus a fhorchur. Leis an gcur chuige sin, cuirtear cosc ar ilroinnt agus bíonn solúbthacht ag an mBallstát agus ba cheart go dtiocfadh moltaí éifeachtacha as a thacaíonn le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo. Ba cheart ról comhairleach a bheith ag EDIB freisin sna próisis um chaighdeánú agus i nglacadh sonraíochtaí coiteanna trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i nglacadh gníomhartha tarmligthe chun sásra faireacháin a bhunú maidir le muirir mhalartaithe arna bhforchur ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí agus chun sonrú breise a dhéanamh ar na ceanglais bhunriachtanacha i dtaca le hidir-inoibritheacht sonraí, sásraí agus seirbhísí comhroinnte sonraí, chomh maith leis na spásanna coiteanna Eorpacha sonraí. Ba cheart dó freisin comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun na treoirlínte lena leagtar síos sonraíochtaí idir-inoibritheachta d’fheidhmiú na spásanna coiteanna Eorpacha sonraí a ghlacadh.

(111) Chun cabhrú le fiontair conarthaí a dhréachtú agus caibidlíocht a dhéanamh orthu, ba cheart don Choimisiún téarmaí conartha eiseamláireacha neamhcheangailteach a fhorbairt agus a mholadh i gcás conarthaí comhroinnte sonraí gnólacht le gnólacht, agus aird á tabhairt, i gcás inar gá, ar na coinníollacha in earnálacha sonracha agus na cleachtais sheanbhunaithe i dtaca le sásraí comhroinnte deonaí sonraí. Na téarmaí conartha eiseamláireacha sin, ba cheart gurbh uirlis phraiticiúil iad go príomha chun cabhrú le FBManna go háirithe conradh a thabhairt i gcrích. I gcás ina n-úsáidtear go forleathan agus go hiomlán iad, ba cheart éifeacht thairbheach a bheith ag na téarmaí conartha eiseamláireacha sin maidir le tionchar a imirt ar dhearadh conarthaí maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí, agus ba cheart caidreamh conarthach níos cothroime a bheith ann mar gheall orthu le linn do shonraí a bheith á rochtain agus á gcomhroinnt.

(112) Chun deireadh a chur leis an riosca, i gcás sealbhóirí sonraí atá i mbunachair arna bhfáil nó arna nginiúint trí bhíthin comhpháirteanna fisiceacha, amhail braiteoirí, a bhaineann le táirge nasctha agus seirbhís ghaolmhar nó sonraí meaisínghinte eile, dá n-éileodh na sealbhóirí sonraí sin an ceart *sui generis* faoi Airteagal 7 de Threoir 96/9/CE, agus dá gcuirfidís cosc dá bharr, go háirithe, ar fheidhmiú éifeachtach an chirt atá ag úsáideoirí sonraí a rochtain agus a úsáid agus an ceart chun sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe faoin Rialachán seo, ba cheart a shoiléiriú nach mbaineann an ceart *sui generis* le bunachair mar sin. Ní dhéanann sin difear do chur i bhfeidhm féideartha an chirt *sui generis* faoi Airteagal 7 de Threoir 96/9/CE maidir le bunachair sonraí ina bhfuil sonraí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cosaint de bhun mhír 1 den Airteagal sin.

(113) Chun na gnéithe teicniúla de sheirbhísí próiseála sonraí a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an Rialachán seo a chomhlánú chun sásra faireacháin a bhunú maidir le muirir mhalartaithe arna bhforchur ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí sa mhargadh, agus chun sonrú breise a dhéanamh ar na ceanglais bhunriachtanacha i ndáil le hidir-inoibritheacht le haghaidh rannpháirtithe i spásanna sonraí a thairgeann sonraí nó seirbhísí sonraí do rannpháirtithe eile. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a dhéileálann le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(114) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh, lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht sonraí, sásraí agus seirbhísí comhroinnte sonraí, chomh maith le spásanna coiteanna Eorpacha sonraí, sonraíochtaí coiteanna maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí agus sonraíochtaí coiteanna maidir le hidir-inoibritheacht conarthaí cliste. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin chun na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe agus do shonraíochtaí coiteanna le haghaidh idir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí a fhoilsiú i stór caighdeán lárnach de chuid an Aontais le haghaidh idir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(115) Ba cheart nár dhochar an Rialachán seo do rialacha lena dtugtar aghaidh ar riachtanais a bhaineann go sonrach le hearnálacha aonair nó le réimsí leasa phoiblí. Féadfar a áireamh leis na rialacha sin ceanglais bhreise maidir le gnéithe teicniúla na rochtana sonraí, ar nós comhéadain le haghaidh rochtain ar shonraí, nó an chaoi a bhféadfaí an rochtain ar shonraí a sholáthar, mar shampla, díreach ón táirge nó trí sheirbhísí idirghabhála sonraí. Féadfar a áireamh leis na rialacha sin freisin teorainneacha le cearta na sealbhóirí sonraí chun rochtain a fháil ar shonraí úsáideora nó iad a úsáid, nó le gnéithe eile lasmuigh de shonraí a rochtain agus a úsáid, amhail gnéithe rialachais nó ceanglais slándála, lena n-áirítear ceanglais chibearshlándála. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar freisin do rialacha níos sonraí i gcomhthéacs spásanna coiteanna Eorpacha sonraí a fhorbairt nó, cé is moite de na heisceachtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo, do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta lena bhforáiltear do rochtain ar shonraí agus lena n-údaraítear úsáid sonraí chun críocha taighde eolaíoch.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(116) Leis an Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta, agus go háirithe Airteagail 101 agus 102 CFAE. Níor cheart na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a úsáid chun iomaíocht a shrianadh ar bhealach atá contrártha le CFAE.

(117) Chun a chur ar a gcumas do ghníomhaithe a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo oiriúnú do na rialacha nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus na socruithe teicniúla is gá a dhéanamh, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin ó ... [20 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(118) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug siad an tuairim uathu an 4 Bealtaine 2022.

(119) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon cothroime a áirithiú i leithdháileadh luacha ó shonraí i measc gníomhaithe sa gheilleagar sonraí agus rochtain chóir ar shonraí agus úsáid sonraí a chothú chun rannchuidiú le fíormhargadh inmheánach le haghaidh sonraí a bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta agus de bharr úsáid trasteorann sonraí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I
# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe, *inter alia*, maidir le:

(a) sonraí táirge agus sonraí seirbhíse gaolmhaire a chur ar fáil d'úsáideoir an táirge nasctha nó na seirbhíse gaolmhaire;

(b) sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoirí sonraí ag sealbhóirí sonraí;

(c) sonraí a chur ar fáil do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach agus do chomhlachtaí de chuid an Aontais ag sealbhóirí sonraí, i gcás ina bhfuil géarghá leis na sonraí sin chun cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chur i gcrích;

(d) malartú idir seirbhísí próiseála sonraí a éascú;

(e) coimircí a thabhairt isteach in aghaidh rochtain neamhdhleathach tríú páirtí ar shonraí neamhphearsanta; agus

(f) caighdeán idir-inoibritheachta a fhorbairt chun rochtain a fháil ar shonraí, sonraí a aistriú agus sonraí a úsáid.

2. Cumhdaítear leis an Rialachán seo sonraí pearsanta agus neamhphearsanta, lena n-áirítear na cineálacha sonraí seo a leanas, sna comhthéacsanna seo a leanas:

(a) tá feidhm ag Caibidil II maidir le sonraí, cé is moite d'ábhar, a bhaineann le feidhmíocht, úsáid agus timpeallacht na dtáirgí nasctha agus na seirbhísí gaolmhara;

(b) tá feidhm ag Caibidil III maidir le haon sonraí ón earnáil phríobháideach atá faoi réir oibleagáidí reachtúla maidir le comhroinnt sonraí;

(c) tá feidhm ag Caibidil IV maidir le haon sonraí ón earnáil phríobháideach a ndéantar rochtain orthu agus a úsáidtear ar bhonn conartha idir fiontair;

(d) tá feidhm ag Caibidil V maidir le haon sonraí ón earnáil phríobháideach lena ndírítear ar shonraí neamhphearsanta;

(e) tá feidhm ag Caibidil VI maidir le haon sonraí agus seirbhísí arna bpróiseáil ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí;

(f) tá feidhm ag Caibidil VII maidir le haon sonraí neamhphearsanta atá á gcoinneáil san Aontas ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí.

3. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) monaróirí táirgí nasctha a chuirtear ar an margadh san Aontas agus soláthraithe seirbhísí gaolmhara, gan beann ar áit bhunaíochta na monaróirí agus na soláthraithe sin;

(b) úsáideoirí táirgí nasctha nó seirbhísí gaolmhara san Aontas dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) sealbhóirí sonraí, gan beann ar a n-áit bhunaíochta, a chuireann sonraí ar fáil d'fhaighteoirí sonraí san Aontas;

(d) faighteoirí sonraí san Aontas a gcuirtear sonraí ar fáil dóibh;

(e) comhlachtaí earnála poiblí, an Choimisiúin, an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus comhlachtaí de chuid an Aontais a iarrann ar shealbhóirí sonraí sonraí a chur ar fáil i gcás ina bhfuil riachtanas eisceachtúil leis na sonraí sin chun cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chur i gcrích agus i gcás ina soláthraíonn sealbhóirí sonraí na sonraí sin mar fhreagra ar iarraidh mar sin;

(f) soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí, gan beann ar a n-áit bhunaíochta, a sholáthraíonn seirbhísí mar sin do chustaiméirí san Aontas;

(g) rannpháirtithe i spásanna sonraí agus díoltóirí feidhmchlár a úsáideann conarthaí cliste agus daoine a mbaineann a dtrádáil, a ngnó nó a ngairm le conarthaí cliste a imscaradh le haghaidh daoine eile i gcomhthéacs comhaontuithe a fhorghníomhú.

4. I gcás ina ndéantar tagairt sa Rialachán seo do tháirgí nasctha nó do sheirbhísí gaolmhara, tuigfear go n-áirítear le tagairtí den sórt sin cúntóirí fíorúla freisin, a mhéid a idirghníomhaíonn siad le táirge nasctha nó le seirbhís ghaolmhar.

5. Ní dochar an Rialachán seo do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta maidir le sonraí pearsanta a chosaint, príobháideachas agus rúndacht cumarsáide agus sláine trealaimh teirminéil, ag a mbeidh feidhm maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear i dtaca leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, go háirithe Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus Treoir 2002/58/CE, lena n-áirítear cumhachtaí agus inniúlachtaí na n-údarás maoirseachta agus cearta na n-ábhar sonraí. A mhéid is ábhair sonraí iad úsáideoirí, comhlánóidh na cearta a leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo cearta rochtana na n-ábhar sonraí agus cearta chun iniomparthacht sonraí faoi Airteagail 15 agus 20 de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás ina mbeidh coimhlint ann idir an Rialachán seo agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta nó príobháideachas, nó an reachtaíocht náisiúnta arna ghlacadh i gcomhréir leis an dlí sin de chuid an Aontais, agus ag dlí ábhartha an Aontais nó ag an dlí ábhartha náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta a bheidh an forlámhas.

6. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le socruithe deonacha malartaithe sonraí idir eintitis phríobháideacha agus phoiblí, go háirithe socruithe deonacha comhroinnte sonraí, agus ní thagann sé roimh na socruithe sin.

Ní dhéantar difear leis an Rialachán seo do ghníomhartha dlí an Aontais ná do ghníomhartha dlí náisiúnta lena bhforáiltear do chomhroinnt sonraí, d'úsáid sonraí agus do rochtain ar shonraí chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, ná chun críocha custaim agus cánachais, go háirithe Rialacháin (AE) 2021/784, (AE) 2022/2065 agus (AE) 2023/1543 agus Treoir (AE) 2023/1544, ná do chomhar idirnáisiúnta sa réimse sin. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le bailiú nó comhroinnt sonraí faoi Rialachán (AE) 2015/847, maidir le rochtain ar shonraí ná maidir le húsáid sonraí faoi Rialachán (AE) 2015/847 agus Treoir (AE) 2015/849. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le réimsí nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais agus i gcás ar bith ní dhéantar difear leis d'inniúlachtaí na mBallstát a bhaineann le slándáil phoiblí, cosaint nó slándáil náisiúnta, gan beann ar an gcineál eintitis a gcuireann na Ballstáit de chúram air cúraimí a dhéanamh i ndáil leis na hinniúlachtaí sin, ná ar an gcumhacht atá acu feidhmeanna bunriachtanacha eile Stáit a choimirciú, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an smacht reachta a chaomhnú. Ní dhéantar difear leis an Rialachán seo d'inniúlachtaí na mBallstát a bhaineann le riarachán custaim agus cánach nó le sláinte agus sábháilteacht na saoránach.

7. Leis an Rialachán seo, comhlánaítear cur chuige féinrialála Rialachán (AE) 2018/1807 trí oibleagáidí atá infheidhme go ginearálta maidir le malartú néalríomhaireachta a chur leis.

8. Ní dochar an Rialachán seo do ghníomhartha dlí an Aontais agus do ghníomhartha dlí náisiúnta lena bhforáiltear do chearta maoine intleachtúla a chosaint, go háirithe Treoracha 2001/29/CE, 2004/48/CE, agus (AE) 2019/790.

9. Leis an Rialachán seo, comhlánaítear dlí an Aontais agus ní dochar é do dhlí an Aontais arb é is aidhm dó leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, agus a sláinte, a sábháilteacht agus a leasanna eacnamaíocha a chosaint, go háirithe Treoracha 93/13/CEE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE

10. Ní chuirtear bac, leis an Rialachán seo, ar chonarthaí deonacha comhroinnte sonraí dleathacha a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear conarthaí arna dtabhairt i gcrích ar bhonn cómhalartach, ar conarthaí iad lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘sonraí’ aon léiriú digiteach ar ghníomhartha, ar fhíorais nó ar fhaisnéis agus aon tiomsú de ghníomhartha, d’fhíorais nó d’fhaisnéis den sórt sin, lena n-áirítear i bhfoirm taifid fuaime, amhairc nó closamhairc;

(2) ciallaíonn ‘meiteashonraí’ tuairisc struchtúrtha ar ábhar nó úsáid na sonraí lena n-éascaítear aimsiú nó úsáid na sonraí sin;

(3) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/679;

(4) ciallaíonn ‘sonraí neamhphearsanta’ sonraí seachas sonraí pearsanta;

(5) ciallaíonn 'táirge nasctha' earra a fhaigheann, a ghineann nó a bhailíonn sonraí a bhaineann lena úsáid nó lena thimpeallacht, agus atá in ann sonraí táirge a chur in iúl trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí rochtain fhisiceach nó trí rochtain ar ghaireas, agus nach é a phríomhfheidhm sonraí a stóráil, a phróiseáil ná a tharchur thar ceann aon pháirtí seachas an t-úsáideoir;

(6) ciallaíonn 'seirbhís ghaolmhar' seirbhís dhigiteach, seachas seirbhís cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear bogearraí, atá nasctha leis an táirge tráth an cheannaigh, an chíosa nó an léasa ar bhealach a gcuirfeadh éagmais na seirbhíse sin cosc ar an táirge nasctha ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a bhí ag an táirge a dhéanamh, nó atá nasctha ina dhiaidh sin leis an táirge ag an monaróir nó ag tríú páirtí chun cur le feidhmeanna an táirge nasctha, iad a uasdátú nó a oiriúnú;

(7) ciallaíonn 'próiseáil' aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí nó ar thacair sonraí, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh, nó trí mhodhanna eile lena gcur ar fáil, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

(8) ciallaíonn 'seirbhís próiseála sonraí' seirbhís dhigiteach a sholáthraítear do chustaiméir agus lena gcumasaítear rochtain uileláithreach agus rochtain ar líonra ar éileamh ar chomhthiomsú comhroinnte d'acmhainní ríomhaireachta inchumraithe, inscálaithe agus leaisteach de chineál láraithe, dáilte nó an-dáilte, ar féidir iad a sholáthar go tapa agus a scaoileadh leis an méid is lú iarracht bhainistíochta nó idirghníomhaíocht soláthraithe seirbhíse;

(9) ciallaíonn ‘cineál céanna seirbhíse’ tacar seirbhísí próiseála sonraí a bhfuil an príomhchuspóir céanna, an tsamhail seirbhíse próiseála sonraí céanna agus na príomhfheidhmeanna céanna acu;

(10) ciallaíonn ‘seirbhís idirghabhála sonraí’ seirbhís idirghabhála sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Rialachán (AE) 2022/868;

(11) ciallaíonn ‘ábhar sonraí’ ábhar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/679;

(12) ciallaíonn ‘úsáideoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil táirge nasctha acu nó ar aistríodh ar bhonn conarthach cearta sealadacha chuig an duine sin chun an táirge nasctha sin a úsáid, nó a fhaigheann seirbhísí gaolmhara;

(13) ciallaíonn ‘sealbhóir sonraí’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé de cheart ag an duine sin nó a bhfuil an oibleagáid ar an duine sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo, le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, sonraí a úsáid agus a chur ar fáil, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil comhaontú conarthach ina leith ann, sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire a d’aisghabh nó a ghin an duine sin le linn seirbhís ghaolmhar a sholáthar;

(14) ciallaíonn ‘faighteoir sonraí’ duine nádúrtha nó dlítheanach, ag gníomhú chun críocha a bhaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, seachas úsáideoir táirge nasctha nó seirbhíse gaolmhaire, a gcuireann an sealbhóir sonraí na sonraí ar fáil dó, lena n-áirítear tríú páirtí tar éis iarraidh a fháil ón úsáideoir ar an sealbhóir sonraí nó i gcomhréir le hoibleagáid dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais;

(15) ciallaíonn ‘sonraí táirge’ sonraí a ghintear trí úsáid a bhaint as táirge nasctha ar sonraí iad a dhear an monaróir le bheith in-aisghafa, trí sheirbhís cumarsáide leictreonaí, trí nasc fisiceach nó trí rochtain ar ghaireas, ag úsáideoir, sealbhóir sonraí nó tríú páirtí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an monaróir;

(16) ciallaíonn ‘sonraí seirbhíse gaolmhaire’ sonraí lena léirítear digitiú gníomhaíochtaí úsáideoirí nó imeachtaí a bhaineann leis an táirge nasctha, arna dtaifeadadh d’aon ghnó ag an úsáideoir nó a ghintear mar sheachtháirge ghníomhaíocht an úsáideora le linn don soláthraí seirbhís ghaolmhar a sholáthar;

(17) ciallaíonn ‘sonraí atá ar fáil go héasca’ sonraí táirge agus sonraí seirbhíse gaolmhaire a fhaigheann sealbhóir sonraí go dleathach nó ar féidir le sealbhóir sonraí a fháil go dleathach ón táirge nasctha nó ón tseirbhís ghaolmhar, gan iarracht dhíréireach lena bhfuil níos mó ná oibríocht shimplí i gceist;

(18) ciallaíonn ‘rún trádála’ rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943;

(19) ciallaíonn ‘sealbhóir rúin trádála’ sealbhóir rúin trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir (AE) 2016/943;

(20) ciallaíonn ‘próifíliú’ próifíliú mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Rialachán (AE) 2016/679;

(21) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ aon soláthar táirge nasctha lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(22) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ táirge nasctha a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(23) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ aon duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críoch nach mbaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm bheatha an duine sin;

(24) ciallaíonn ‘fiontar’ duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú, maidir le conarthaí agus cleachtais a chumhdaítear faoin Rialachán seo, chun críoch a bhaineann le ceird, gnó, ealaín nó gairm an duine sin;

(25) ciallaíonn ‘fiontar beag’ fiontar beag mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;

(26) ciallaíonn ‘micrifhiontar’ micrifhiontar mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;

(27) ciallaíonn ‘comhlachtaí an Aontais’ comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais arna mbunú le nó de bhun gníomhartha arna nglacadh ar bhonn an Chonartha ar an Aontas Eorpach, CFAE nó an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;

(28) ciallaíonn ‘comhlacht earnála poiblí’ údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla na mBallstát agus comhlachtaí faoi rialú dhlí poiblí na mBallstát, nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den chineál sin nó ag comhlacht amháin nó níos mó den chineál sin;

(29) ciallaíonn 'éigeandáil phoiblí' staid eisceachtúil, atá teoranta ó thaobh ama de, amhail éigeandáil sláinte poiblí, éigeandáil a eascraíonn as tubaistí nádúrtha, chomh maith le mórthubaiste de dheasca daoine, lena n-áirítear mórtheagmhas cibearshlándála, a dhéanann difear diúltach do dhaonra an Aontais nó do dhaonra Ballstáit ina iomláine nó cuid de, agus lena bhfuil riosca go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha marthanacha aici ar dhálaí maireachtála nó ar chobhsaíocht eacnamaíoch, ar chobhsaíocht airgeadais, nó díghrádú substaintiúil agus láithreach sócmhainní eacnamaíocha san Aontas nó sa Bhallstát ábhartha agus a chinntear nó a dhearbhaítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta;

(30) ciallaíonn 'custaiméir' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil caidreamh conarthach ag an duine sin le soláthraí seirbhísí próiseála sonraí chun seirbhís próiseála sonraí amháin nó níos mó a úsáid;

(31) ciallaíonn 'cúntóirí fíorúla' bogearraí lenar féidir éilimh, cúraimí nó ceisteanna a phróiseáil, lena n-áirítear iad sin atá bunaithe ar ionchur fuaime, ionchur scríofa, gothaí nó gluaisne, agus a dhéanann, bunaithe ar na héilimh, na cúraimí nó na ceisteanna sin, rochtain ar sheirbhísí eile a sholáthar nó feidhmeanna na dtáirgí nasctha a rialú;

(32) ciallaíonn 'sócmhainní digiteacha' eilimintí i bhfoirm dhigiteach, lena n-áirítear feidhmchláir, a bhfuil an ceart úsáide ag an gcustaiméir lena n-aghaidh, go neamhspleách ar an gcaidreamh conarthach leis an tseirbhís próiseála sonraí a bhfuil sé beartaithe aige nó aici athrú uaithi;

(33) ciallaíonn 'bonneagar TFC san áitreabh' bonneagar TFC agus acmhainní ríomhaireachta atá faoi úinéireacht, ar cíos nó ar léas ag an gcustaiméir, atá lonnaithe i lárionad sonraí an chustaiméara féin agus atá á n-oibriú ag an gcustaiméir nó ag tríú páirtí;

(34) ciallaíonn ‘malartú’ an próiseas a bhaineann le soláthraí foinseach seirbhísí próiseála sonraí, custaiméir seirbhíse próiseála sonraí agus, i gcás inarb ábhartha, soláthraí seirbhísí próiseála sonraí cinn scríbe, lena n-athraíonn custaiméir seirbhíse próiseála sonraí ó sheirbhís próiseála sonraí amháin a úsáid go seirbhís próiseála sonraí eile den chineál céanna seirbhíse a úsáid, nó go seirbhís eile, arna tairgeadh ag soláthraí éagsúil seirbhísí próiseála sonraí, nó go bonneagar TFC san áitreabh, lena n-áirítear trí na sonraí a asbhaint, a chlaochlú agus a uaslódáil;

(35) ciallaíonn ‘muirir imeachta sonraí’ táillí aistrithe sonraí a ghearrtar ar chustaiméirí as a gcuid sonraí a bhaint tríd an líonra ó bhonneagar TFC soláthraí seirbhísí próiseála sonraí chuig córas soláthraí éagsúil nó chuig bonneagar TFC san áitreabh;

(36) ciallaíonn ‘muirir mhalartaithe’ muirir, seachas táillí seirbhíse caighdeánacha nó pionóis luathfhoirceannta, arna ngearradh ag soláthraí seirbhísí próiseála sonraí ar chustaiméir as na gníomhaíochtaí a shainordaítear leis an Rialachán seo maidir le malartú go córas soláthraí éagsúil nó go bonneagar TFC san áitreabh, lena n-áirítear muirir imeachta sonraí;

(37) ciallaíonn ‘coibhéis fheidhmiúil’ íosleibhéal feidhmiúlachta a athbhunú, ar bhonn shonraí in-onnmhairithe agus shócmhainní digiteacha an chustaiméara, i dtimpeallacht seirbhíse nua próiseála sonraí den chineál céanna seirbhíse tar éis an phróisis malartaithe, i gcás ina soláthraíonn an tseirbhís próiseála sonraí cinn scríbe toradh atá inchomparáide den chuid is mó mar fhreagairt ar an ionchur céanna le haghaidh feidhmiúlacht chomhroinnte arna soláthar don chustaiméir faoin gconradh;

(38) ciallaíonn ‘sonraí in-onnmhairithe’, chun críoch Airteagail 23 go 31 agus Airteagal 35, na sonraí ionchuir agus aschuir, lena n-áirítear meiteashonraí, a ghintear go díreach nó go hindíreach, nó a chomhghineann an custaiméir, tríd an úsáid a bhaineann sé as an tseirbhís próiseála sonraí, cé is moite d’aon sócmhainní nó sonraí atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla, nó arb ionann iad agus rún trádála, de chuid sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí nó de chuid tríú páirtithe;

(39) ciallaíonn ‘conradh cliste’ ríomhchlár a úsáidtear chun comhaontú nó cuid de chomhaontú a chur i gcrích go huathoibríoch, trí sheicheamh taifead sonraí leictreonacha a úsáid agus lena n-áirithítear a sláine agus cruinneas a n-ordaithe chróineolaíoch;

(40) ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’ dhá cheann nó níos mó de spásanna sonraí nó de líonraí, córais, táirgí nasctha, feidhmchláir, seirbhísí próiseála sonraí nó comhpháirteanna cumarsáide a bheith in ann sonraí a mhalartú agus a úsáid chun a gcuid feidhmeanna a dhéanamh;

(41) ciallaíonn ‘sonraíocht idir-inoibritheachta oscailte’ sonraíocht theicniúil i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide atá dírithe ar fheidhmíocht maidir le hidir-inoibritheacht a bhaint amach idir seirbhísí próiseála sonraí;

(42) ciallaíonn ‘sonraíochtaí coiteanna’ doiciméad, seachas caighdeán, ina bhfuil réitigh theicniúla lena gcuirtear modh ar fáil chun ceanglais agus oibleagáidí áirithe arna mbunú faoin Rialachán seo a chomhlíonadh;

(43) ciallaíonn ‘caighdeán comhchuibhithe’ caighdeán comhchuibhithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1)(c), de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

## Caibidil II

## Comhroinnt sonraí gnólacht le tomhaltóir agus gnólacht le gnólacht

*Airteagal 3*

*Oibleagáid sonraí táirge agus sonraí seirbhísí gaolmhara a dhéanamh inrochtana don úsáideoir*

1. Déanfar táirgí nasctha a dhearadh agus a mhonarú, agus déanfar táirgí gaolmhara a dhearadh agus a chur ar fáil, i gcaoi go mbeidh, trí réamhshocrú, fáil ar shonraí an táirge agus na sonraí seirbhíse gaolmhaire go héasca, lena n-áirítear na meiteashonraí is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, go mbeidh siad saor in aisce, i bhformáid atá cuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá meaisín-inléite, agus, i gcás inarb ábhartha agus inarb féidir go teicniúil, go gcuirfear ar fáil go díreach don úsáideoir iad.

2. Sula dtabharfar i gcrích conradh chun táirge nasctha a cheannach, a fháil ar cíos nó ar léas, cuirfidh an díoltóir, cíosóir nó léasóir - féadfaidh an monaróir a bheith in aon cheann díobh - an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar fáil don úsáideoir, ar bhealach atá soiléir agus sothuigthe:

   (a) cineál, formáid agus toirt mheasta na sonraí táirge a d'fhéadfadh an táirge nasctha a ghiniúint;

   (b) an dóchúlacht go mbeadh táirge nasctha in ann sonraí a ghiniúint go leanúnach agus i bhfíor-am;

   (c) an dóchúlacht go mbeidh an táirge nasctha in ann sonraí a stóráil ar ghaireas nó ar chianfhreastalaí, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, fad na tréimhse coinneála;

(d) an chaoi a gheobhaidh an t-úsáideoir rochtain ar na sonraí sin, an chaoi a n-aisghabhfaidh an t-úsáideoir na sonraí nó, i gcás inarb ábhartha, an chaoi a scriosfaidh an t-úsáideoir na sonraí, lena n-áirítear na modhanna teicniúla chun é sin a dhéanamh, mar aon lena dtéarmaí úsáide agus a gcáilíocht seirbhíse.

3. Sula dtabharfar conradh i gcrích chun seirbhís ghaolmhar a sholáthar, cuirfidh soláthraí seirbhíse gaolmhaire den sórt sin an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar fáil don úsáideoir, ar bhealach atá soiléir agus sothuigthe:

(a) cineál, toirt mheasta agus minicíocht bailiúcháin na sonraí táirge a bhfuil súil go bhfaighidh an sealbhóir ionchasach sonraí iad agus, i gcás inarb ábhartha, na socruithe lena bhféadfaidh an t-úsáideoir rochtain a fháil ar na sonraí sin nó iad a aisghabháil, lena n-áirítear socruithe stórála an tsealbhóra ionchasaigh sonraí agus fad na coinneála;

(b) cineál agus méid measta na sonraí seirbhíse gaolmhaire atá le giniúint, mar aon leis na socruithe lena bhféadfaidh an t-úsáideoir rochtain a fháil ar na sonraí sin nó iad a aisghabháil, lena n-áirítear socruithe stórála sonraí an tsealbhóra ionchasaigh sonraí agus fad na coinneála;

(c) an bhfuil an sealbhóir ionchasach sonraí ag súil go n-úsáidfidh sé nó sí féin na sonraí atá ar fáil go héasca agus na cuspóirí a úsáidtear na sonraí sin, agus an bhfuil sé ar intinn aige cead a thabhairt do thríú páirtí amháin nó níos mó na sonraí a úsáid chun críocha arna gcomhaontú leis an úsáideoir;

(d) céannacht an tsealbhóra ionchasaigh sonraí, cuir i gcás an t-ainm trádála agus an seoladh geografach ag a bhfuil sé bunaithe agus, i gcás inarb infheidhme, páirtithe eile próiseála sonraí;

(e) an modh cumarsáide a ligfidh don úsáideoir teagmháil a dhéanamh leis an sealbhóir ionchasach sonraí go tapa agus cumarsáid a dhéanamh leis an sealbhóir sonraí sin go héifeachtúil;

(f) conas is féidir leis an úsáideoir a iarraidh go roinnfear na sonraí le tríú páirtí, agus, i gcás inarb infheidhme, deireadh a chur leis an gcomhroinnt sonraí;

(g) ceart an úsáideora gearán a dhéanamh lena gcuirtear sárú ar aon cheann de fhorálacha na Caibidle seo in iúl don údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37;

(h) an dóchúlacht gur sealbhóir na rúin trádála atá sna sonraí atá inrochtana ón táirge nasctha nó a ghinfear le linn an ama a sholáthrófar seirbhís ghaolmhar é an sealbhóir ionchasach sonraí, agus, i gcás nach ionann sealbhóir ionchasach na sonraí agus an sealbhóir rúin trádála, céannacht an tsealbhóra rún trádála;

(i) fad an chonartha idir an t-úsáideoir agus an sealbhóir ionchasach sonraí chomh maith leis na socruithe chun comhaontú den sórt sin a fhoirceannadh.

*Airteagal 4*

*Cearta agus oibleagáidí úsáideoirí agus sealbhóirí sonraí maidir le rochtain a fháil ar shonraí táirge agus ar shonraí seirbhíse gaolmhaire, iad a úsáid agus a chur ar fáil*

1. I gcás nach féidir leis an úsáideoir rochtain dhíreach a fháil ar na sonraí ón táirge nasctha ná ón tseirbhís ghaolmhar, cuirfidh sealbhóirí sonraí na sonraí, lena n-áirítear na meiteashonraí ábhartha ar gá leo chun na sonraí sin a léiriú agus a úsáid, ar fáil don úsáideoir gan mhoill, agus cuirfidh sé ar fáil iad go héasca, go sábháilte, saor in aisce, i bhformáid atá intuigthe, struchtúrtha, a úsáidtear go coiteann agus atá meaisín-inléite, agus, i gcás inarb ábhartha agus inarb fhéidir go teicniúil, agus i gcás inarb ionann an caighdeán agus a bhfuil ar fáil don sealbhóir sonraí, go leanúnach agus i bhfíor-am. Déanfar é sin ar bhonn iarraidh shimplí trí mheán leictreonach i gcás inarb fhéidir sin go teicniúil.

2. Féadfaidh úsáideoirí agus sealbhóirí sonraí conradh a dhéanamh chun cosc a chur ar an rochtain, an úsáid nó tuilleadh comhroinnt sonraí, i gcás ina mbainfí an bonn de cheanglais slándála an táirge nasctha, mar a leagtar amach i dlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta iad, de bharr na próiseála sin, agus go mbeadh éifeacht dhíobhála thromchúiseach ar shláinte, ar shábháilteacht nó ar shlándáil daoine nádúrtha dá thoradh. Féadfaidh na húdaráis earnála saineolas teicniúil a sholáthar d'úsáideoirí agus do shealbhóirí sonraí sa chomhthéacs sin. I gcás ina ndiúltaíonn an sealbhóir sonraí na sonraí a chomhroinnt de bhun an Airteagail seo, tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37.

3. Féadfaidh an t-úsáideoir, gan dochar do cheart an úsáideora sásamh a lorg ag céim ar bith os comhar cúirte nó binse de chuid Ballstáit, agus i ndáil le haon díospóid leis an sealbhóir sonraí, an méid a leanas a dhéanamh maidir leis na srianta nó na toirmisc chonarthacha dá dtagraítear i mír 2:

(a) gearán a thaisceadh leis an údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 37(5), pointe (b); nó

(b) comhaontú a shocrú leis an sealbhóir sonraí an t-ábhar a chur faoi bhráid comhlacht um réiteach díospóidí, i gcomhréir le hAirteagal 10(1).

4. Ní dhéanfaidh sealbhóirí sonraí feidhmiú na roghanna ná na cearta faoin Airteagal seo ródheacair, lena n-áirítear trí roghanna a thairiscint don úsáideoir ar bhealach nach bhfuil neodrach ná trí neamhspleáchas, cinnteoireacht ná roghanna an úsáideora a threascairt ná a lagú trí struchtúr, dearadh, feidhm ná modh oibriúcháin comhéadain dhigitigh úsáideora ná cuid de.

5. Chun críoch a fhíorú an gcáilíonn duine nádúrtha nó dlítheanach mar úsáideoir chun críocha mhír 1, ní chuirfidh sealbhóir sonraí de cheangal ar an duine sin aon eolas seachas an fhaisnéis a bhfuil gá léi a thabhairt. Ní choimeádfaidh sealbhóir sonraí aon fhaisnéis, go háirithe sonraí loga, maidir le rochtain an úsáideora ar na sonraí a iarrtar thar a bhfuil riachtanach chun iarraidh an úsáideora ar rochtain a fhorghníomhú go fónta agus chun slándáil agus coinneáil ar bun an bhonneagair sonraí a áirithiú.

6. Déanfar rúin trádála a chaomhnú agus ní nochtfar iad ach amháin i gcás ina ndéanfaidh an sealbhóir sonraí agus an t-úsáideoir na bearta uile sula nochtfar iad chun a rúndacht a chaomhnú, go háirithe maidir le tríú páirtithe. Déanfaidh an sealbhóir sonraí, nó, i gcás nach iad an duine céanna iad, an sealbhóir rúin trádála, na sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála, ina measc na meiteashonraí ábhartha, agus tiocfaidh sé nó sí ar chomhaontú leis an úsáideoir maidir le gach beart comhréireach teicniúil agus eagraíochtúil is gá chun rúndacht na sonraí comhroinnte a chaomhnú, go háirithe maidir le tríú páirtithe, cuir i gcás na téarmaí conarthacha eiseamláireacha, comhaontuithe rúndachta, prótacail dhiana rochtana, caighdeáin theicniúla agus cur i bhfeidhm na gcód iompair.

7. I gcás nach dtiocfar ar chomhaontú maidir leis na bearta is gá dá dtagraítear i mír 6, nó i gcás nach gcuireann an t-úsáideoir na bearta a comhaontaíodh de bhun mhír 6 chun feidhme ná go mbaineann an t-úsáideoir an bonn de rúndacht na rún trádála, féadfaidh an sealbhóir sonraí comhroinnt na sonraí a shainaithnítear ina rúin trádála a choinneáil siar nó, más amhlaidh an cás, an comhroinnt a chur ar fionraí. Tabharfar bunús cuí le cinneadh an tsealbhóra sonraí agus cuirfear ar fáil i scríbhinn é don úsáideoir gan moill mhíchuí. Sna cásanna sin, tabharfaidh an sealbhóir sonraí fógra don údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 á rá go ndearna sé nó sí comhroinnt sonraí a choinneáil siar nó a chur ar fionraí agus sainaithneoidh sé nó sí cé na bearta nár comhaontaíodh ná nár cuireadh chun feidhme agus, i gcás inarb ábhartha, cé na rúin trádála ar baineadh an bonn dá rúndacht.

8. In imthosca eisceachtúla, i gcás inar féidir leis an sealbhóir sonraí ar sealbhóir rúin trádála é nó í a léiriú gur rídhócha go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch dó nó di de bharr rúin trádála a nochtadh, d'ainneoin na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil a ghlac an t-úsáideoir de bhun mhír 6 den Airteagal seo, féadfaidh an sealbhóir sonraí sin iarraidh ar rochtain ar na sonraí sonracha atá i gceist a dhiúltú ar bhonn cás ar chás. Beidh bunús cuí leis an léiriú sin bunaithe ar eilimintí oibiachtúla, go háirithe in-fhorfheidhmitheacht na cosanta ar rúin trádála i dtríú tíortha, cineál agus leibhéal rúndachta na sonraí a iarrtar, agus uathúlacht agus úrnuacht an táirge nasctha, agus soláthrófar é i scríbhinn don úsáideoir gan moill mhíchuí. I gcás ina ndiúltaíonn an sealbhóir sonraí na sonraí a chomhroinnt de bhun na míre seo, tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37.

9. Gan dochar do cheart an úsáideora sásamh a lorg ag céim ar bith os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh úsáideoir ar mian leis nó léi agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh sealbhóra sonraí comhroinnt sonraí a dhiúltú, a choinneáil siar nó a chur ar fionraí de bhun mhíreanna 7 agus 8 an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gearán a thaisceadh leis an údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 37(5), pointe (b), a chinnfidh, gan moill mhíchuí, an gcuirtear tús le comhroinnt sonraí nó an leantar de agus na coinníollacha faoina gcuirtear tús leis; nó

(b) comhaontú a shocrú leis an sealbhóir sonraí an t-ábhar a chur faoi bhráid comhlacht um réiteach díospóidí, i gcomhréir le hAirteagal 10(1).

10. Ní úsáidfidh an t-úsáideoir na sonraí a fuarthas de bhun iarraidh dá dtagraítear i mír 1 chun táirge nasctha a fhorbairt a bheidh in iomaíocht leis an táirge nasctha as ar tháinig na sonraí, ná ní chomhroinnfear na sonraí le tríú páirtí agus an cuspóir sin aige nó aici, ná ní úsáidfidh sé nó sí na sonraí sin chun léargas a fháil ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní ná ar mhodhanna táirgthe an mhonaróra ná, más infheidhme, an sealbhóir sonraí.

11. Ní úsáidfidh an t-úsáideoir modhanna comhéigneacha ná ní mhí-úsáidfidh sé nó sí bearnaí i mbonneagar teicniúil an tsealbhóra sonraí atá ann chun na sonraí a chosaint chun rochtain a fháil ar shonraí.

12. I gcás nach ábhar sonraí é nó í an t-úsáideoir a bhfuil a sonraí pearsanta á n-iarraidh, ní chuirfidh an sealbhóir sonraí aon sonraí pearsanta a ghintear trí tháirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar a úsáid ar fáil don úsáideoir ach amháin i gcás ina bhfuil bunús dlí bailí maidir le próiseáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 9 den Rialachán sin agus coinníollacha Airteagal 5(3) den Treoir 2002/58/CE.

13. Is iad sonraí neamhphearsanta a bhfuil fáil orthu go héasca ar bhonn conartha leis an úsáideoir an t-aon chineál sonraí a úsáidfidh sealbhóir sonraí. Ní úsáidfidh sealbhóir sonraí sonraí den sórt sin chun léargas a fháil ar an staid eacnamaíoch, ar shócmhainní ná ar mhodhanna táirgthe an úsáideora ná ar úsáid an úsáideora ar aon bhealach eile, ar sonraí iad a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de staid tráchtála an úsáideora sin ar na margaí ina bhfuil an t-úsáideoir gníomhach.

14. Ní chuirfidh sealbhóirí sonraí sonraí neamhphearsanta ar fáil do thríú páirtithe chun críocha tráchtála ná neamhthráchtála seachas ar mhaithe lena gconarthaí leis an úsáideoir a chomhlíonadh. Cuirfidh sealbhóirí sonraí, i gcás inarb ábhartha, ceangal conartha ar thríú páirtithe gan tuilleadh sonraí a fhaightear uathu a chomhroinnt.

*Airteagal 5*

*Ceart an úsáideora sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe*

1. Arna iarraidh sin d'úsáideoir, nó do pháirtí atá ag gníomhú thar ceann úsáideora, cuirfidh an sealbhóir sonraí sonraí ar fáil go héasca, chomh maith leis na meiteashonraí ábhartha is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, do thríú páirtí, gan aon mhoill mhíchuí, den cháilíocht chéanna agus atá ar fáil don sealbhóir sonraí, go héasca, go slán, saor in aisce don úsáideoir, i bhformáid chuimsitheach, struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá meaisín-inléite agus, i gcás inarb ábhartha agus inarb fhéidir go teicniúil, go leanúnach agus i bhfíor-am. Cuirfidh an sealbhóir sonraí na sonraí ar fáil don tríú páirtí i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le sonraí atá ar fail go héasca i gcomhthéacs táirgí nasctha, substaintí ná próisis nua nár cuireadh ar an margadh go fóill a thástáil ach amháin má cheadaítear a n-úsáid ag tríú páirtí go conarthach.

3. Aon ghnóthas a ainmníodh mar gheatóir, de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925, ní tríú páirtí incháilithe é faoin Airteagal seo agus dá bhrí sin:

(a) úsáideoir a shireadh nó a dhreasú ar bhonn tráchtála ar aon bhealach, lena n-áirítear trí chúiteamh airgeadaíochta nó aon chúiteamh eile a sholáthar, chun sonraí a chur ar fáil do cheann dá sheirbhísí a fuair an t-úsáideoir de bhun iarraidh faoi Airteagal 4(1);

(b) úsáideoir a shireadh nó a dhreasú ar bhonn tráchtála chun iarraidh ar an sealbhóir sonraí a chur ar fáil do cheann dá sheirbhísí de bhun mhír 1 den Airteagal seo;

(c) sonraí a fháil ó úsáideoir a fuair an t-úsáideoir de bhun iarraidh faoi Airteagal 4(1).

4. Chun críoch a fhíorú an gcáilíonn duine nádúrtha nó dlítheanach mar úsáideoir nó mar thriú páirtí chun críocha mhír 1, ní chuirfear de cheangal ar an úsáideoir ná ar an tríú páirtí aon eolas seachas an fhaisnéis a bhfuil gá léi a thabhairt. Ní choimeádfaidh sealbhóirí sonraí aon fhaisnéis maidir le rochtain an tríú páirtí ar na sonraí a iarrtar thar a bhfuil riachtanach chun iarraidh an tríú páirtí ar rochtain a fhorghníomhú go fónta agus chun slándáil agus coinneáil ar bun an bhonneagair sonraí a áirithiú.

5. Ní úsáidfidh an tríú páirtí modhanna comhéigneacha ná ní mhí-úsáidfidh sé nó sí bearnaí i mbonneagar teicniúil sealbhóra sonraí a dearadh chun na sonraí a chosaint chun rochtain a fháil ar shonraí.

6. Ní bhainfidh an sealbhóir sonraí úsáid as sonraí atá ar fáil go héasca chun léargas a fháil ar an staid eacnamaíoch, ar shócmhainní ná ar mhodhanna táirgthe an tríú páirtí ná ar úsáid an tríú páirtí ar aon bhealach eile, ar sonraí iad a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de staid tráchtála an tríú páirtí sna margaí ina bhfuil an tríú páirtí gníomhach, murar thug an tríú páirtí cead leis an úsáid sin agus mura bhfuil an deis theicniúil aige nó aici an cead sin a tharraingt siar go héasca tráth ar bith.

7. I gcás nach ábhar sonraí é nó í an t-úsáideoir a bhfuil a sonraí pearsanta á n-iarraidh, ní chuirfidh an sealbhóir sonraí aon sonraí pearsanta a ghintear trí tháirge nasctha ná seirbhís ghaolmhar a úsáid,, ar fáil don tríú páirtí ach amháin i gcás ina bhfuil bunús dlí bailí maidir le próiseáil faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 9 den Rialachán sin agus Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE.

8. Mura dtagann an sealbhóir sonraí agus an tríú páirtí ar chomhaontú maidir le socruithe maidir leis na sonraí a tharchur, ní chuirfidh sé bac, cosc ná cur isteach ar fheidhmiú chearta an ábhair sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus, go háirithe, ar an gceart ar iniomparthacht sonraí faoi Airteagal 20 den Rialachán sin.

9. Déanfar rúin trádála a chaomhnú agus ní nochtfar iad ach do thríú páirtithe ach amháin a mhéid a bhfuil fíorghá le nochtadh den sórt sin chun an cuspóir a comhaontaíodh idir an t-úsáideoir agus an tríú páirtí a chomhlíonadh. Déanfaidh an sealbhóir sonraí nó, i gcás nach iad an duine céanna iad, an sealbhóir rúin trádála, na sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála, lena n-áirítear sna meiteashonraí ábhartha, a shainaithint, agus tiocfaidh sé nó sí ar chomhaontú leis an tríú páirtí maidir le gach beart comhréireach teicniúil agus eagraíochtúil is gá chun rúndacht na sonraí comhroinnte a chaomhnú, amhail na téarmaí conarthacha eiseamláireacha, comhaontuithe rúndachta, prótacail dhiana rochtana, caighdeáin theicniúla agus cur i bhfeidhm na gcód iompair.

10. I gcás nach dtiocfar ar chomhaontú maidir leis na bearta is gá dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo, nó i gcás nach gcuireann an tríú páirtí na bearta a comhaontaíodh de bhun mhír 9 den Airteagal seo chun feidhme ná go mbaineann sé nó sí an bonn de rúndacht na rún trádála, féadfaidh an sealbhóir sonraí comhroinnt na sonraí a shainaithnítear ina rúin trádála a choinneáil siar nó, más amhlaidh an cás, an comhroinnt a chur ar fionraí. Tabharfar bunús cuí le cinneadh shealbhóir na sonraí agus cuirfear ar fáil i scríbhinn é don tríú páirtí gan moill mhíchuí. Sna cásanna sin, tabharfaidh an sealbhóir sonraí fógra don údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 á rá go ndearna sé nó sí comhroinnt sonraí a choinneáil siar nó a chur ar fionraí agus sainaithneoidh sé nó sí cé na bearta nár comhaontaíodh ná nár cuireadh chun feidhme agus, i gcás inarb ábhartha, cé na rúin trádála ar baineadh an bonn dá rúndacht.

11. In imthosca eisceachtúla, i gcás inar féidir leis an sealbhóir sonraí ar sealbhóir rúin trádála é nó í a léiriú gur rídhócha go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch dó nó di de bharr rúin trádála a nochtadh, d'ainneoin na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil arna ndéanamh ag an tríú páirtí de bhun mhír 9 den Airteagal seo, féadfaidh an sealbhóir sonraí sin iarraidh ar rochtain ar na sonraí sonracha atá i gceist a dhiúltú ar bhonn cás ar chás. Beidh bunús cuí leis an léiriú sin, ar bhonn eilimintí oibiachtúla, go háirithe in-fhorfheidhmitheacht na cosanta ar rúin trádála i dtríú tíortha, cineál agus leibhéal rúndachta na sonraí arna n-iarraidh, agus uathúlacht agus úrnuacht an táirge nasctha, agus soláthrófar é i scríbhinn don triú páirtí gan moill mhíchuí. I gcás ina ndiúltaíonn an sealbhóir sonraí na sonraí a chomhroinnt de bhun na míre seo, tabharfaidh sé nó sí fógra don údarás inniúil náisiúnta arna ainmniú de bhun Airteagal 37.

12. Gan dochar don cheart sásamh a lorg ag céim ar bith os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh tríú páirtí ar mian leis nó léi agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh sealbhóra sonraí maidir le comhroinnt sonraí de bhun míreanna 10 agus 11 a dhiúltú, a choinneáil siar nó a chur ar fionraí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gearán a thaisceadh leis an údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 37(5), pointe (b), a chinnfidh, gan moill mhíchuí, ar cheart tús a chur leis an gcomhroinnt sonraí agus na coinníollacha faoina gcuirfear tús leis sin; nó

(b) comhaontú a shocrú leis an sealbhóir sonraí maidir leis an ábhar a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 10(1).

13. Ní dhéanfaidh an ceart dá dtagraítear i mír 1 dochar do chearta na n-ábhar sonraí de bhun dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

*Airteagal 6*

*Oibleagáidí tríú páirtithe a fhaigheann sonraí arna iarraidh sin don úsáideoir*

1. Ní dhéanfaidh tríú páirtí na sonraí a chuirtear ar fail dó nó di de bhun Airteagal 5 a phróiseáil ach amháin chun críocha agus faoina coinníollacha arna gcomhaontú leis an úsáideoir agus faoi réir dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta lena n-áirítear cearta an duine is ábhar do na sonraí a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta. Scriosfaidh an tríú páirtí na sonraí nuair nach mbeidh gá leo a thuilleadh chun na críche a comhaontaíodh, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an úsáideoir maidir le sonraí neamhphearsanta.

2. Ní dhéanfaidh an tríú páirtí an méid seo a leanas:

(a) feidhmiú roghanna nó cearta úsáideoirí faoi Airteagal 5 a dhéanamh ródheacair, lena n-áirítear trí roghanna a thairiscint d’úsáideoirí ar bhealach nach bhfuil neodrach, ná tríd an úsáideoir a chomhéigniú, a mheabhlú ná a chúbláil, ná trí neamhspleáchas, trí chinnteoireacht ná trí roghanna an úsáideora a threascairt ná a lagú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin comhéadan digiteach úsáideora, ná cuid de;

(b) d’ainneoin Airteagal 22(2), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/679, úsáid a bhaint as na sonraí a fhaigheann sé nó sí le haghaidh próifíliú a dhéanamh, ach amháin más gá sin chun an tseirbhís a iarrann an t-úsáideoir a sholáthar;

(c) na sonraí a fhaigheann sé nó sí a chur ar fáil do thríú páirtí, ach amháin má chuirtear na sonraí ar fáil ar bhonn conartha leis an úsáideoir, agus ar choinníoll go ndéanfaidh an tríú páirtí eile na bearta uile is gá arna gcomhaontú idir sealbhóir na sonraí agus an tríú páirtí chun rúndacht rún trádála a chaomhnú;

(d) na sonraí a fhaigheann sé a chur ar fáil do ghnóthas atá ainmnithe ina gheatóir de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925;

(e) na sonraí a fhaigheann sé a úsáid chun táirge a fhorbairt a théann in iomaíocht leis an táirge nasctha as a dtagann na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu ná a chomhroinneann na sonraí le tríú páirtí eile chun na críche sin; ní úsáidfidh tríú páirtithe ach oiread sonraí táirge neamhphearsanta ná sonraí seirbhíse gaolmhaire a chuirtear ar fáil dóibh chun léargas a fháil ar an staid eacnamaíoch, ar sócmhainní ná ar na modhanna táirgthe atá ag sealbhóir na sonraí agus ar an úsáid a bhaineann sé as;

(f) na sonraí a fhaigheann sé nó sí a úsáid ar bhealach a mbeidh drochthionchar ag na sonraí ar shlándáil an táirge nasctha ná na seirbhíse gaolmhair;

(g) neamhaird a thabhairt ar na bearta sonracha atá comhaontaithe aige le sealbhóir sonraí ná le sealbhóir na rún trádála de bhun Airteagal 5(9) agus an bonn a bhaint ó rúndacht rún trádála;

(h) cosc a chur ar an úsáideoir ar tomhaltóir é, lena n-áirítear ar bhonn conartha, na sonraí a fhaigheann sé nó sí a chur ar fáil do pháirtithe eile.

*Airteagal 7*

*Raon feidhme na hoibleagáide comhroinnte sonraí gnólacht le tomhaltóir agus gnólacht le gnólacht*

1. Ní bheidh feidhm ag oibleagáidí na Caibidle seo maidir le sonraí a ghintear trí úsáid a bhaint as táirgí nasctha a mhonaraítear nó a dheartar ná maidir le seirbhísí gaolmhara arna soláthar ag micrifhiontar ná fiontar beag, ar choinníoll nach bhfuil fiontar comhpháirtíochta ná fiontar nasctha ag an bhfiontar sin de réir bhrí Airteagal 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE nach gcáilíonn mar mhicrifhiontar ná mar fhiontar beag agus i gcás nach bhfuil an micrifhiontar ná an fiontar beag ar fochonradh chun táirge nasctha a mhonarú ná a dhearadh ná seirbhís ghaolmhar a sholáthar.

   Beidh feidhm ag an méid sin maidir le sonraí a ghintear trí úsáid a bhaint as táirgí nasctha arna monarú ag fiontar a cháiligh mar fhiontar meánmhéide faoi Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin, agus maidir le táirgí nasctha ar feadh tréimhse bliana ón dáta a chuir fiontar meánmhéide ar an margadh iad.

2. Aon téarma conarthach lena ndéantar, chun aimhleasa an úsáideora, feidhmiú chearta an úsáideora faoin gCaibidil seo a eisiamh, maolú orthu ná a éifeacht a athrú, ní bheidh sé ina cheangal ar an úsáideoir.

## Caibidil III

## Oibleagáidí ar shealbhóirí sonraí a bhfuil oibleagáid orthu sonraí a chur ar fáil de bhun dhlí an Aontais

*Airteagal 8*

*Na coinníollacha faoina gcuireann sealbhóirí sonraí sonraí ar fáil d'fhaighteoirí sonraí*

1. A mhéid a bhaineann le caidrimh gnólacht le gnólacht, agus i gcás ina mbeidh sé d'oibleagáid ar shealbhóir sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí faoi Airteagal 5 nó faoi dhlí eile is infheidhme de chuid an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta a glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, comhaontóidh sealbhóir sonraí, le faighteoir sonraí, na socruithe chun na sonraí a chur ar fáil agus déanfaidh sé nó sí amhlaidh ar théarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus ar bhealach trédhearcach i gcomhréir leis an gCaibidil seo agus le Caibidil IV.

2. Téarma conarthach a bhaineann le rochtain ar sonraí agus úsáid sonraí nó le dliteanas agus na leigheasanna maidir le sárú na n-oibleagáidí a bhaineann le sonraí, nó maidir le foirceannadh na n-oibleagáidí sin, ní bheidh an téarma sin ceangailteach más rud é gurb ionann é agus téarma conarthach éagórach de réir bhrí Airteagal 13 nó, chun dochar don úsáideoir, má eisiatar leis éifeacht chur i bhfeidhm chearta an úsáideora faoi Chaibidil II, nó má mhaolaítear ar an éifeacht sin nó má athraítear í.

3. Ní dhéanfaidh sealbhóir sonraí idirdhealú maidir leis na socruithe chun sonraí a chur ar fáil idir catagóirí inchomparáide d'fhaighteoirí sonraí, lena n-áirítear fiontair chomhpháirtíochta nó fiontair nasctha an tsealbhóra sonraí agus sonraí á gcur ar fáil aige nó aici. I gcás ina bhfuil an faighteoir sonraí den tuairim gur coinníollacha idirdhealaitheacha iad na coinníollacha faoinar cuireadh sonraí ar fáil dó nó di idirdhealaitheach, soláthróidh sealbhóir na sonraí gan moill mhíchuí, ar iarraidh réasúnaithe, d'fhaighteoir na sonraí faisnéis lena léirítear nach ndearnadh aon idirdhealú.

4. Ní chuirfidh sealbhóir sonraí sonraí ar fáil d'fhaighteoir sonraí, lena n-áirítear ar bhonn eisiach, mura n-iarrfaidh an t-úsáideoir sin faoi Chaibidil II.

5. Ní cheanglófar ar shealbhóirí sonraí ná ar fhaighteoirí sonraí aon fhaisnéis a sholáthar thar a bhfuil riachtanach chun a fhíorú go gcomhlíontar na téarmaí conarthacha arna gcomhaontú maidir le sonraí a chur ar fáil nó a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo nó faoi dhlí eile is infheidhme de chuid an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta is infheidhme a glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais.

6. Mura bhforáiltear a mhalairt le dlí an Aontais, lena n-áirítear Airteagal 4(6) agus Airteagal 5(9) den Rialachán seo, nó leis an reachtaíocht náisiúnta a glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, ní chuirfidh oibleagáid chun sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoir sonraí oibleagáid ar aon duine rúin trádála a nochtadh.

*Airteagal 9*

*Cúiteamh as sonraí a chur ar fáil*

1. Aon chúiteamh a chomhaontófar idir sealbhóir sonraí agus faighteoir sonraí as sonraí a chur ar fáil i gcaidreamh gnólacht le gnólacht, beidh sé neamh-idirdhealaitheach agus réasúnach, agus féadfar corrlach a áireamh ann.

2. Agus aon chúiteamh á socrú acu, cuirfidh sealbhóir na sonraí agus faighteoir na sonraí an méid seo a leanas san áireamh, go háirithe:

(a) na costais arna dtabhú chun na sonraí a chur ar fáil, go háirithe na costais is gá chun na sonraí a fhormáidiú, a scaipeadh trí mhodhanna leictreonacha agus a stóráil;

(b) infheistíochtaí i mbailiú agus i dtáirgeadh sonraí, i gcás inarb infheidhme, ag cur san áireamh ar rannchuidigh na páirtithe eile leis na sonraí atá i dtrácht a fháil, a ghiniúint nó a bhailiú.

3. D'fhéadfadh an cúiteamh dá dtagraítear i mír 1 a bheith ag brath freisin ar mhéid, ar fhormáid agus ar chineál na sonraí.

4. I gcás inar FBM é an faighteoir sonraí, nó eagraíocht taighde neamhbhrabúis agus i gcás nach bhfuil fiontair chomhpháirtíochta ná fiontair nasctha nach gcáilíonn mar FBManna ag faighteoir sonraí den sórt sin, ní sháróidh aon chúiteamh a chomhaontaítear na costais dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).

5. Glacfaidh an Coimisiún treoirlínte le cúiteamh réasúnach a ríomh, agus comhairle an Bhoird Eorpaigh um Nuálaíocht Sonraí (EDIB) dá dtagraítear in Airteagal 42 á cur san áireamh.

6. Leis an Airteagal seo, ní chuirfear bac ar dhlí eile de chuid an Aontais ná ar reachtaíocht náisiúnta eile a glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le heisiamh a dhéanamh ar chúiteamh as sonraí a chur ar fáil nó as cúiteamh níos ísle a sholáthar.

7. Soláthróidh an sealbhóir sonraí faisnéis don fhaighteoir sonraí ina leagfar amach an bonn le haghaidh ríomh an chúitimh agus beidh sé sin mionsonraithe go leordhóthanach ionas gur féidir leis an bhfaighteoir sonraí measúnú a dhéanamh go bhfuil ceanglais mhír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglais mhíreanna 1 go 4 á gcomhlíonadh.

*Airteagal 10*

*Díospóidí a réiteach*

1. Beidh rochtain ag úsáideoirí, sealbhóirí sonraí agus faighteoirí sonraí ar chomhlacht um réiteach díospóidí, arna ndeimhniú i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo, chun díospóidí a réiteach de bhun Airteagal 4(3) agus (9) agus Airteagal 5(12) chomh maith le díospóidí i ndáil le téarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha maidir le sonraí a chur ar fáil i gcomhréir leis an gCaibidil seo agus Caibidil IV. agus maidir leis an mbealach trédhearcach a bhaineann leis na sonraí sin a chur ar fáil.

2. Cuirfidh na comhlachtaí um réiteach díospóidí na táillí, nó na sásraí a úsáidtear chun na táillí a chinneadh, in iúl do na páirtithe lena mbaineann sula n-iarrfaidh na páirtithe sin cinneadh.

3. I gcás díospóidí a tharchuirtear chuig comhlacht um réiteach díospóidí de bhun Airteagal 4(3) agus (9) agus Airteagal 5(12), i gcás ina gcinneann an comhlacht um réiteach díospóidí díospóid i bhfabhar an úsáideora nó an fhaighteora sonraí, is faoin sealbhóir sonraí a bheidh sé na táillí uile a ghearrfaidh an comhlacht um réiteach díospóidí a íoc agus is faoisean a bheidh sé aon chostais réasúnacha a thabhaigh sé i ndáil leis an réiteach díospóide a aisíoc leis an úsáideoir nó an faighteoir sonraí sin. I gcás ina chinneann an comhlacht um réiteach díospóidí díospóid i bhfabhar an tsealbhóra sonraí, ní bheidh de cheangal ar an úsáideoir ná ar an bhfaighteoir sonraí aon táille ná costas a d’íoc an sealbhóir sonraí ná atá le híoc aige nó aici i ndáil leis an réiteach díospóide a aisíoc, cé is moite de chás ina gcinneann an comhlacht um réiteach díospóidí gur go follasach a ghníomhaigh an t-úsáideoir nó an faighteoir sonraí de mheon mímhacánta.

4. Beidh rochtain ag custaiméirí agus ag soláthraithe seirbhísí um phróiseáil sonraí ar chomhlacht um réiteach díospóidí, arna ndeimhniú i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, chun díospóidí a réiteach i ndáil le sáruithe ar chearta custaiméirí agus ar oibleagáidí soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí i gcomhréir le hAirteagail 23 go 31.

5. Déanfaidh an Ballstát inar bunaíodh an comhlacht um réiteach díospóidí, arna iarraidh sin don chomhlacht sin, an comhlacht sin a dheimhniú, i gcás inar léirigh sé go gcomhlíonann sé na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go bhfuil sé neamhchlaonta agus neamhspleách, agus tá sé lena chuid cinntí a eisiúint i gcomhréir le rialacha nós imeachta atá soiléir, cóir, agus neamh-idirdhealaitheach;

(b) go bhfuil an saineolas is gá aige, go háirithe i ndáil le téarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha, cúiteamh san áireamh, agus i ndáil le sonraí a chur ar fáil ar bhealach trédhearcach, rud a chuirfidh ar chumas an chomhlachta na téarmaí agus na coinníollacha sin a chinneadh go héifeachtach;

(c) go bhfuil rochtain éasca air trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí;

(d) go bhfuil sé in ann a cinntí a ghlacadh ar bhealach atá tapa, éifeachtúil, costéifeachtach, i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais ar a laghad.

6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na comhlachtaí um réiteach díospóide arna ndeimhniú i gcomhréir le mír 5. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na comhlachtaí sin ar shuíomh gréasáin tiomnaithe agus coinneoidh sé cothrom le dáta é.

7. Diúltóidh comhlacht um réiteach díospóidí déileáil le hiarraidh chun díospóid a réiteach a tugadh os comhair comhlachta eile um réiteach díospóidí nó os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit.

8. Tabharfaidh comhlacht um réiteach díospóidí an fhéidearthacht do pháirtithe barúlacha a thabhairt taobh istigh d'achar réasúnta ama maidir le ceisteanna a thug na páirtithe sin os comhair an chomhlachta sin cheana. Sa chomhthéacs sin, cuirfear aighneachtaí an pháirtí eile ina ndíospóid agus aon ráitis ó shaineolaithe ar fáil do gach páirtí i ndíospóid. Tabharfar an fhéidearthacht do na páirtithe barúlacha a thabhairt maidir leis na haighneachtaí agus na ráitis sin.

9. Glacfaidh comhlacht um réiteach díospóidí a chinneadh maidir le hábhar a tharchuirfear chuige laistigh de 90 lá tar éis dó iarraidh de bhun mhíreanna 1 agus 4 a fháil.. Is i scríbhinn nó ar mheán marthanach a bheidh an cinneadh sin agus beidh ráiteas ar na cúiseanna atáthar ag tacú le gach cinneadh ag gabháil leis an gcinneadh sin.

10. Déanfaidh comhlachtaí um réiteach díospóidí na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a tharraingt suas agus a chur ar fáil go poiblí. Áireofar sna tuarascálacha bliantúla sin an fhaisnéis ghinearálta seo a leanas go háirithe:

(a) comhiomlánú thorthaí na ndíospóidí;

(b) an meánam a tógadh chun díospóidí a réiteach;

(c) na cúiseanna is coitianta le díospóidí.

11. D'fhonn malartú faisnéise agus dea-chleachtas a éascú, féadfaidh comhlacht poiblí um réiteach díospóidí a chinneadh moltaí a chur san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 10 maidir le conas is féidir fadhbanna a sheachaint nó a réiteach.

12. Ní bheidh cinneadh an chomhlachta um réiteach díospóide ina cheangal ar na páirtithe ach amháin más rud é gur thoiligh na páirtithe go sainráite lena chineál ceangailteach sula gcuirfear tús leis na himeachtaí um réiteach díospóide.

13. Ní dhéanann an tAirteagal seo difear do cheart na bpáirtithe leigheas éifeachtach a lorg os comhair cúirte ná binse de chuid Ballstáit.

*Airteagal 11*

*Bearta teicniúla cosanta maidir le húsáid neamhúdaraithe nó nochtadh sonraí*

1. Féadfaidh sealbhóir sonraí bearta cosanta teicniúla iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear conarthaí cliste agus criptiú, chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí a chosc, lena n-áirítear meiteashonraí, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagail 4, 5, 6, 8 agus 9, chomh maith leis na téarmaí conarthacha arna gcomhaontú maidir le sonraí a chur ar fáil. Ní dhéanfaidh na bearta cosanta teicniúla sin idirdhealú idir faighteoirí sonraí ná ní chuirfidh siad bac ar cheart an úsáideora cóip, aisghabháil, úsáid nó rochtain a fháil ar shonraí, sonraí a sholáthar do thríú páirtithe de bhun Airteagal 5 ná aon cheart de chuid tríú páirtí faoi dhlí an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais. Ní dhéanfaidh úsáideoirí, tríú páirtithe ná faighteoirí sonraí bearta cosanta teicniúla den sórt sin a athrú ná a bhaint ach amháin má chomhaontaíonn an sealbhóir sonraí leis sin.

2. Sna himthosca dá dtagraítear i mír 3, comhlíonfaidh an tríú páirtí nó an faighteoir sonraí, gan moill mhíchuí, iarrataí an tsealbhóra sonraí agus, i gcás inarb infheidhme agus i gcás nach iad an duine céanna iad, iarrataí ón sealbhóir rúin trádála nó ón úsáideoir chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na sonraí a chuir an sealbhóir sonraí ar fáil agus aon chóipeanna díobh a scriosadh;

(b) deireadh a chur le táirgeadh, tairiscint nó cur ar an margadh nó úsáid earraí, sonraí díorthacha nó seirbhísí arna dtáirgeadh ar bhonn an eolais a fhaightear trí na sonraí sin, nó earraí sáraitheacha a allmhairiú, a onnmhairiú nó a stóráil chun na gcríoch sin, agus aon earraí sáraitheacha a scriosadh, i gcás ina bhfuil riosca tromchúiseach ann go ndéanfaidh úsáid neamhdhleathach na sonraí sin dochar suntasach don sealbhóir sonraí, don sealbhóir rún trádála nó don úsáideoir nó i gcás nach mbeadh an beart sin díréireach i bhfianaise leasanna an tsealbhóra sonraí, an tsealbhóra rún trádála nó an úsáideora;

(c) an t-úsáideoir a chur ar an eolas faoi úsáid neamhúdaraithe nó nochtadh na sonraí agus na bearta a glacadh chun deireadh a chur le húsáid neamhúdaraithe nó nochtadh na sonraí;

(d) cúiteamh a thabhairt don pháirtí atá thíos le mí-úsáid nó nochtadh na sonraí sin a bhfuarthas rochtain orthu nó a úsáideadh go neamhdhleathach.

3. Beidh feidhm ag mír 2 i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas déanta ag tríú páirtí nó ag faighteoir sonraí.

(a) chun críocha sonraí a fháil lena rinneadh faisnéis bhréagach a sholáthar do shealbhóir sonraí, úsáid a bhaint as modhanna meabhlacha nó comhéigneacha nó mí-úsáid a bhaint as bearnaí follasacha i mbonneagar teicniúil an tsealbhóra sonraí a ceapadh chun na sonraí a chosaint;

(b) úsáid bainte as sonraí a cuireadh ar fáil chun críoch neamhúdaraithe, lena n-áirítear táirge nasctha atá in iomaíocht leis a fhorbairt de réir bhrí Airteagal 6(2), pointe (e),

(c) sonraí a nochtadh go neamhdhleathach do pháirtí eile,

(d) gan na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a comhaontaíodh de bhun Airteagal 5(9) a choimeád, nó,

(e) bearta cosanta teicniúla arna gcur i bhfeidhm ag an sealbhóir sonraí a athrú nó a bhaint, de bhun mhír 1 den Airteagal seo, gan comhaontú an tsealbhóra sonraí;

4. Beidh feidhm ag mír 2 freisin i gcás ina n-athraíonn nó ina mbainfidh úsáideoir bearta cosanta teicniúla arna gcur i bhfeidhm ag an sealbhóir sonraí nó nach gcoimeádann sé na bearta teicniúla agus eagraíochtúla arna nglacadh ag an úsáideoir i gcomhaontú leis an sealbhóir sonraí nó, i gcás nach iad an duine céanna iad, le sealbhóir na rún trádála, murab é nó í an sealbhóir sonraí é nó í, chun rúin trádála a chaomhnú, agus beidh feidhm ag an méid sin maidir le haon pháirtí eile a fhaigheann na sonraí ón úsáideoir trí shárú ar an Rialachán seo.

5. I gcás ina sáraíonn an faighteoir sonraí Airteagal 6(2), pointí (a) agus (b), beidh na cearta céanna ag úsáideoirí agus atá ag sealbhóirí sonraí faoi mhír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 12*

*Raon feidhme oibleagáidí do shealbhóirí sonraí a bhfuil oibleagáid de bhun dhlí an Aontais orthu sonraí a chur ar fáil*

1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo i gcás, i gcaidreamh gnólacht le gnólacht, ina mbeidh oibleagáid ar an sealbhóir sonraí faoi Airteagal 5 nó faoi dhlí an Aontais is infheidhme nó faoi reachtaíocht náisiúnta a glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, sonraí a chur ar fáil d’fhaighteoir sonraí.

2. Téarma conarthach i gcomhaontú um chomhroinnt sonraí lena ndéantar, chun aimhleasa páirtí amháin, nó, i gcás inarb infheidhme, chun aimhleasa an úsáideora, cur i bhfeidhm na Caibidle seo a eisiamh, lena ndéantar maolú air nó a éifeacht a athrú, ní bheidh an téarma conarthach sin ina cheangal ar an bpáirtí sin.

## Caibidil IV
## Téarmaí conarthacha éagóracha a bhaineann le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí idir fiontair

*Airteagal 13*

*Téarmaí conarthacha éagóracha a fhorchuirtear go haontaobhach ar fhiontar eile*

1. Téarma conarthach a bhaineann le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí nó an dliteanas agus na leigheasanna i leith sárú nó foirceannadh oibleagáidí a bhaineann le sonraí agus a d'fhorchuir fiontar go haontaobhach ar fhiontar eile, ní bheidh sé ina cheangal ar an bhfiontar deiridh sin más rud é go bhfuil sé éagórach.

2. Ní mheasfar gur téarma éagórach téarma conarthach a léiríonn forálacha sainordaitheacha dhlí an Aontais, nó forálacha de dhlí an Aontais a mbeadh feidhm acu mura rialaigh na téarmaí conarthacha an t-ábhar.

3. Tá téarma conarthach éagórach más de chineál é a n-imíonn a úsáid go mór ó dhea-chleachtas tráchtála maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí, a bheadh contrártha le meon macánta agus cóirdhéileáil.

4. Go háirithe, beidh téarma conarthach éagórach chun críoch mír 3, más é an méid seo a leanas is cuspóir nó is éifeacht dó:

(a) dliteanas an pháirtí a d'fhorchuir an téarma go haontaobhach maidir le gníomhartha intinneacha nó le mórfhaillí a eisiamh nó a theorannú;

(b) maidir leis an bpáirtí ar a ndearnadh an téarma a fhorchur go haontaobhach i gcás neamh-chomhlíonadh oibleagáidí conarthacha, na leigheasanna atá ar fáil don pháirtí sin a eisiamh nó maidir le dliteanas an pháirtí a d'fhorchuir an téarma go haontaobhach i gcás sárú ar na hoibleagáidí sin, an dliteanas sin a eisiamh;

(c) an ceart eisiach a thabhairt don pháirtí a d'fhorchuir an téarma go haontaobhach chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí a sholáthraítear i gcomhréir leis an gconradh nó aon téarma conarthach a léirmhíniú.

5. Glacfar leis go bhfuil téarma conarthach éagórach chun críoch mír 3 más é an méid seo a leanas is cuspóir nó is éifeacht dó:

(a) srian míchuí a chur le leigheasanna i gcás neamh-chomhlíonadh oibleagáidí conarthacha nó dliteanais i gcás sárú ar na hoibleagáidí sin, nó dliteanas an fhiontair ar ar forchuireadh an téarma go haontaobhach a leathnú;

(b) go dtugtar cead don pháirtí a d'fhorchuir an téarma go haontaobhach sonraí an pháirtí chonarthaigh eile a rochtain agus a úsáid ar bhealach a dhéanfadh dochar suntasach do leasanna dlisteanacha an pháirtí chonarthaigh eile, go háirithe nuair a bheidh sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de sna sonraí sin nó atá faoi chosaint ag rúin trádála nó ag cearta maoine intleachtúla;

(c) go gcuirtear cosc ar an bpáirtí ar ar forchuireadh an téarma go haontaobhach na sonraí a sholáthair an páirtí sin nó a ghin sé nó sí a úsáid le linn thréimhse an chonartha, nó úsáid na sonraí sin a theorannú a mhéid nach bhfuil an páirtí sin i dteideal na sonraí sin a úsáid, a ghabháil, a rochtain nó a rialú nó luach na sonraí sin a shaothrú ar bhealach leordhóthanach;

(d) cosc a chur ar an bpáirtí ar ar forchuireadh an téarma go haontaobhach comhaontú a fhoirceannadh laistigh de thréimhse réasúnach;

(e) go gcuirtear cosc ar an bpáirtí ar ar forchuireadh an téarma go haontaobhach cóip de na sonraí a sholáthair an páirtí sin nó a ghin sé nó sí a fháil le linn thréimhse an chonartha nó laistigh de thréimhse réasúnta tar éis fhoirceannadh an chonartha;

(f) maidir leis an bpáirtí a d'fhorchuir an téarma go haontaobhach, a chumasú don pháirtí sin an conradh a fhoirceannadh ar ghearrfhógra míréasúnta agus aird á tabhairt ar aon féidearthacht réasúnach an pháirtí chonarthaigh eile athrú go seirbhís mhalartach inchomparáide agus an dochar airgeadais a dhéanann an foirceannadh sin, ach amháin i gcás ina bhfuil forais thromchúiseacha ann chun é sin a dhéanamh;

(g) a chur ar chumas an pháirtí a d’fhorchuir an téarma go haontaobhach chun an praghas a shonraítear sa chonradh a athrú go substaintiúil nó aon choinníoll substainteach eile a bhaineann le cineál, formáid, cáilíocht nó cainníocht na sonraí atá le comhroinnt, i gcás nach sonraítear sa chonradh aon chúis bhailí agus gan cheart an pháirtí eile an conradh a fhoirceannadh i gcás athrú den sórt sin.

Ní dhéanfaidh pointe (g) den chéad fhomhír difear do théarmaí lena bhforchoimeádann an páirtí a d’fhorchuir an téarma go haontaobhach an ceart chun téarmaí conartha a athrú go haontaobhach d’fhad neamhchinntithe, ar choinníoll gur sonraíodh cúis bhailí le hathruithe aontaobhacha den sórt sin sa chonradh, go gceanglaítear ar an bpáirtí a d’fhorchuir an téarma go haontaobhach fógra réasúnach a thabhairt don pháirtí conarthach eile maidir le haon athrú beartaithe den sórt sin, agus go bhfuil sé de shaoirse ag an bpáirtí conarthach eile an conradh a fhoirceannadh gan aon chostas i gcás athraithe.

6. Measfar téarma conarthach a bheith forchurtha go haontaobhach de réir bhrí an Airteagail seo más rud é gur sholáthair páirtí conarthach amháin é agus nach raibh an páirtí conarthach eile in ann tionchar a imirt ar a inneachar in ainneoin iarracht a dhéanamh é a chaibidil. An páirtí conarthach a sholáthair an téarma conarthach, tá sé d'ualach air a chruthú nach ndearnadh an téarma sin a fhorchur go haontaobhach. Ní fhéadfaidh an páirtí conarthach a sholáthair an téarma conarthach faoi chonspóid argóint a dhéanamh gur téarma éagórach é an téarma conarthach.

7. I gcás inar féidir an téarma conarthach éagórach a dhealú ón gcuid eile de théarmaí an chonartha, beidh na téarmaí atá fágtha ceangailteach.

8. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le téarmaí conarthacha lena sainítear príomhábhar an chonartha ná i ndáil le leordhóthanacht an phraghais, mar a bhí i gcoinne na sonraí a soláthraíodh sa mhalartú.

9. Ní bheidh na páirtithe i gconradh a chumhdaítear le mír 1 cur i bhfeidhm an Airteagail seo a eisiamh, maolú air ná a éifeachtaí a athrú.

# Caibidil V

# Sonraí a chur ar fáil do na comhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach agus do chomhlachtaí de chuid an Aontais ar bhonn riachtanais eisceachtúil

*Airteagal 14*

*Oibleagáid sonraí a chur ar fáil ar bhonn riachtanas eisceachtúil*

I gcás ina léiríonn comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais go bhfuil riachtanas eisceachtúil ann, mar a leagtar amach in Airteagal 15, sonraí áirithe a úsáid, lena n-áirítear na meiteashonraí ábhartha is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid, chun a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail, déanfaidh sealbhóirí sonraí ar daoine dlítheanacha iad, seachas comhlachtaí earnála poiblí, a bhfuil na sonraí sin ina seilbh acu, iad a chur ar fáil ar iarraidh chuí-réasúnaithe.

*Airteagal 15*

*Riachtanas eisceachtúil le sonraí a úsáid*

1. Beidh gá eisceachtúil le sonraí áirithe a úsáid de réir bhrí na Caibidle seo teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de agus measfar gurb ann dó amháin in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

   (a) i gcás ina bhfuil gá leis na sonraí a iarrtar chun freagairt d'éigeandáil phoiblí agus nach bhfuil an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach ná comhlacht de chuid an Aontais in ann na sonraí sin a fháil ar bhealaí malartacha ar bhealach tráthúil agus éifeachtach faoi choinníollacha coibhéiseacha;

   (b) in imthosca nach gcumhdaítear le pointe (a) agus a mhéid a bhaineann le sonraí neamhphearsanta amháin, sna cásanna seo a leanas:

      (i) tá comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais ag gníomhú ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta agus tá sonraí sonracha sainaitheanta aige, ar sonraí iad a chuireann cosc air cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh, dá bhforáiltear go sainráite sa dlí, amhail staidrimh oifigiúla a tháirgeadh nó maolú nó téarnamh ó éigeandáil phoiblí; agus

(ii) go bhfuil gach modh eile atá ar fáil dó ídithe ag an gcomhlacht earnála poiblí, ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlacht de chuid an Aontais chun na sonraí sin a fháil, lena n-áirítear sonraí neamhphearsanta a cheannach ar an margadh trí rátaí margaidh a thairiscint, nó trí bhrath ar oibleagáidí atá ann cheana maidir le sonraí a chur ar fáil nó trí bhearta reachtacha nua a ghlacadh lena bhféadfaí infhaighteacht thráthúil na sonraí a ráthú.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (b), maidir le micrifhiontair ná fiontair bheaga.

3. Ní bheidh feidhm leis an oibleagáid a léiriú nach raibh an comhlacht earnála poiblí in ann sonraí neamhphearsanta a fháil trína gceannach ar an margadh i gcás inarb é an cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail staidreamh oifigiúil a tháirgeadh agus i gcás nach gceadaítear leis an dlí náisiúnta sonraí den sórt sin a cheannach.

*Airteagal 16*

*Caidreamh le hoibleagáidí eile chun sonraí a chur ar fáil do na comhlachtaí earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach agus comhlachtaí de chuid an Aontais*

1. Ní dhéanfaidh an Chaibidil seo difear d’oibleagáidí a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta chun críche tuairiscithe, iarrataí maidir le rochtain ar fhaisnéis a chomhlíonadh nó chun comhlíonadh na n-oibleagáidí dlíthiúla a léiriú nó a fhíorú.

2. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le comhlachtaí earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach ná comhlachtaí de chuid an Aontais a dhéanann gníomhaíochtaí chun cionta coiriúla nó riaracháin a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, ná maidir le riarachán custaim nó cánachais. Leis an gCaibidil seo, ní dhéantar difear do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cionta coiriúla nó riaracháin a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó maidir le pionóis choiriúla nó riaracháin a fhorghníomhú, ná maidir le riarachán custaim nó cánachais.

*Airteagal 17*

*Iarrataí ar shonraí atá le cur ar fáil*

1. Agus sonraí á n-iarraidh de bhun Airteagal 14, déanfaidh comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

(a) a shonrú ann na sonraí atá ag teastáil, lena n-áirítear na meiteashonraí ábhartha is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid;

(b) a léiriú ann go bhfuil na coinníollacha is gá le go mbeidh riachtanas eisceachtúil dá dtagraítear in Airteagal 15 chun na críche a bhfuil na sonraí á n-iarraidh comhlíonta;

(c) a mhíniú ann cuspóir na hiarrata, úsáid bheartaithe na sonraí a iarradh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ag tríú páirtí i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, fad na húsáide sin, agus, i gcás inarb ábhartha, an chaoi a ndéanfar na sonraí pearsanta a phróiseáil chun aghaidh a thabhairt ar an ngá eisceachtúil;

(d) a shonrú ann, más féidir, cathain a mheastar go scriosfaidh na páirtithe uile a bhfuil rochtain acu orthu na sonraí;

(e) údar maith a thabhairt le rogha an tsealbhóra sonraí ar a bhfuil an iarraidh dírithe;

(f) a shonrú ann aon chomhlacht earnála poiblí eile, nó an Coimisiún, Banc Ceannais Eorpach nó comhlachtaí de chuid an Aontais agus na tríú páirtithe a bhfuiltear ag súil go roinnfear na sonraí a iarrtar leo;

(g) i gcás ina n-iarrtar sonraí pearsanta, a shonrú ann aon bhearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá agus is comhréireach chun prionsabail cosanta sonraí agus coimircí is gá a chur chun feidhme, amhail bréagainmniú, agus cibé an féidir leis an sealbhóir sonraí anaithnidiú a chur i bhfeidhm sula gcuirfear na sonraí ar fáil;

(h) luafar an fhoráil dlí lena leithdháiltear ar an gcomhlacht earnála poiblí iarrthach, ar an gCoimisiún, ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar chomhlacht de chuid an Aontais an cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail agus atá ábhartha maidir leis na sonraí a iarraidh;

(i) an spriocdháta a shonrú faoina gcuirfear na sonraí ar fáil agus an spriocdháta dá dtagraítear in Airteagal 18(2) faoina bhféadfaidh an sealbhóir sonraí diúltú don iarraidh nó féachaint leis an iarraidh a mhodhnú;

(j) a dhícheall a dhéanamh chun go gcomhlíonfar an iarraidh ar shonraí a mbeidh dliteanas na sealbhóirí sonraí i leith sárú ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta mar thoradh uirthi a sheachaint.

2. Maidir le hiarraidh ar shonraí arna déanamh de bhun mhír 1 den Airteagal seo, beidh an méid seo a leanas i gceist léi:

(a) déanfar i scríbhinn í agus cuirfear in iúl iad i bhfriotal soiléir, gonta agus simplí a bheidh intuigthe don sealbhóir sonraí;

(b) beidh sí sonrach maidir leis an gcineál sonraí a iarrtar agus comhfhreagróidh sí do shonraí ag a bhfuil rialú ag sealbhóir na sonraí tráth an iarratais;

(c) beidh sí comhréireach leis an riachtanas eisceachtúil atá ann agus beidh údar cuí léi, maidir le gráinneacht agus méid na sonraí a iarrtar agus maidir le minicíocht rochtana na sonraí arna n-iarraidh;

(d) urramóidh sí aidhmeanna dlisteanacha an tsealbhóra sonraí, beidh sí tiomanta cosaint rún trádála a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 19(3), agus an costas agus iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil;

(e) bainfidh sí le sonraí neamhphearsanta, agus sa chás amháin go léirítear nach leor sin chun freagairt don ghá eisceachtúil atá le sonraí a úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 15(1), pointe (a), sonraí pearsanta faoi ainm bréige a iarraidh agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá le déanamh chun na sonraí a chosaint a bhunú;

(f) cuirfidh sí an sealbhóir sonraí ar an eolas faoi na pionóis a bheidh le forchur de bhun Airteagal 40 ag an údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 i gcás neamh-chomhlíonadh na hiarrata;

(g) i gcás inarb é comhlacht de chuid na hearnála poiblí a dhéanann an iarraidh, déanfar í a tharchur chuig an gcomhordaitheoir sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 37, de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht earnála poiblí iarrthach bunaithe, agus cuirfidh sé an iarraidh ar fáil go poiblí ar líne gan moill mhíchuí mura rud é go measann an comhordaitheoir sonraí go gcruthófaí le foilsiú den sórt sin riosca don tslándáil phoiblí;

(h) i gcás ina ndéanann an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais an iarraidh, cuirfear í ar fáil ar líne gan moill mhíchuí;

(i) i gcás ina n-iarrtar sonraí pearsanta, tabharfar fógra gan moill mhíchuí don údarás maoirseachta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht earnála poiblí bunaithe.

Cuirfidh an Banc Ceannais Eorpach agus comhlachtaí an Aontais an Coimisiún ar an eolas faoina n-iarrataí.

3. Ní chuirfidh comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach, ná comhlacht de chuid an Aontais sonraí arna bhfáil de bhun na Caibidle seo ar fáil lena n-athúsáid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2022/868 nó Airteagal 2, pointe (11), de Threoir (AE) 2019/1024. Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2022/868 ná ag Treoir (AE) 2019/1024 maidir leis na sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí arna bhfáil de bhun na Caibidle seo.

4. Le mír 3 den Airteagal seo, ní chuirtear bac ar an gcomhlacht earnála poiblí, ar an gCoimisiún, ar an mBanc Ceannais Eorpach ná ar chomhlacht de chuid an Aontais sonraí arna bhfáil de bhun na Caibidle seo a mhalartú le comhlacht earnála poiblí eile nó leis an gCoimisiún, leis an mBanc Ceannais Eorpach nó le comhlacht de chuid an Aontais d'fhonn na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 15 a chur i gcrích, mar a shonraítear san iarraidh i gcomhréir le mír 1, pointe (f), den Airteagal seo, ná na sonraí a chur ar fáil do thríú páirtí i gcás ina ndearna sé, trí bhíthin comhaontú atá ar fáil go poiblí, cigireachtaí teicniúla nó feidhmeanna eile a tharmligean don tríú páirtí sin. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí atá ar na comhlachtaí earnála poiblí de bhun Airteagal 19, go háirithe coimircí chun rúndacht rún trádála a chaomhnú, freisin maidir leis na tríú páirtithe sin. I gcás ina ndéanann an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais sonraí a tharchur nó a chur ar fáil faoin mír seo, tabharfaidh sé fógra ina leith sin don sealbhóir sonraí óna bhfuarthas na sonraí gan moill mhíchuí.

5. I gcás ina mheasann an sealbhóir sonraí gur sáraíodh a chearta faoin gCaibidil seo trí shonraí a tharchur nó a chur ar fáil, féadfaidh sé gearán a dhéanamh leis an údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 den Bhallstát ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe.

6. Forbróidh an Coimisiún teimpléad samplach d'iarrataí de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 18*

*Comhlíonadh na n-iarrataí ar shonraí*

1. Cuirfidh sealbhóir sonraí a fhaigheann iarraidh ar shonraí a chur ar fáil faoin gCaibidil seo na sonraí ar fáil don chomhlacht earnála poiblí iarrthach, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais gan moill mhíchuí, agus na bearta teicniúla, eagraíochtúla agus dlíthiúla is gá á gcur san áireamh.

2. Gan dochar do riachtanais shonracha maidir le hinfhaighteacht sonraí a shainítear i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta, féadfaidh sealbhóir sonraí iarraidh ar shonraí a chur ar fáil faoin gCaibidil seo a dhiúltú nó a iarraidh gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis dó iarraidh a fháil ar na sonraí is gá chun freagairt d'éigeandáil phoiblí agus gan moill mhíchuí agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis an iarraidh sin a fháil i gcásanna eile ina bhfuil gá eisceachtúil, ar aon cheann de na forais seo a leanas:

(a) níl smacht ag an sealbhóir sonraí ar na sonraí a iarradh;

(b) go ndearna comhlacht earnála poiblí eile nó an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais iarraidh chomhchosúil chun na críche céanna a thíolacadh roimhe sin agus nár tugadh fógra don sealbhóir sonraí faoi léirscriosadh na sonraí de bhun Airteagal 19(1) pointe (c);

(c) ní chomhlíonann an iarraidh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 17(1) agus (2).

3. Má chinneann an sealbhóir sonraí diúltú don iarraidh nó modhnú ar an iarraidh a lorg i gcomhréir le mír 2, pointe (b), léireoidh sé nó sí céannacht an chomhlachta earnála phoiblí nó an Choimisiúin, an Bhainc Ceannais Eorpaigh nó an chomhlachta de chuid an Aontais a chuir iarraidh isteach roimhe sin chun na críche céanna.

4. I gcás ina n-áirítear sonraí pearsanta sa sonraí a iarrtar, déanfaidh an sealbhóir sonraí na sonraí a anaithnidiú go cuí, ach amháin má éilíonn comhlíonadh na hiarrata sonraí a chur ar fáil don chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais go nochtfar sonraí pearsanta. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an sealbhóir sonraí na sonraí a bhréagainmniú.

5. I gcás inar mian leis an gcomhlacht earnála poiblí, leis an gCoimisiún, leis an mBanc Ceannais Eorpach nó le comhlacht de chuid an Aontais agóid a dhéanamh i gcoinne dhiúltú sealbhóra sonraí na sonraí a iarradh a sholáthar, nó i gcás inar mian leis an sealbhóir sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne na hiarrata agus nach féidir an t-ábhar a réiteach trí mhodhnú iomchuí a dhéanamh ar an iarraidh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit, arna ainmniú de bhun Airteagal 37 ina bhfuil sealbhóir sonraí bunaithe.

*Airteagal 19*

*Oibleagáidí na gcomhlachtaí earnála poiblí, an Choimisiúin, an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus na gcomhlachtaí de chuid an Aontais*

1. Déanfaidh comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais a fhaigheann sonraí de bhun iarraidh arna déanamh faoi Airteagal 14 an méid seo a leanas:

(a) ní úsáidfidh sé na sonraí ar bhealach atá ar neamhréir leis an gcuspóir dár iarradh iad;

(b) bearta teicniúla agus eagraíochtúla a bheith curtha chun feidhme acu lena gcaomhnaítear rúndacht agus sláine na sonraí arna n-iarraidh agus slándáil na n-aistrithe sonraí, go háirithe sonraí pearsanta, agus lena gcosnaítear cearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí;

(c) na sonraí a léirscriosadh a luaithe nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na críche sonraithe agus a chuir iúl don sealbhóir sonraí agus do na daoine aonair nó do na heagraíochtaí a fuair na sonraí de bhun Airteagal 21(1) gur scriosadh na sonraí, mura rud é go bhfuil gá leis na sonraí a chartlannú i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid i gcomhthéacs oibleagáidí trédhearcachta.

2. Maidir le comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais, comhlacht de chuid an Aontais nó tríú páirtí a fhaigheann sonraí faoin gCaibidil seo, ní dhéanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) sonraí nó léargais maidir le staid eacnamaíoch, sócmhainní agus modhanna táirgthe nó oibriúcháin an tsealbhóra sonraí a úsáid chun táirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar a fhorbairt nó a fheabhsú a bheidh in iomaíocht le táirge nasctha nó le seirbhís ghaolmhar an tsealbhóra sonraí;

(b) na sonraí a chomhroinnt le tríú páirtí eile chun aon cheann de na críocha sin dá dtagraítear i bpointe (a).

3. Ní cheanglófar rúin trádála a nochtadh do chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Cheannais Eorpach ná do chomhlacht de chuid an Aontais ach amháin a mhéid a bhfuil géarghá leis chun cuspóir iarrata a bhaint amach faoi Airteagal 15. I gcás mar sin, déanfaidh an sealbhóir sonraí nó, i gcás nach iad an duine céanna iad, an sealbhóir rúin trádála,, na sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a shainaithint, lena n-áirítear sna meiteashonraí ábhartha. Déanfaidh an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais, sula ndéanfar nochtadh na rún trádála, gach beart teicniúil agus eagraíochtúil is gá agus is iomchuí chun rúndacht na rún trádála a chaomhnú, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, téarmaí conarthacha eiseamláireacha, caighdeáin theicniúla agus cur i bhfeidhm cód iompair a úsáid.

4. Beidh comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais freagrach as slándáil na sonraí a fhaigheann sé.

*Airteagal 20*

*Cúiteamh i gcásanna ina bhfuil riachtanas eisceachtúil ann*

1. Déanfaidh sealbhóirí sonraí seachas micrifhiontair agus fiontair bheaga, na sonraí atá riachtanach chun freagairt d'éigeandáil phoiblí de bhun Airteagal 15(1), pointe (a), a chur ar fáil saor in aisce. Déanfaidh an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó an comhlacht de chuid an Aontais a fuair sonraí admháil phoiblí a thabhairt do shealbhóir na sonraí má iarrann sealbhóir na sonraí amhlaidh.

2. Beidh an sealbhóir sonraí i dteideal cúiteamh cóir as sonraí a chur ar fáil agus iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 15(1), pointe (b) á comhlíonadh. Le cúiteamh den sórt sin, clúdófar na costais theicniúla agus eagraíochtúla a tabhaíodh i dtaca leis an iarraidh a chomhlíonadh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na costais maidir le hanaithnidiú, bréagainmniú, comhiomlánú agus oiriúnú teicniúil, agus móide corrlach réasúnta. Arna iarraidh sin don chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais, soláthróidh an sealbhóir sonraí faisnéis ar bhonn ríomh na gcostas agus an chorrlaigh réasúnta.

3. Chomh maith leis sin, bheidh feidhm ag mír 2 i gcás ina n-éilíonn micrifhiontar agus fiontar beag cúiteamh as sonraí a chur ar fáil.

4. Ní bheidh sealbhóirí sonraí i dteideal cúitimh as sonraí a chur ar fáil agus iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 15(1), pointe (b), á comhlíonadh, i gcás inarb é an cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail staidreamh oifigiúil a tháirgeadh agus i gcás nach gceadaítear leis an dlí náisiúnta an cúiteamh as sonraí a cheannach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i gcás nach gceadaítear faoin dlí náisiúnta an cúiteamh as sonraí a cheannach chun staidreamh oifigiúil a tháirgeadh.

5. I gcás ina n-easaontóidh an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais maidir leis an leibhéal cúitimh a d’iarr an sealbhóir sonraí, féadfaidh siad gearán a thaisceadh leis an údaráis inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 den Bhallstát ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe.

*Airteagal 21*

*Sonraí a fhaightear i gcomhthéacs riachtanas eisceachtúil a chomhroinnt le heagraíochtaí taighde nó le comhlachtaí staidrimh*

1. Beidh comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais i dteideal sonraí a fhaightear faoin gCaibidil seo a chomhroinnt:

   (a) le daoine aonair nó le heagraíochtaí d'fhonn taighde eolaíoch nó anailísíocht a dhéanamh atá comhoiriúnach leis an gcuspóir ar iarradh na sonraí; nó

   (b) le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus Eurostat chun staidreamh oifigiúil a sholáthair.

2. Gníomhóidh na daoine aonair nó na heagraíochtaí a gheobhaidh na sonraí de bhun mhír 1 ar bhonn neamhbhrabúis nó i gcomhthéacs misin leasa phoiblí atá aitheanta i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta. Ní áireofar orthu eagraíochtaí a bhfuil tionchar suntasach ag gnóthais tráchtála orthu, ar dóigh dóibh rochtain fhabhrach ar thorthaí an taighde a bheith mar thoradh orthu.

3. Comhlíonfaidh daoine aonair nó eagraíochtaí a fhaigheann na sonraí de bhun mhír 1 den Airteagal seo na hoibleagáidí céanna atá infheidhme maidir leis na comhlachtaí earnála poiblí, leis an gCoimisiún, leis an mBanc Ceannais Eorpach nó le comhlachtaí de chuid an Aontais de bhun Airteagal 17(3) agus Airteagal 19.

4. D'ainneoin Airteagal 19(1), pointe (c), féadfaidh daoine aonair nó eagraíochtaí a fhaigheann na sonraí de bhun mhír 1 den Airteagal seo na sonraí arna bhfáil chun na críche ar iarradh na sonraí ina leith a choinneáil ar feadh suas le 6 mhí tar éis do na comhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach agus do chomhlachtaí de chuid an Aontais na sonraí a léirscriosadh.

5. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag comhlacht earnála poiblí, ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlacht de chuid an Aontais sonraí a tharchur nó a chur ar fáil faoi mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh sé fógra gan mhoill mhíchuí don sealbhóir sonraí óna bhfuarthas na sonraí, agus luafaidh sé céannacht agus sonraí teagmhála na heagraíochta nó an duine aonair a fhaigheann na sonraí, an cuspóir atá leis na sonraí a tharchur nó a chur ar fáil, an tréimhse ar lena linn a bheidh na sonraí le húsáid agus na bearta teicniúla cosanta agus eagraíochtúla a rinneadh, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh sonraí pearsanta nó rúin trádála i gceist. I gcás nach n-aontaíonn an sealbhóir sonraí le tarchur nó le cur ar fáil sonraí, féadfaidh sé gearán a dhéanamh leis an údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 den Bhallstát ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe.

*Airteagal 22*

*Cúnamh frithpháirteach agus comhar trasteorann*

1. Oibreoidh na comhlachtaí earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach agus comhlachtaí de chuid an Aontais le chéile agus cuideoidh siad le chéile an Chaibidil seo a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach.

2. Ní úsáidfear aon sonraí a malartaíodh i dtaca leis an gcúnamh a iarradh agus a cuireadh ar fáil de bhun mhír 1 ar bhealach atá ar neamhréir leis an gcuspóir dár iarradh iad.

3. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag comhlacht earnála poiblí sonraí a iarraidh ar shealbhóir sonraí atá bunaithe i mBallstát eile, tabharfaidh sé fógra ar dtús d’údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 sa Bhallstát sin, faoin rún sin. Beidh feidhm ag an gceanglas sin freisin maidir le hiarrataí ón gCoimisiún, an Banc Ceannais Eorpach agus chomhlachtaí an Aontais. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe, scrúdú ar an iarraidh.

4. Tar éis dó an iarraidh a scrúdú i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 17, déanfaidh an t-údarás inniúil ábhartha, gan moill mhíchuí, ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) an iarraidh a tharchur chuig an sealbhóir sonraí agus, más infheidhme, comhairle a chur ar an gcomhlacht earnála poiblí iarrthach, ar an gCoimisiún, ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar chomhlacht de chuid an Aontais maidir leis an ngá, más ann dó, le comhoibriú le comhlachtaí earnála poiblí an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe d’fhonn an t-ualach riaracháin ar an sealbhóir sonraí i gcomhlíonadh na hiarrata a laghdú.

(b) diúltú don iarraidh ar fhorais cuí-réasúnaithe, i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

Cuirfidh an comhlacht earnála poiblí iarrthach, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach agus an comhlacht de chuid an Aontais san áireamh comhairle an údaráis inniúil ábhartha agus na forais arna soláthar aige de bhun na chéad fhomhíre sula ndéanfaidh siad aon ghníomhaíocht bhreise amhail an iarraidh a chur isteach an athuair, i gcás inarb infheidhme.

# Caibidil VI
# Aistriú idir seirbhísí próiseála sonraí

*Airteagal 23*

*Deireadh a chur le bacainní ar mhalartú éifeachtach*

Déanfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 25, 26, 27, 29 agus 30 chun a chur ar chumas custaiméirí malartú chuig seirbhís próiseála sonraí, lena gcumhdaítear an cineál céanna seirbhíse, a sholáthraíonn soláthraí éagsúil seirbhísí próiseála sonraí nó, chuig bonneagar TFC san áitreabh, nó, i gcás inarb ábhartha, chun roinnt soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a úsáid ag an am céanna. Go háirithe, ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí bacainní, réamhthráchtála, tráchtála, teicniúla, conarthacha agus eagraíochtúla a fhorchur agus a bhaint, ar bacainní iad a chuireann bac ar chustaiméirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) conradh na seirbhíse próiseála sonraí a fhoirceannadh, tar éis na huastréimhse fógra agus bailchríoch rathúil a chur ar an bpróiseas malartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 25;

(b) conarthaí nua a thabhairt i gcrích le soláthraí eile seirbhísí próiseála sonraí a chumhdaíonn an cineál céanna seirbhíse;

(c) sonraí agus sócmhainní digiteacha in-onnmhairithe an chustaiméara a phortáil chuig soláthraí eile seirbhísí próiseála sonraí nó chuig bonneagar TFC san áitreabh, lena n-áirítear tar éis tairbhe a bhaint as tairiscint saor in aisce;

(d) i gcomhréir le hAirteagal 24, coibhéis fheidhmiúil a bhaint amach in úsáid na seirbhíse nua próiseála sonraí i dtimpeallacht TFC de chuid soláthraí éagsúil seirbhísí próiseála sonraí lena gcumhdaítear an cineál céanna seirbhíse.

(e) seirbhísí próiseála sonraí dá dtagraítear in Airteagal 30(1) a dhíchuachadh, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, ó sheirbhísí próiseála sonraí eile arna soláthar ag soláthraí seirbhísí próiseála sonraí.

*Airteagal 24*

*Raon feidhme na n-oibleagáidí teicniúla*

Ní bheidh feidhm ag freagrachtaí na soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a leagtar síos in Airteagail 23, 25, 29, 30 agus 34, ach amháin maidir leis na seirbhísí, conarthaí nó na cleachtais tráchtála a sholáthraíonn soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí.

*Airteagal 25*

*Téarmaí conarthacha a bhaineann le malartú éifeachtach*

1. Maidir le cearta an chustaiméara agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhísí próiseála sonraí i ndáil le malartú idir soláthraithe na seirbhísí sin nó, i gcás inarb infheidhme, chuig bonneagar TFC san áitreabh, leagfar amach go soiléir iad i gconradh i scríbhinn. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí an conradh sin ar fáil don chustaiméir sula síneofar an conradh ar bhealach a scaoileann leis an gcustaiméir an conradh a stóráil agus a atáirgeadh.

2. Gan dochar do Threoir (AE) 2019/770, áireofar sa chonradh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) clásail lena gceadaítear don chustaiméir, arna iarraidh sin dó, malartú chuig seirbhís próiseála sonraí a thairgeann soláthraí éagsúil seirbhísí próiseála sonraí nó na sonraí agus na sócmhainní digiteacha in-onnmhairithe uile a phortáil chuig bonneagar TFC san áitreabh, gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná an idirthréimhse uasta éigeantach 30 lá féilire, a thosófar tar éis na huastréimhse fógra dá dtagraítear i bpointe (d), ar lena linn a bhfuil an conradh seirbhíse fós infheidhme agus ar lena linn a dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí an méid seo a leanas:

(i) cúnamh réasúnach a sholáthar don chustaiméir agus do na tríú páirtithe atá údaraithe ag an gcustaiméir sa phróiseas malartaithe;

(ii) gníomhú le cúram cuí chun leanúnachas gnó a chothabháil, agus leanúint de na feidhmeanna nó na seirbhísí faoin gconradh a sholáthar;

(iii) faisnéis shoiléir a sholáthar maidir le rioscaí aitheanta do leanúnachas i soláthar na bhfeidhmeanna nó na seirbhísí ar thaobh sholáthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí;

(iv) a áirithiú go gcoinneofar ardleibhéal slándála le linn an phróisis malartaithe, go háirithe slándáil na sonraí le linn a n-aistrithe agus slándáil leanúnach na sonraí le linn na tréimhse aisghabhála a shonraítear i bpointe (g), i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

(b) oibleagáid ar sholáthraí na seirbhísí próiseála sonraí tacú le straitéis scoir an chustaiméara atá ábhartha do na seirbhísí atá ar conradh, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis ábhartha uile a sholáthar;

(c) clásal ina sonraítear go measfar an conradh a bheith foirceanta agus go dtabharfar fógra don chustaiméir faoin bhfoirceannadh, i gceann de na cásanna seo a leanas:

(i) i gcás inarb infheidhme, ar an bpróiseas malartaithe a thabhairt chun críche go rathúil;

(ii) i ndeireadh na huastréimhse fógra dá dtagraítear i mír (d), i gcás nach mian leis an gcustaiméir athrú ach a shonraí in-onnmhairithe agus sócmhainní digiteacha a scriosadh ar fhoirceannadh seirbhíse;

(d) uastréimhse fógra chun an próiseas malartaithe a thionscnamh, tréimhse nach faide ná dhá mhí;

(e) sonraíocht uileghabhálach ar na catagóirí uile sonraí agus sócmhainní feidhmchláir is féidir a phortáil le linn an phróisis malartaithe, lena n-áirítear, ar a laghad, na sonraí uile in-onnmhairithe;

(f) sonraíocht uileghabhálach ar chatagóirí sonraí a bhaineann go sonrach le feidhmiú inmheánach sheirbhís próiseála sonraí an tsoláthraí atá le díolmhú ó na sonraí in-onnmhairithe faoi phointe (e) den mhír seo i gcás ina bhfuil riosca ann go sárófar rúin trádála an tsoláthraí, ar choinníoll nach gcuireann díolúintí den sórt sin bac ná moill ar an bpróiseas aistrithe dá bhforáiltear in Airteagal 23, pointe (c);

(g) íostréimhse 30 lá féilire ar a laghad chun sonraí a aisghabháil, ag tosú tar éis fhoirceannadh na hidirthréimhse a comhaontaíodh idir an custaiméir agus an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí, i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo, agus mír 4;

(h) clásal lena ráthaítear léirscriosadh iomlán na sonraí in-onnmhairithe agus na sócmhainní digiteacha arna nginiúint go díreach ag an gcustaiméir, nó a bhaineann leis an gcustaiméir go díreach, tar éis dhul in éag na tréimhse aisghabhála dá dtagraítear i bpointe (g) nó tar éis dul in éag tréimhse chomhaontaithe mhalartach ar dháta is déanaí ná dáta éagtha na tréimhse aisghabhála dá dtagraítear i bpointe (g), ar choinníoll go bhfuil an próiseas malartaithe curtha i gcrích go rathúil;

(i) muirir mhalartaithe a fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 29.

3. Áireofar sa chonradh dá dtagraítear i mír 1, clásail lena bhforáiltear go bhféadfaidh an custaiméir fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí próiseála sonraí maidir lena chinneadh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh ar fhoirceannadh na huastréimhse fógra dá dtagraítear i mír 2, pointe (d):

(a) athrú chuig soláthraí éagsúil seirbhísí próiseála sonraí, agus sa chás sin soláthróidh an custaiméir na sonraí is gá maidir leis an soláthraí sin;

(b) mhalartú chuig bonneagar TFC san áitreabh;

(c) a shonraí in-onnmhairithe agus a shócmhainní digiteacha a scrios.

4. I gcás nach bhfuil an idirthréimhse uasta éigeantach dá bhforáiltear i mír 2, pointe (a) indéanta go teicniúil, tabharfaidh soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí fógra don chustaiméir laistigh de 14 lá oibre tar éis an iarraidh ar mhalartú a dhéanamh, agus tabharfaidh sé údar cuí don neamh-indéantacht theicniúil agus léireoidh sé idirthréimhse mhalartach, nach mbeidh níos faide ná 7 mí. I gcomhréir le mír 1, áiritheofar leanúnachas iomlán seirbhíse ar feadh na hidirthréimhse malartaí.

5. Gan dochar do mhír 4, áireofar sa chonradh dá dtagraítear i mír 1, clásail lena dtugtar an ceart don chustaiméir síneadh a chur leis an idirthréimhse uair amháin ar feadh tréimhse a mheasann an custaiméir a bheith níos iomchuí chun a chríocha féin.

*Airteagal 26*

*Oibleagáid faisnéise ar sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí*

Cuirfidh soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí an méid seo a leanas ar fáil don chustaiméir:

(a) faisnéis ar fáil maidir leis na nósanna imeachta atá ar fáil chun malartú agus portáil chuig an tseirbhís próiseála sonraí, lena n-áirítear faisnéis faoi na modhanna agus na formáidí malartaithe agus portála atá ar fáil chomh maith le srianta agus teorainneacha teicniúla is eol don soláthraí seirbhísí próiseála sonraí;

(b) tagairt do chlár ar líne atá cothrom le dáta arna óstáil ag na soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí, ina mbeidh sonraí faoi na struchtúir sonraí agus na formáidí sonraí uile chomh maith leis na caighdeáin ábhartha agus na sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte, ina bhfuil na sonraí in-onnmhairithe dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointe (e), ar fáil.

*Airteagal 27*

*Oibleagáid de mheon macánta*

Comhoibreoidh na páirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear soláthraithe cinn scríbe seirbhísí próiseála sonraí, de mheon macánta chun an próiseas malartaithe a dhéanamh éifeachtach, chun aistriú tráthúil na sonraí a chumasú agus chun leanúnachas na seirbhíse próiseála sonraí a choinneáil.

*Airteagal 28*

*Oibleagáidí trédhearcachta conarthacha maidir le rochtain idirnáisiúnta agus aistriú*

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar a suíomhanna gréasáin, agus coinneoidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta:

   (a) an dlínse a bhfuil an bonneagar TFC a imscartar chun sonraí a seirbhísí aonair a phróiseáil faoina réir;

   (b) cur síos ginearálta ar na bearta teicniúla, eagraíochtúla agus bearta conarthacha arna nglacadh ag an soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí chun cosc a chur ar rochtain rialtais idirnáisiúnta ar shonraí neamhphearsanta atá á sealbhú san Aontas nó ar aistriú na sonraí sin i gcás ina mbeadh rochtain nó aistriú den sórt sin ar neamhréir le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta an Bhallstáit ábhartha.

2. Déanfar na suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i mír 1 a liostú i gconarthaí le haghaidh na seirbhísí próiseála sonraí uile a thairgeann soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí.

*Airteagal 29*

*Muirir mhalartaithe a tharraingt siar de réir a chéile*

1. Ón ... [3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní ghearrfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí aon mhuirir mhalartaithe ar an gcustaiméir ar an bpróiseas malartaithe.

2. Ón ... [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí...[3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] féadfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí muirir mhalartaithe laghdaithe a fhorchur ar an gcustaiméir as an bpróiseas malartaithe.

3. Ní rachaidh na muirir mhalartaithe laghdaithe dá dtagraítear i mír 2 thar na costais a thabhaíonn an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí a bhfuil nasc díreach acu leis an bpróiseas malartaithe lena mbaineann.

4. Sula ndéanfaidh siad conradh le custaiméir, cuirfidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí faisnéis shoiléir ar fáil don chustaiméir ionchasach maidir leis na táillí caighdeánacha seirbhíse agus na pionóis luathfhoirceannta a d'fhéadfaí a fhorchur, chomh maith leis na muirir mhalartaithe laghdaithe a d'fhéadfaí a fhorchur le linn na tréimhse ama dá dtagraítear i mír 2.

5. I gcás inarb ábhartha, cuirfidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí faisnéis ar fáil do chustaiméir maidir le seirbhísí próiseála sonraí lena mbaineann malartú an-chasta nó an-chostasach nó seirbhísí a bhfuil sé dodhéanta aistriú ina leith gan cur isteach suntasach ar ailtireacht na sonraí, na sócmhainní digiteacha nó na seirbhíse.

6. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 ar fáil go poiblí do chustaiméirí trí roinn thiomnaithe dá suíomh gréasáin nó ar aon bhealach eile atá inrochtana go héasca.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shásra faireacháin a bhunú don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar mhuirir mhalartaithe, arna bhforchur ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí ar an margadh chun a áirithiú go ndéanfar na muirir mhalartaithe a tharraingt siar agus a laghdú, de bhun mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcomhréir leis na spriocdhátaí a leagtar síos sna míreanna sin.

*Airteagal 30*

*Gnéithe teicniúla an athraithe*

1. Maidir le soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a bhaineann le hacmhainní ríomhaireachta inscálaithe agus leaisteacha atá teoranta do ghnéithe bonneagair amhail freastalaithe, líonraí agus na hacmhainní fíorúla is gá chun an bonneagar a oibriú, ach nach soláthraíonn rochtain ar na seirbhísí oibriúcháin, ar bhogearraí agus ar fheidhmchláir a stóráiltear, a phróiseáiltear nó a úsáidtear ar bhealach eile ar na heilimintí bonneagair, i gcomhréir le hAirteagal 27, déanfaidh siad gach beart laistigh dá gcumhacht chun a éascú don chustaiméir, tar éis dó malartú chuig seirbhís lena gcumhdaítear an cineál céanna seirbhíse de ar fáil, go mbainfidh siad coibhéis fheidhmiúil amach in úsáid na seirbhíse próiseála sonraí cinn scríbe. Éascóidh soláthraí foinseach na seirbhísí próiseála sonraí an próiseas malartaithe trí chumais, faisnéis leormhaith, doiciméadacht, tacaíocht theicniúil agus, i gcás inarb iomchuí, na huirlisí is gá a sholáthar.

2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1, comhéadain oscailte ar fáil go cothrom dá gcustaiméirí uile agus do sholáthraithe cinn scríbe seirbhísí próiseála sonraí lena mbaineann saor in aisce chun an próiseas malartaithe a éascú. Áireofar sna comhéadain sin faisnéis leordhóthanach maidir leis an tseirbhís lena mbaineann chun gur féidir bogearraí a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh leis na seirbhísí, chun críocha iniomparthachta agus idir-inoibritheachta sonraí.

3. I gcás seirbhísí próiseála sonraí seachas na seirbhísí sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí comhoiriúnacht le sonraíochtaí coiteanna bunaithe ar shonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte nó caighdeáin chomhchuibhithe don idir-inoibritheacht 12 mhí ar a laghad tar éis na tagairtí do na sonraíochtaí coiteanna nó do na caighdeáin chomhchuibhithe sin maidir le hidir-inoibritheacht na seirbhísí próiseála sonraí sin a fhoilsiú i lárstóras um chaighdeáin an Aontais maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí tar éis fhoilsiú na ngníomhartha cur chun feidhme bunúsacha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 35(7).

4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí, seachas na seirbhísí sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an clár ar líne dá dtagraítear in Airteagal 26, pointe (b) a nuashonrú i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi mhír 3 den Airteagal seo.

5. I gcás malartaithe idir sheirbhísí den chineál céanna seirbhíse, nár foilsíodh sonraíochtaí coiteanna nó caighdeáin chomhchuibhithe don idir-inoibritheacht dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo i lárstóras um chaighdeáin an Aontais maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí i gcomhréir le hAirteagal 35(7), déanfaidh soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí, arna iarraidh sin don chustaiméir, na sonraí in-onnmhairithe uile a onnmhairiú i bhformáid atá struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá meaisín-inléite.

6. Ní cheanglófar ar sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí teicneolaíochtaí nó seirbhísí nua a fhorbairt, sonraí a nochtadh ná sócmhainní digiteacha atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla nó arb ionann iad agus rún ceirde a aistriú chuig custaiméir ná chuig soláthraí eile seirbhísí próiseála sonraí ná slándáil agus sláine seirbhíse an chustaiméara nó an tsoláthraí a chur i mbaol.

*Airteagal 31*

*Córas sonrach le haghaidh seirbhísí áirithe próiseála sonraí*

1. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 23, pointe (d), Airteagal 29 agus Airteagal 30(1) agus (3) maidir le seirbhísí próiseála sonraí ar saincheapadh formhór na bpríomhghnéithe díobh chun freastal ar riachtanais shonracha custaiméara aonair nó i gcás inar forbraíodh na comhpháirteanna uile chun críocha custaiméara aonair, agus i gcás nach dtairgtear na seirbhísí próiseála sonraí sin ar scála leathan tráchtála trí chatalóg seirbhíse sholáthraithe na seirbhísí próiseála sonraí.

2. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil seo maidir le seirbhísí próiseála sonraí a sholáthraítear mar leagan neamhtháirgthe chun críocha tástála agus meastóireachta agus ar feadh tréimhse teoranta ama.

3. Sula dtabharfar conradh i gcrích maidir le soláthar na seirbhísí próiseála sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo, cuirfidh soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí an custaiméir ionchasach ar an eolas faoi oibleagáidí na Caibidle seo nach bhfuil feidhm acu maidir leis.

## Caibidil VII
## Rochtain rialtasach idirnáisiúnta neamhdhleathach agus aistriú sonraí neamhphearsanta

*Airteagal 32*

*Rochtain rialtasach idirnáisiúnta agus aistriú*

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí na bearta leordhóthanacha teicniúla, eagraíochtúla agus dlíthiúla uile, lena n-áirítear conarthaí, chun cosc a chur ar rochtain agus aistriú rialtais idirnáisiúnta nó tríú tír ar shonraí neamhphearsanta atá á sealbhú san Aontas i gcás ina mbeadh rochtain nó aistriú den sórt sin ar neamhréir le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta an Bhallstáit ábhartha, gan dochar do mhír 2 nó 3.

2. Aon chinneadh nó breithiúnas cúirte tríú thír nó binse agus aon chinneadh ó údarás riaracháin tríú tíre a cheanglaíonn ar sholáthraí seirbhísí próiseála sonraí aistriú ó shonraí neamhphearsanta san Aontas nó na sonraí neamhphearsanta sin a nochtadh laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, ní aithneofar é ná ní bheidh sé in-fhorfheidhmithe ar aon bhealach ach amháin má tá sé bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, amhail conradh i ndáil le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach, atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas nó aon chomhaontú mar sin idir an tríú tír iarrthach agus Ballstát.

3. In éagmais comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 2, i gcás inarb é comhlacht rochtana sonraí sláinte, úsáideoirí sonraí seolaí cinnidh nó breithiúnais ó chúirt nó ó bhinse thríú tír nó cinnidh ó údarás riaracháin tríú tír chun sonraí neamhphearsanta atá á sealbhú san Aontas a aistriú nó rochtain orthu a thabhairt laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, agus más rud é, dá gcomhlíonfaí an cinneadh sin, go mbeadh an seolaí ar neamhréir le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta an Bhallstáit ábhartha, ní dhéanfaidh an t-údarás sin na sonraí sin a aistriú nó rochtain orthu a thabhairt ach amháin más fíor an méid seo a leanas, agus sa chás sin amháin:

(a) ceanglaítear leis an gcóras tríú tír go leagfar amach cúiseanna agus comhréireacht an chinnidh nó an bhreithiúnais sin, agus go gceanglaítear leis gur de chineál sonrach an cinneadh nó an breithiúnas sin, mar shampla trí nasc leordhóthanach a bhunú le daoine áirithe a bhfuil amhras fúthu nó trí sháruithe áirithe;

(b) tá agóid réasúnaithe an tseolaí faoi réir athbhreithniú ag cúirt inniúil tríú tír nó ag binse inniúil tríú tír; agus

(c) tugtar de chumhacht don chúirt inniúil tríú tír nó don bhinse inniúil tríú tír a eisíonn an cinneadh nó an breithiúnas nó a dhéanann athbhreithniú ar chinneadh údaráis riaracháin, faoi dhlí an tríú tír sin, aird chuí a thabhairt ar leasanna ábhartha dlí sholáthraí na sonraí a chosnaítear faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit ábhartha.

Féadfaidh seolaí an chinnidh nó an bhreithiúnais tuairim a iarraidh ar an gcomhlacht nó ar an údarás náisiúnta ábhartha atá inniúil ar chomhar idirnáisiúnta in ábhair dhlíthiúla, chun a chinneadh an bhfuil na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír á gcomhlíonadh, go háirithe nuair a mheasann sé go bhféadfadh baint a bheith ag an gcinneadh le rúin ceirde agus le sonraí eile atá íogair ó thaobh na tráchtála de chomh maith le hinneachar a chosnaítear le cearta maoine intleachtúla nó leis an aistriú. Féadfaidh an comhlacht náisiúnta ábhartha nó an t-údarás náisiúnta ábhartha dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Má mheasann an seolaí go bhféadfadh an cinneadh nó an breithiúnas cur isteach ar leasanna slándála nó cosanta náisiúnta an Aontais nó a Bhallstát, iarrfaidh sé tuairim an chomhlachta náisiúnta ábhartha nó an údaráis inniúil náisiúnta a bhfuil an inniúlacht ábhartha acu chun a chinneadh an mbaineann na sonraí arna n-iarraidh le leasanna slándála nó cosanta náisiúnta an Aontais nó a Bhallstát. Mura mbeidh freagra faighte ag an seolaí laistigh de mhí amháin, nó más é conclúid na tuairime ón gcomhlacht nó ón údarás sin nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír á gcomhlíonadh, féadfaidh an seolaí an iarraidh ar aistriú nó ar rochtain ar shonraí neamhphearsanta a dhiúltú ar na forais sin.

Tabharfaidh an Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 42 den Rialachán seo, comhairle agus cúnamh don Choimisiún i ndáil le treoirlínte a fhorbairt maidir le measúnú a dhéanamh maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo.

4. Má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 nó i mír 3, soláthróidh soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí an t-íosmhéid sonraí is incheadaithe mar fhreagairt ar iarraidh, ar bhonn léirmhíniú réasúnta an tsoláthraí nó an chomhlachta nó an údaráis náisiúnta ábhartha dá dtagraítear i mír 3, an dara fomhír, ar an iarraidh sin.

5. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí an custaiméir ar an eolas gurb ann d’iarraidh ó údarás tríú tír rochtain a fháil ar a chuid sonraí sula gcomhlíonfaidh sé an iarraidh sin, seachas i gcásanna ina bhfónann an iarraidh chun críocha fhorghníomhú an dlí agus a fhad is gá sin chun éifeachtacht na gníomhaíochta forghníomhaithe dlí a chaomhnú.

# Caibidil VIII

# Idir-inoibritheacht

*Airteagal 33*

*Ceanglais bhunriachtanacha maidir le hidir-inoibritheacht sonraí, sásraí comhroinnte sonraí agus seirbhísí chomh maith le spásanna coiteanna Eorpacha sonraí*

1. Rannpháirtithe i spásanna sonraí a thairgeann sonraí nó seirbhísí sonraí do rannpháirtithe eile, comhlíonfaidh siad na ceanglais bhunriachtanacha seo a leanas chun idir-inoibritheacht sonraí, sásraí agus seirbhísí comhroinnte sonraí, chomh maith le spásanna coiteanna Eorpacha sonraí a éascú, ar creataí idir-inoibritheacht sainchuspóireacha nó earnála nó trasearnála do chaighdeáin agus do chleachtais choiteanna iad chun sonraí a chomhroinnt nó a phróiseáil go comhpháirteach chun, *inter alia*, táirgí agus seirbhísí nua, taighde eolaíoch nó tionscnaimh na sochaí sibhialta a fhorbairt:

   (a) I gcás inarb infheidhme, déanfar tuairisc leordhóthanach ar inneachar an tacair sonraí, ar shrianta úsáide, ar cheadúnais, ar mhodheolaíocht bailithe sonraí, ar cháilíocht agus ar neamhchinnteacht sonraí i bhformáid mheaisín-inléite ionas go mbeidh an faighteoir in ann na sonraí a aimsiú, a rochtain agus a úsáid;

   (b) I gcás go mbeidh fáil orthu, déanfar tuairisc ar struchtúir sonraí, formáidí sonraí, stóir focal, scéimeanna aicmithe, tacsanomaíochtaí agus códliostaí ar bhealach comhsheasmhach atá ar fáil go poiblí;

(c) déanfar tuairisc leordhóthanach ar na modhanna teicniúla chun rochtain a fháil ar na sonraí, amhail comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár, mar aon lena dtéarmaí úsáide agus cáilíocht a seirbhíse le gur féidir sonraí a rochtain agus a tharchur go huathoibríoch idir páirtithe, lena n-áirítear go leanúnach, in oll-íoslódáil, nó i bhfíor-am, i bhformáid mheaisín-inléite i gcás ina bhfuil sé sin indéanta go teicniúil agus nach gcuireann sé isteach ar dhea-fheidhmiú an táirge nasctha;

(d) i gcás inarb infheidhme, soláthrófar na modhanna chun idir-inoibritheacht uirlisí a chumasú chun feidhmiú comhaontuithe comhroinnte sonraí a uathoibriú, amhail conarthaí cliste.

D'fhéadfadh cineál cineálach a bheith ag baint leis na ceanglais sin nó d'fhéadfadh baint a bheith acu le hearnálacha ar leith, agus an t-idirghaol le ceanglais a thagann ó dhlí eile de chuid an Aontais nó ó dhlí náisiúnta á gcur san áireamh go hiomlán.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 45 den Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a shonrú tuilleadh, i ndáil leis na ceanglais sin nach féidir, de bharr a gcineáil, an éifeacht bheartaithe a bheith acu mura ndéanfar iad a shonrú tuilleadh i ngníomhartha dlí ceangailteacha de chuid an Aontais agus chun forbairtí teicneolaíocha agus margaidh a léiriú i gceart.

Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, cuirfidh an Coimisiún comhairle EDIB i gcomhréir le hAirteagal 42, pointe (c)(iii) san áireamh.

3. Measfar go bhfuil rannpháirtithe i spásanna sonraí a thairgeann sonraí nó seirbhísí sonraí do rannpháirtithe eile i spásanna sonraí a chomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna díobh, agus a bhfuil a dtagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir leis na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin choimhchuibhithe sin nó le codanna díobh.

4. Iarrfaidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú a chomhlíonann na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo.

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh lena gcumhdófar aon cheann nó gach ceann de na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú lena gcomhlíontar na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo agus:

(i) nár glacadh leis an iarraidh;

(ii) nach ndéantar na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar aghaidh ar an iarraidh sin a sheachadadh laistigh den spriocdháta a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; nó

(iii) nach gcomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe an iarraidh; agus

(b) nach bhfuil aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 agus nach meastar go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(2).

6. Sula n-ullmhóidh sé dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ar an eolas go measann sé go bhfuil na coinníollacha i mír 5 den Airteagal seo comhlíonta.

7. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme á ullmhú dá dtagraítear i mír 5, cuirfidh an Coimisiún san áireamh comhairle EDIB agus tuairimí comhlachtaí nó grúpaí saineolaithe ábhartha eile agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

8. Na rannpháirtithe i spásanna sonraí a thairgeann sonraí nó seirbhísí sonraí do rannpháirtithe eile i spásanna sonraí a chomhlíonann na sonraíochtaí coiteanna a bhunaítear leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 nó codanna díobh, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin le sonraíochtaí coiteanna den sórt sin nó le codanna díobh.

9. I gcás ina nglacfaidh eagraíocht Eorpach um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe agus ina molfaidh sí don Choimisiún chun críche a thagairt a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcaighdeán comhchuibhithe i gcomhréir le Rialachán (AE)1025/2012. I gcás ina bhfoilseofar tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* aisghairfidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, nó codanna díobh a chumhdaíonn na ceanglais bhunriachtanacha chéanna a chumhdaítear leis an gcaighdeán comhchuibhithe sin.

10. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 ina n-iomláine, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin trí mhíniú mionsonraithe a thíolacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an míniú mionsonraithe sin agus féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist a leasú.

11. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh agus an togra ó EDIB á chur san áireamh aige i gcomhréir le hAirteagal 30, pointe (h), de Rialachán (AE) 2022/868 lena leagtar síos creataí idir-inoibritheacha do chaighdeáin agus cleachtais choiteanna maidir le feidhmiú spásanna coiteanna sonraí Eorpacha.

*Airteagal 34*

*Idir-inoibritheacht chun úsáid chomhthreomhar a bhaint as seirbhísí próiseála sonraí*

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23, Airteagal 24, Airteagal 25(2)), pointí (a)(ii),(a)(iv), (e) agus (f) agus Airteagal 30(2) go (5) freisin maidir le soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí chun idir-inoibritheacht a éascú chun úsáid chomhthreomhar a bhaint as seirbhísí próiseála sonraí.

2. I gcás ina bhfuil seirbhís próiseála sonraí á úsáid go comhuaineach le seirbhís próiseála sonraí eile, ní fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí muirir imeachta sonraí a fhorchur, ach amháin chun costais imeachta sonraí a tabhaíodh a chur ar aghaidh, gan dul thar chostais den sórt sin.

*Airteagal 35*

*Idir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí*

1. Maidir le sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte agus caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh idir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí:

   (a) bainfear amach leo, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, coibhéis fheidhmiúil idir seirbhísí próiseála sonraí éagsúla lena gcumhdaítear an cineál céanna seirbhíse;

   (b) cuirfear feabhas leo ar iniomparthacht sócmhainní digiteacha idir seirbhísí próiseála sonraí éagsúla a chumhdaíonn an cineál céanna seirbhíse;

   (c) éascófar leo, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, coibhéis fheidhmiúil idir seirbhísí próiseála sonraí éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 30(1) lena gcumhdaítear an cineál céanna seirbhíse;

(d) ní dhéanfar leo dochar do shlándáil ná do shláine seirbhísí próiseála sonraí agus sonraí;

(e) beidh siad deartha ar bhealach a fhágann go bhféadfar dul chun cinn teicniúil a dhéanamh agus feidhmeanna nua agus nuálaíocht a chur san áireamh i seirbhísí próiseála sonraí.

2. Maidir le sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte agus caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh idir-inoibritheacht na seirbhísí próiseála sonraí, tabharfar leo aghaidh leordhóthanach ar an méid seo a leanas:

(a) gnéithe néal-idir-inoibritheachta na h-idir-inoibritheachta iompair, na h-idir-inoibritheachta comhréirí, na h-idir-inoibritheachta sonraíséimeantacha, na h-idir-inoibritheachta iompraíochta agus na h-idir-inoibritheachta beartas;

(b) gnéithe iniomparthachta sonraí néil na hiniomparthachta comhréirí sonraí, na hiniomparthachta sonraí séimeantachaagus na hiniomparthachta beartais sonraí;

(c) gnéithe feidhmchláir néil na hiniomparthachta comhréirí feidhmchláir, na hiniomparthachta treorach feidhmchláir, na hiniomparthachta meiteashonraí feidhmchláir, na hiniomparthachta iompraíochta feidhmchláir agus na hiniomparthachta beartais feidhmchláir.

3. Comhlíonfaidh sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

4. Tar éis caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta agus Eorpacha agus tionscnaimh féinrialála ábhartha á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, a iarraidh ar cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú lena gcomhlíontar na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh bunaithe ar shonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte lena gcumhdófar na ceanglais bhunriachtanacha uile a leagtar síos i míreanna 1 agus 2.

6. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo á ullmhú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tuairimí na n-údarás inniúil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 37(5), pointe (h) agus tuairimí comhlachtaí nó grúpaí saineolaithe ábhartha eile agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

7. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 ina n-iomláine, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin trí mhíniú mionsonraithe a thíolacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an míniú mionsonraithe sin agus féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist a leasú.

8. Chun críche Airteagal 30(3), foilseoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe agus do shonraíochtaí coiteanna i gcomhair idir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí i lárstóras um chaighdeáin de chuid an Aontais maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí.

9. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(2).

*Airteagal 36*

*Ceanglais bhunriachtanacha maidir le conarthaí cliste chun socruithe chomhroinnte sonraí a fhorghníomhú*

1. Díoltóir feidhmchláir a úsáideann conarthaí cliste nó, ina éagmais sin, an duine a mbaineann a cheird nó a ceird, a ghnó nó a gnó nó a ghairm nó a gairm le conarthaí cliste le haghaidh daoine eile a chur in úsáid i gcomhthéacs comhaontú maidir le sonraí a chur ar fáil, nó cuid den chomhaontú sin, a fhorghníomhú, áiritheoidh sé nó sí go ndéanfar, leis na conarthaí cliste sin, na ceanglais bhunriachtanacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) stóinseacht agus rialú rochtana, chun a áirithiú go bhfuil an conradh cliste deartha chun sásraí rialaithe rochtana agus leibhéal an-ard stóinseachta a thairiscint chun earráidí feidhmiúla a sheachaint agus chun ionramháil ag tríú páirtithe a sheasamh;

(b) foirceannadh agus briseadh sábháilte, chun a áirithiú go bhfuil sásra ann chun deireadh a chur le forghníomhú leanúnach na n-idirbheart agus go n-áirítear sa chonradh cliste feidhmeanna inmheánacha lenar féidir an conradh a athshocrú nó a threorú chun an oibríocht a stopadh nó a bhriseadh, go háirithe chun forghníomhú tionóisceach amach anseo a sheachaint;

(c) cartlannú agus leanúnachas sonraí chun a áirithiú go mbeidh féidearthacht ann, in imthosca inar gá conradh cliste a fhoirceannadh nó a dhíghníomhachtú, na sonraí idirbhirt, an loighice agus cód chonartha chliste a chartlannú chun taifead a choinneáil ar na hoibríochtaí a rinneadh ar na sonraí san am a chuaigh thart (in-iniúchóireacht);

(d) rialú rochtana, chun a áirithiú go ndéantar conradh cliste a chosaint trí bhíthin sásraí rialaithe rochtana diana ag na sraitheanna rialachais agus ag na sraitheanna conartha cliste; agus

(e) comhsheasmhacht, chun comhsheasmhacht a áirithiú le téarmaí an chomhaontaithe comhroinnte sonraí a chuirtear i gcrích leis an gconradh cliste.

2. Díoltóir conartha chliste nó, ina éagmais sin, an duine a mbaineann a cheird, a ghnó nó a ghairm le conarthaí cliste le haghaidh daoine eile a chur in úsáid i gcomhthéacs comhaontú maidir le sonraí a chur ar fáil, nó cuid den chomhaontú sin, a fhorghníomhú, déanfaidh sé measúnú comhréireachta d'fhonn na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh agus, ar chomhlíonadh na gceanglas sin, eiseoidh sé dearbhú comhréireachta AE.

3. Tríd an dearbhú comhréireachta AE a tharraingt suas, maidir leis an díoltóir feidhmchláir a úsáideann conarthaí cliste nó, ina éagmais sin, an duine a mbaineann a cheird, a ghnó nó a ghairm le conarthaí cliste le haghaidh daoine eile a chur in úsáid i gcomhthéacs comhaontú maidir le sonraí a chur ar fáil, nó cuid den chomhaontú sin, a fhorghníomhú, beidh sé freagrach as na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh.

4. Toimhdeofar conradh cliste lena gcomhlíontar na caighdeáin chomhchuibhithe nó na codanna ábhartha díobh a bhfuil a dtagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a bheith i gcomhréir leis na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin le caighdeáin chomhchuibhithe den sórt sin nó le codanna díobh.

5. Iarrfaidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó d’eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú lena gcomhlíontar na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo.

6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh lena gcumhdófar aon cheann nó gach ceann de na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú lena gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo agus;

(i) nár glacadh leis an iarraidh;

(ii) nach ndéantar na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar aghaidh ar an iarraidh sin a sheachadadh laistigh den spriocdháta a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; nó

(iii) nach gcomhlíontar na caighdeáin chomhchuibhithe an iarraidh; agus

(b) nach bhfuil aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 agus ní mheastar go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(2).

7. Sula n-ullmhóidh sé dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ar an eolas go measann sé go bhfuil na coinníollacha i mír 6 den Airteagal seo comhlíonta.

8. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 á ullmhú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh comhairle EDIB agus tuairimí comhlachtaí nó grúpaí saineolaithe ábhartha eile agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

9. Maidir le díoltóir conartha chliste nó, ina éagmais sin, an duine a mbaineann a cheird nó a ceird, a ghnó nó a gnó nó a ghairm nó a gairm le conarthaí cliste a imscaradh do dhaoine eile i gcomhthéacs comhaontuithe maidir le sonraí a chur ar fáil, nó cuid den chomhaontú sin, a fhorghníomhú, lena gcomhlíontar na sonraíochtaí arna mbunú le gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 nó le codanna díobh, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin le sonraíochtaí coiteanna den sórt sin nó le codanna díobh.

10. I gcás ina nglacfaidh eagraíocht Eorpach um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe agus ina molfaidh sí é don Choimisiún chun a thagairt a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcaighdeán comhchuibhithe i gcomhréir le Rialachán (AE)1025/2012. I gcás ina bhfoilseofar tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* aisghairfidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, nó codanna díobh lena gcumhdaítear na ceanglais bhunriachtanacha chéanna a chumhdaítear leis an gcaighdeán comhchuibhithe sin.

11. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar síos i mír 1 ina n-iomláine, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin trí mhíniú mionsonraithe a thíolacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an míniú mionsonraithe sin agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist a leasú.

# Caibidil IX
# Cur chun feidhme agus forfheidhmiú

*Airteagal 37*

*Údaráis inniúla agus comhordaitheoirí sonraí*

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó chun bheidh freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú (údaráis inniúla). Féadfaidh na Ballstáit údarás nua amháin nó níos mó a bhunú nó brath ar na húdaráis atá ann cheana.

2. I gcás ina n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin, ainmneoidh sé comhordaitheoir sonraí as measc na n-údarás sin chun comhar idir na húdaráis inniúla a éascú agus chun cúnamh a thabhairt d'eintitis faoi raon feidhme an Rialacháin seo maidir le gach ábhar a bhaineann lena chur i bhfeidhm agus lena fhorfheidhmiú. Comhoibreoidh údaráis inniúla le chéile, i bhfeidhmiú na gcúraimí agus na gcumhachtaí a shanntar dóibh faoi mhír 5.

3. Beidh na húdaráis mhaoirseachta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Caibidlí VI agus VII de Rialachán (AE) 2016/679.

   Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann sé leis an gCoimisiún, leis an mBanc Ceannais Eorpach nó le comhlachtaí an Aontais. I gcás inarb ábhartha, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725. Déanfar cúraimí agus cumhachtaí na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear sa mhír seo a fheidhmiú i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta.

4. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo:

   (a) i gcás saincheisteanna maidir le rochtain ar shonraí sonracha earnála agus úsáid sonraí sonracha earnálacha a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar inniúlacht na n-údarás earnála a urramú;

(b) beidh taithí i réimse na sonraí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí ag an údarás inniúil atá freagrach as Airteagail 23 go 31 agus Airteagal 34 agus Airteagal 35 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cúraimí agus cumhachtaí na n-údarás inniúil a shainmhíniú go soiléir agus go n-áireofar orthu:

(a) feasacht agus litearthacht sonraí a chur chun cinn i measc úsáideoirí agus i measc eintitis a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí faoin Rialachán seo;

(b) gearáin a láimhseáil a eascraíonn as sáruithe líomhnaithe ar an Rialacháin seo, lena n-áirítear maidir le rúin trádála, agus, a mhéid is iomchuí, ábhar na ngearán a imscrúdú agus gearánaigh a chur ar an eolas go tráthrialta, i gcás inarb ábhartha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, maidir leis an dul chun cinn agus maidir le toradh an imscrúdaithe laistigh de thréimhse réasúnta, go háirithe más gá imscrúdú breise a dhéanamh nó más gá comhordú a dhéanamh le húdarás inniúil eile;

(c) imscrúduithe a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear ar bhonn faisnéis a fuarthas ó údarás inniúil eile nó ó údarás poiblí eile;

(d) pionóis airgeadais éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur, a bhféadfadh pionóis thréimhsiúla agus pionóis lena ngabhann éifeacht chúlghabhálach a bheith ar áireamh orthu, nó imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh i leith fíneálacha a fhorchur;

(e) faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíocha agus forbairtí tráchtála ábhartha atá ábhartha maidir le sonraí a chur ar fáil agus a úsáid;

(f) oibriú i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus, i gcás inarb ábhartha, leis an gCoimisiún nó le EDIB, chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus éifeachtúil an Rialacháin seo a áirithiú, lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha uile a mhalartú trí mheán leictreonach, gan moill mhíchuí, lena n-áirítear maidir le mír 10 den Airteagal seo;

(g) oibriú i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha atá freagrach as gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais nó gníomhartha dlí náisiúnta a chur chun feidhme, lena n-áirítear le húdaráis atá inniúil i réimse na sonraí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí, leis an údarás maoirseachta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 nó le húdaráis earnála chun a áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach le dlíthe eile an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.;

(h) oibriú i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha uile chun a áirithiú go bhforfheidhmítear Airteagail 23 go 31agus Airteagail 34 agus 35 go comhsheasmhach le dlí an Aontais agus leis an bhféinrialáil is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí.

(i) a áirithiú go dtarraingítear siar muirir mhalartaithe i gcomhréir le hAirteagal 29;

(j) scrúdú a dhéanamh ar na hiarrataí ar shonraí arna ndéanamh de bhun Chaibidil V.

I gcás ina n-ainmnítear é, éascóidh an comhordaitheoir sonraí an comhar dá dtagraítear i bpointí (f), (g) agus (h) den chéad fhomhír agus tabharfaidh sé nó sí cúnamh do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh.

6. Déanfaidh an comhordaitheoir sonraí, i gcás inar ainmníodh údarás inniúil den sórt sin, an méid seo a leanas:

(a) gníomhú mar an pointe teagmhála aonair le haghaidh gach saincheist a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(b) a áirithiú go mbeidh fáil ar líne ag an bpobal ar iarrataí chun sonraí a chur ar fáil arna ndéanamh ag comhlachtaí earnála poiblí i gcás riachtanas eisceachtúil faoi Chaibidil V agus comhaontuithe a chur chun cinn maidir le comhroinnt sonraí idir comhlachtaí earnála poiblí agus sealbhóirí sonraí;

(c) an Coimisiún a chur ar an eolas, ar bhonn bliantúil, faoi na diúltaithe ar tugadh fógra fúthu faoi Airteagal 4(2) agus (8) agus Airteagal 5(11).

7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi ainmneacha na n-údarás inniúil agus faoina gcúraimí agus a gcumhachtaí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm an chomhordaitheora sonraí. Coimeádfaidh an Coimisiún clár poiblí de na húdaráis sin.

8. Agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh na húdaráis inniúla fós neamhchlaonta agus saor ó aon tionchar seachtrach, bíodh sé díreach nó indíreach, agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha le haghaidh cásanna aonair ó aon údarás poiblí eile ná ó aon pháirtí príobháideach.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar acmhainní daonna agus teicniúla leordhóthanacha agus an saineolas ábhartha do na húdaráis inniúla chun a gcuid cúraimí a dhéanamh go héifeachtach i gcomhréir leis an Rialachán seo.

10. Beidh eintitis a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir inniúlacht an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe. I gcás ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe i níos mó ná Ballstát amháin, measfar é a bheith faoi inniúlacht an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht aige, is é sin, áit a bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe ag an eintiteas óna ndéantar na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil a fheidhmiú.

11. Aon eintiteas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a chuireann táirgí nasctha nó seirbhísí gaolmhara ar fáil san Aontas, agus nach bhfuil bunaithe san Aontas, ainmneoidh sé ionadaí dlíthiúil i gceann de na Ballstáit.

12. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, tabharfaidh eintiteas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chuireann táirgí nasctha ar fáil nó a thairgeann seirbhísí gaolmhara san Aontas sainordú d'ionadaí dlíthiúil a bpléifidh údaráis inniúla leis sa bhreis ar an eintiteas féin nó ina ionad maidir le gach saincheist a bhaineann leis an eintiteas sin. Oibreoidh an t-ionadaí dlíthiúil sin i gcomhar leis na húdaráis inniúla agus léireoidh sé go cuimsitheach dóibh, arna iarraidh sin, na gníomhaíochtaí arna ndéanamh agus na forálacha arna gcur i bhfeidhm ag an eintiteas, a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a chuireann táirgí nasctha ar fáil nó a thairgeann seirbhísí gaolmhara san Aontas chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

13. Eintiteas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a chuireann táirgí nasctha nó seirbhísí gaolmhara ar fáil san Aontas, measfar é a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil lonnaithe. Déanfaidh an t-eintiteas sin ionadaí dlíthiúil a ainmniú gan dochar d'aon dliteanas nó d'aon chaingean dlí a d'fhéadfaí a thionscnamh i gcoinne eintiteas den sórt sin. Go dtí go n-ainmneoidh eintiteas ionadaí dlíthiúil i gcomhréir leis an Airteagal seo, beidh sé faoi inniúlacht na mBallstát uile, i gcás inarb infheidhme, chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo a áirithiú. Féadfaidh aon údarás inniúil a inniúlacht a fheidhmiú, lena n-áirítear trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur, ar choinníoll nach mbeidh an t-eintiteas faoi réir imeachtaí forfheidhmiúcháin faoin Rialachán seo maidir leis na fíorais chéanna ag údarás inniúil eile.

14. Beidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla gach faisnéis is gá a iarraidh ar úsáideoirí, ar shealbhóirí sonraí nó ar fhaighteoirí sonraí, nó ar a n-ionadaithe dlíthiúla, a thagann faoi inniúlacht a mBallstáit, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a fhíorú. Beidh aon iarraidh ar fhaisnéis comhréireach le feidhmiú an bhunchúraim agus beidh sí réasúnaithe.

15. I gcás ina n-iarrann údarás inniúil i mBallstát amháin cúnamh nó bearta forfheidhmiúcháin ó údarás inniúil i mBallstát eile, déanfaidh sé iarraidh réasúnaithe a thíolacadh. Tabharfaidh údarás inniúil, tar éis dó an iarraidh sin a fháil, freagra ina sonrófar na gníomhaíochtaí a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh, gan moill mhíchuí.

16. Urramóidh údaráis inniúla prionsabail na rúndachta agus na sicréideachta gairmiúla agus tráchtála agus cosnóidh siad sonraí pearsanta i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Ní úsáidfear aon fhaisnéis a malartaíodh i gcomhthéacs iarraidh ar chúnamh agus a cuireadh ar fáil de bhun an Airteagail seo ach amháin i ndáil leis an ábhar dár iarradh í.

*Airteagal 38*

*Ceart chun gearán a dhéanamh*

1. Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha gearán a dhéanamh, ina n-aonar nó, i gcás inarb ábhartha, i dteannta a chéile, leis an údarás inniúil ábhartha sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu, ina bhfuil a n-ionad oibre nó a n-áit bhunaithe má mheasann siad gur sáraíodh a gcearta faoin Rialachán seo. Déanfaidh an comhordaitheoir sonraí, arna iarraidh sin, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha chun a ngearáin a dhéanamh leis an údarás inniúil iomchuí.

2. Cuirfidh an t-údarás inniúil ar taisceadh an gearán leis an gearánach ar an eolas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, maidir le dul chun cinn na n-imeachtaí agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh.

3. Oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar chun gearáin a láimhseáil agus a réiteach go héifeachtach agus ar bhealach tráthúil, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis ábhartha uile a mhalartú trí mheán leictreonach, gan moill mhíchuí. Ní dhéanfaidh an comhar seo difear don sásraí comhair dá bhforáiltear i gCaibidlí VI agus VII de Rialachán (AE) 2016/679 agus le Rialachán (AE) 2017/2394.

*Airteagal 39*

*Ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach*

1. D'ainneoin aon leigheas riaracháin nó aon leigheas neamhbhreithiúnach eile, beidh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá ndéantar difear an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i ndáil le cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a dhéanann údaráis inniúla.

2. I gcás ina dteipeann ar údarás inniúil gníomhú i ndáil le gearán, beidh an ceart ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá ndéantar difear, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil nó rochtain a fháil ar athbhreithniú ag comhlacht neamhchlaonta a bhfuil an saineolas iomchuí aige.

3. Déanfar imeachtaí de bhun an Airteagail seo a thabhairt os comhair chúirteanna nó bhinsí Bhallstát an údaráis inniúil a bhfuil an leigheas breithiúnach á lorg ina choinne, ar bhonn aonair nó, i gcás inarb ábhartha, i dteannta a chéile, ag ionadaithe duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó.

*Airteagal 40*

*Pionóis*

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Déanfaidh na Ballstáit, faoin ... [20 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear dóibh. Déanfaidh an Coimisiún nuashonrú tráthrialta agus cothabháil tráthrialta ar chlár poiblí, a mbeidh rochtain éasca air, de na bearta sin.

3. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh na moltaí ó EDIB agus na critéir neamh-uileghabhálacha seo a leanas maidir le pionóis a fhorchur i leith sáruithe ar an Rialachán seo:

(a) cineál, tromchúis, scála agus fad an tsáraithe;

(b) aon ghníomhaíocht a rinne an páirtí sáraitheach chun an damáiste a rinne an sárú a mhaolú nó a leigheas;

(c) aon sáruithe a rinne an páirtí sáraitheach roimhe sin;

(d) na sochair airgeadais a ghnóthaigh an páirtí sáraitheach, nó na caillteanais a sheachain sé de bharr an tsáraithe, a mhéid is féidir na sochair nó na caillteanais sin a shuí go hiontaofa;

(e) aon toisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme i leith imthosca an cháis;

(f) láimhdeachas bliantúil an pháirtí sháraithigh sa bhliain airgeadais roimhe sin san Aontas.

4. Maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidlí II, III agus V den Rialachán seo, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta atá freagrach as cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679, laistigh de raon feidhme a n-inniúlachta, fíneálacha riaracháin a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) 2016/679 agus suas leis an méid dá dtagraítear in Airteagal 83(5) den Rialachán sin.

5. Maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil V den Rialachán seo, féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, laistigh de raon feidhme a inniúlachta, fíneálacha riaracháin a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán (AE) 2018/1725, agus suas leis an méid dá dtagraítear in Airteagal 66(3) den Rialachán sin.

*Airteagal 41*

*Téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus clásail chonarthacha chaighdeánacha*

Déanfaidh an Coimisiún, roimh an ... [20 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], téarmaí conarthacha eiseamláireacha neamhcheangailteacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a fhorbairt agus a mholadh, lena n-áirítear téarmaí maidir le cúiteamh réasúnta agus cosaint rún trádála, agus clásail chonarthacha chaighdeánacha neamhcheangailteacha le haghaidh conarthaí néalríomhaireachta chun cabhrú le páirtithe conarthaí a dhréachtú agus a chaibidil ina bhfuil cearta agus oibleagáidí cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.

*Airteagal 42*

*Ról EDIB*

Tacóidh EDIB arna bhunú ag an gCoimisiún mar shainghrúpa de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2022/868, ina ndéanfar ionadaíocht d'údaráis inniúla, le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le cleachtas comhsheasmhach a fhorbairt d'údaráis inniúla i bhforfheidhmiú Chaibidlí II, III, V agus VII;

(b) comhar idir údaráis inniúla a éascú trí fhothú acmhainneachta agus malartú faisnéise, go háirithe trí mhodhanna a bhunú chun faisnéis a mhalartú go héifeachtúil a bhaineann le forfheidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí faoi Chaibidlí II, III agus V i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear comhordú maidir le pionóis a shocrú;

(c) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

(i) cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar go ndréachtófaí caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 33(4), Airteagal 35(4) agus Airteagal 36(5);

(ii) ullmhú na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 33(5), Airteagal 35(5) agus (8) agus Airteagal 36(6);

(iii) ullmhú na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 29(7) agus Airteagal 33(2); agus

(iv) glacadh na dtreoirlínte lena leagtar síos creataí idir-inoibritheacha do chaighdeáin agus cleachtais choiteanna maidir le feidhmiú spásanna coiteanna Eorpacha sonraí dá dtagraítear in Airteagal 33(11).

## Caibidil X
## Ceart *sui generis* faoi Threoir 96/9/CE

*Airteagal 43*

*Bunachair sonraí ina bhfuil sonraí áirithe*

Ní bheidh feidhm ag an gceart *sui generis* dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 96/9/CE nuair a fhaightear sonraí ó tháirge nasctha nó ó sheirbhís ghaolmhar nó a ghintear le táirge nasctha nó seirbhís ghaolmhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, go háirithe maidir le hAirteagail 4 agus 5 de.

## Caibidil XI
## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 44*

*Gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena rialaítear cearta agus oibleagáidí maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí*

1. Ní dhéanfar difear do na hoibleagáidí sonracha maidir le sonraí a chur ar fáil idir gnólachtaí, idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, agus ar bhonn eisceachtúil idir gnólachtaí agus údaráis phoiblí, i ngníomhartha dlí an Aontais a tháinig i bhfeidhm an ...[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], nó roimhe sin, agus gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme dá mbun.

2. Ní dochar an Rialachán seo do dhlí an Aontais lena sonraítear, i bhfianaise riachtanais earnála, spás coiteann sonraí Eorpach, nó réimse ar mhaithe le leas an phobail, ceanglais bhreise, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gnéithe teicniúla a bhaineann le rochtain ar shonraí;

(b) teorainneacha ar chearta sealbhóirí sonraí chun rochtain a fháil ar shonraí áirithe arna soláthar ag úsáideoirí, nó chun na sonraí sin a úsáid;

(c) gnéithe a théann thar rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí.

3. Ní dochar an Rialachán seo, cé is moite de Chaibidil V, do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta lena bhforáiltear do rochtain ar shonraí agus lena n-údaraítear iad a úsáid ar mhaithe le cuspóirí taighde eolaíoch.

*Airteagal 45*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29(7) agus Airteagal 33(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 29(7) agus Airteagal 33(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó dáta níos faide anonn a shonraítear ann. Ní dhéanfar leis difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 29(7) nó Airteagal 33(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 46*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/868 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 47*

*Leasú ar Rialachán (AE) 2017/2394*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2394, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘29. Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L...)[+].’

*Airteagal 48*

*Leasú ar Threoir (AE) 2020/1828*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2020/1828, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘68. Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L...)[+].’

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 49/23 (2022/0047(COD)).

*Airteagal 49*

*Meastóireacht agus athbhreithniú*

1. Faoin … [56 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle, agus faoi bhráid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Sa mheastóireacht sin, déanfar measúnú ar an méid seo a leanas go háirithe:

   (a) cásanna a mheasfar a bheith ina staideanna ina bhfuil riachtanas eisceachtúil chun críoch Airteagal 15 den Rialachán seo agus chun Caibidil V den Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcleachtas, go háirithe an taithí maidir le cur i bhfeidhm Chaibidil V den Rialachán seo ag comhlachtaí earnála poiblí, ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag comhlachtaí de chuid an Aontais; líon agus toradh na n-imeachtaí arna dtabhairt don údarás inniúil faoi Airteagal 18(5) maidir le cur i bhfeidhm Chaibidil V den Rialachán seo, arna dtuairisciú ag na húdaráis inniúla; tionchar oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta chun iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis a chomhlíonadh; tionchar sásraí deonacha um chomhroinnt sonraí, amhail na sásraí sin arna gcur i bhfeidhm ag eagraíochtaí altrúchais ó thaobh sonraí de a aithnítear faoi Rialachán (AE) 2022/868, maidir le cuspóirí Chaibidil V den Rialachán seo a bhaint amach, agus ról na sonraí pearsanta i gcomhthéacs Airteagal 15 den Rialachán seo, lena n-áirítear éabhlóid na dteicneolaíochtaí chun príobháideachas a fheabhsú;

(b) tionchar an Rialacháin seo ar úsáid sonraí sa gheilleagar, lena n-áirítear ar nuálaíocht sonraí, ar chleachtais um luach airgid a chur ar shonraí agus ar sheirbhísí idirghabhála sonraí, chomh maith le comhroinnt sonraí laistigh de na spásanna coiteanna Eorpacha sonraí;

(c) inrochtaineacht agus úsáid catagóirí agus cineálacha éagsúla sonraí;

(d) catagóirí áirithe fiontar a eisiamh mar thairbhithe faoi Airteagal 5;

(e) easpa aon tionchair ar chearta maoine intleachtúla;

(f) an tionchar ar rúin trádála, lena n-áirítear ar an gcosaint ar iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach, chomh maith le tionchar an tsásra lena gceadaítear don sealbhóir sonraí diúltú d'iarraidh an úsáideora faoi Airteagal 4(8) agus Airteagal 5(11), agus aon athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/943, á chur san áireamh, a mhéid is féidir;

(g) an bhfuil an liosta de théarmaí conarthacha éagóracha dá dtagraítear in Airteagal 13 cothrom le dáta i bhfianaise cleachtais nua ghnó agus luas tapa na nuálaíochta margaidh;

(h) athruithe ar chleachtais chonarthacha soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí agus cé acu is leor nó nach leor an méid sin chun Airteagal 25 a chomhlíonadh;

(i) an laghdú ar mhuirir arna bhforchur ag soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí don phróiseas malartaithe, i gcomhréir le muirir mhalartaithe a tharraingt siar de réir a chéile de bhun Airteagal 29;

(j) idirghníomhú an Rialacháin seo le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais atá ábhartha don gheilleagar sonraí;

(k) rochtain rialtais neamhdhleathach ar shonraí neamhphearsanta a chosc;

(l) éifeachtúlacht an chórais forfheidhmiúcháin a cheanglaítear faoi Airteagal 37;

(m) tionchar an Rialacháin seo ar FBManna i ndáil lena n-acmhainneacht nuálaíochta agus le hinfhaighteacht seirbhísí próiseála sonraí d'úsáideoirí san Aontas agus an t-ualach a bhaineann le hoibleagáidí nua a chomhlíonadh.

2. Faoin … [56 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle, agus faoi bhráid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfar measúnú sa mheastóireacht sin ar thionchar Airteagail 23 go 31 agus Airteagal 34 agus Airteagal 35, go háirithe maidir le praghsáil agus éagsúlacht na seirbhísí próiseála sonraí a thairgtear laistigh den Aontas, le béim ar leith ar sholáthraithe ar FBManna iad.

3. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a ullmhú.

4. Ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an Rialachán seo a leasú.

*Airteagal 50*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ...[20 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag an oibleagáid a eascraíonn as Airteagal 3(1) maidir le táirgí nasctha agus na seirbhísí a bhaineann leo agus a chuirtear ar an margadh tar éis an ... [32 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Ní bheidh feidhm ag Caibidil III ach amháin maidir le hoibleagáidí chun sonraí a chur ar fáil faoi dhlí an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta a glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, a thiocfaidh i bhfeidhm amhail ón ... [20 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin].

Beidh feidhm ag Caibidil IV maidir le conarthaí a thabharfar i gcrích tar éis an ... [20 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag Caibidil IV ón ... [44 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích an ... [20 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] nó roimhe ar choinníoll:

(a) gur conarthaí tréimhse éiginnte iad; nó

(b) go mbeidh siad le dul in éag tar éis ar a laghad 10 mbliana ón ... [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |